Tionól Réigiúnach an Deiscirt

Southern Regional Assembly

Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Réigiún an Deiscirt

Tuarascáil Monatóireachta Dhá Bhliain



2022-2024

Meán Fómhair 2024

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach

Co-funded by the European Union

Clár na nÁbhar

Teachtaireacht ón gCathaoirleach 3

Teachtaireacht an Stiúrthóra 4

Brollach 5

Achoimre Feidhmiúcháin 5

Comhoibriú Náisiúnta agus Réigiúnach 6

Réigiún Inmharthana 7

Réigiún Cruthaitheach agus Nuálach 8

Réigiún Glas 9

Conclúid 10

Dul chun cinn ar Phríomhchumasóirí 12

Moltaí 14

1.0. Réamhrá agus comhthéacs reachtach 16

1.1. Ceanglas maidir le Tuarascáil Monatóireachta 17

1.2. Struchtúr na Tuarascála 17

1.3. Ról Thionól Réigiúnach an Deiscirt 18

1.4. Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE) 19

1.5. An Chéad Tuarascáil Monatóireachta 22

1.6. Athbhreithniú CNMI ar Thuarascálacha Monatóireachta ar Straitéisí Réigiúnacha agus Eacnamaíocha 23

1.7. Staidéar ábhartha eile le déanaí 24

1.8 Conclúid 25

2.0. Comhoibriú Náisiúnta agus Réigiúnach 26

2.1. Clár Cur chun Feidhme an SRSE 27

3.0. Réigiún Inmharthana 40

3.1. Ráitis Straitéise 41

3.2. Anailís ar threochtaí le déanaí a rinne TRD 45

3.3. Pleananna Straitéiseacha na gCeantar Cathrach - Próifíl na gCeantar Cathrach 52

3.4. Príomhbhailte 65

3.5. Bailte agus Sráidbhailte agus Ceantair Thuaithe 80

3.6. Infheistíocht sa Bhonneagar i Réigiún an Deiscirt 82
3.7. Cultúr, Oidhreacht agus Ealaíona- Ceantair Ghaeltachta 87
4.0. Réigiún Cruthaitheach agus Nuálach 88
4.1. Straitéis Eacnamaíoch SRSE 89
4.2. An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFFF) 95
4.3. Nascacht Dhigiteach 99
4.4. Speisialtóireacht Chliste 100
4.5. Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh 100
4.6. Forbairt Tuaithe 101
4.7. Talmhaíocht agus Éagsúlacht sa Gheilleagar Tuaithe 102
4.8. Bithgheilleagar 103
4.9. Sócmhainní Muirí agus Cósta 103
4.10. Turasóireacht 104
5.0. Réigiún Glas 106
5.1. Réamhrá 107
5.2. Anailís ar threochtaí le déanaí a rinne TRD 107
5.3. Tionscnaimh Náisiúnta 110
5.4. Straitéisí Iompar na gCeantar Cathrach 110
5.5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Dícharbónú 112
5.6. Fuinneamh In-athnuaite 113
5.7. Dícharbónú san Earnáil Talmhaíochta 115
5.8. Geilleagar Ciorclach 115
5.9. Bithéagsúlacht 116
5.10. Caighdeán an Aeir 116
5.11. Torann 116
6.0. Conclúidí agus Moltaí 117
6.1. Conclúidí 118
6.2. Dul chun cinn ar Phríomhchumasóirí 119
6.3. Moltaí 122
6.4. Na Chéad Chéimeanna Eile 123

Aguisíní 124
Aguisín 1: Aighneachtaí a Fuarthas ó Chomhlachtaí Poiblí agus Údaráis Áitiúla 125
Aguisín 2: Liosta na gCuspóirí Beartais Réigiúnacha (CBRanna) 127
Aguisín 3: Aighneachtaí a rinne TRD in 2022 agus in 2023 134

Teachtaireacht ón gCathaoirleach



Thar ceann chomhaltaí an Tionóil Réigiúnaigh, tá áthas orm an dara Tuarascáil Monatóireachta maidir le cur chun feidhme na Straitéise Réigiúnaí Spásúla agus Eacnamaíochta (SRSE) do Réigiún an Deiscirt a chur i láthair.

Léirítear agus tugtar chun suntais sa Tuarascáil Monatóireachta seo na hiarrachtaí suntasacha a rinneadh chun beartais agus cuspóirí an SRSE a chur chun feidhme ar fud an Réigiúin ó foilsíodh an SRSE i mí Eanáir 2020 agus léirítear inti go háirithe an obair fhairsing atá déanta chun an SRSE a sholáthar ar fud an Réigiúin le dhá bhliain anuas.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ar fud an réigiúin maidir le cuspóirí an SRSE a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí phríomheagraíochtaí na hearnála poiblí. Bhí ról ríthábhachtach ag gach ceann de na deich n-údarás áitiúla sa Réigiún trína bPleananna Forbartha Contae agus Cathrach chun ailíniú beartas a bhaint amach idir an Creat Náisiúnta Pleanála, SRSE agus beartas áitiúil anois. Chomh maith leis sin, d'ullmhaigh go leor acu Pleananna Ceantair Áitiúil do Phríomhbhailte agus a bPleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEPanna). Ar an leibhéal náisiúnta, tá fianaise ann ar mhórinfheistíocht sa Réigiún trí Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit chun tacú leis na príomhchuspóirí, mar aon le mórthionscnaimh arna ndéanadh ag an Tionól Réigiúnach. Tá sé tábhachtach a admháil, áfach, go bhfuil dúshláin an-suntasach fós ann maidir leis an athrú a theastaíonn faoi Thionscadal Éireann 2040 a bhaint amach agus tarraingítear aird orthu sin sa Tuarascáil. Le heisiúint sonraí tábhachtacha ó Dhaonáireamh 2022 agus foinsí eile, tá anailís mhionsonraithe sa Tuarascáil maidir leis an dóigh atá an Réigiún ag feidhmiú sa chomhthéacs náisiúnta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ó na hÚdaráis Áitiúla dá ndéantar ionadaíocht ar an Tionól, a thacaigh leis an SRSE agus a chinntigh gur soláthraíodh é. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na hÚdaráis Áitiúla, na Ranna Rialtais, agus na gníomhaireachtaí, as a dtacaíocht don Tionól Réigiúnach agus as a gcúnamh leis an tuarascáil seo a ullmhú. Táim buíoch chomh maith d'fhoireann an Tionóil Réigiúnaigh as a gcuid oibre crua, as an tiomantas agus an tacaíocht a chuir siad ar fáil le linn an ama sin. Tugtar cuntas sa Tuarascáil ar an dul chun cinn suntasach atá déanta ach tarraingítear aird inti freisin ar na tascanna atá romhainn nach mór aghaidh a thabhairt orthu ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Tugann an Tionól Réigiúnach tús áite d'aird a tharraingt ar na dúshláin sin agus aghaidh a thabhairt orthu le hathbhreithniú an Chreata Pleanála Náisiúnta agus athbhreithniú an SRSE atá le teacht. Táim ag tnúth le bheith ag obair le CNMI, an Rialtas, Údaráis Áitiúla, agus na páirtithe leasmhara ábhartha go léir agus muid ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin sin le chéile.



Garret Kelleher
Cathaoirleach

Teachtaireacht an Stiúrthóra



Leagtar amach sa dara Tuarascáil Monatóireachta seo don Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta (SRSE) do Réigiún an Deiscirt an dul chun cinn atá déanta maidir lena cuspóirí foriomlána a bhaint amach le dhá bhliain anuas.

Ó tháinig an SRSE i bhfeidhm i mí Eanáir 2020 tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le cuspóirí an SRSE a bhaint amach thar na trí théama – "Inmharthana", "Cruthaitheach agus Nuálach" agus "Glas". Tá cur chun feidhme éifeachtach an SRSE ríthábhachtach chun an t-athrú bunathraitheach a bhaint amach mar atá leagtha amach i dTionscadal Éireann 2040 agus sa Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP) chun soláthar a dhéanamh d'fhás inbhuanaithe an Réigiúin. Ní raibh sé sin chomh tábhachtach riamh agus muid ag féachaint le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin spáis, shochaíocha, eacnamaíocha agus chomhshaoil is práinní in Éirinn. Tá fás inbhuanaithe ár Réigiúin, idir thuaithe agus uirbeach, lena n-áirítear fás ár dtrí chathair, Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge ríthábhachtach chun an t-athrú struchtúrach ar fud an Réigiúin a bhaint amach. Ullmhaíodh an Tuarascáil seo de réir Alt 25A den Acht um Pleanáil agus Forbairt agus leagtar béim inti ar na príomhthionscnaimh a ghlac an Tionól Réigiúnach chun an obair sin a chur chun cinn ar fud an Réigiúin agus ar ról ríthábhachtach na Ranna Rialtais, na nÚdarás Áitiúil agus na ngníomhaireachtaí agus na gcomhlachtaí poiblí maidir leis an gcuspóir coiteann le haghaidh forbairt réigiúnach chothromaithe agus forbairt inbhuanaithe i Réigiún an Deiscirt.

Leagtar amach sa Tuarascáil an dul chun cinn iontach atá déanta, agus rinneadh go leor de ón Tuarascáil Monatóireachta deiridh agus leagtar amach cur chun feidhme an SRSE, lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus torthaí sonracha, thar na trí théama. Tarraingítear aird inti go sonrach ar an dul chun cinn atá déanta ag údaráis áitiúla, comhlachtaí poiblí agus a ngníomhaireachtaí, agus ag an Tionól Réigiúnach féin, maidir le chur chun feidhme an SRSE. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Príomhfheidhmeannaigh na nÚdarás Áitiúil, lena bhfoireann agus leis na comhlachtaí agus gníomhaireachtaí poiblí go léir a chuidiú leis an Tuarascáil seo a sholáthar.

Tugann sé deis freisin chun machnamh a dhéanamh agus smaoineamh ar réimsí a bhfuil ag éirí go maith leo agus ar réimsí ar gá breithniú tuilleadh orthu. Dá bhrí sin, tá roinnt moltaí chun feabhas a chur a sholáthar an SRSE, agus ar an CNP agus chun tacú leo curtha ar aghaidh lena mbreithniú ag CNMI. Agus an t-athbhreithniú ar an CNP faoi bhealach bheadh dóchas agam gur féidir go leor díobh sin a chur san áireamh chun soláthar a neartú agus a fheabhsú.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí tofa as a dtiomantas leanúnach agus a dtacaíocht d'obair an Tionóil agus do chur chun feidhme an SRSE, agus le foireann an Tionóil as an obair thiomanta atá déanta acu go dtí seo agus as a dtiomantas leanúnach maidir leis an athbhreithniú ar an SRSE sna blianta atá le teacht a sholáthar agus ullmhú dó.



David Kelly
Stiúrthóir

Brollach

Tháinig *Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta do Réigiún an Deiscirt (SRSE)* i bhfeidhm an 31 Eanáir 2020. Is é sin an dara tuarascáil monatóireachta a ullmhaíodh, ina leagtar amach an dul chun cinn a rinneadh thar an dá bhliain ón 31 Eanáir 2022 go dtí an 31 Eanáir 2024 thar 3 théama - *Réigiún Cruthaitheach agus Nuálach, Glas agus Inmharthana*. Déantar monatóireacht inti freisin maidir le hathrú bunathraitheach a bhaint amach inár ról mar chuid de *Thionscadal Éireann 2040* lena n-áirítear an *Creat Náisiúnta Pleanála (CNP)* chun soláthar a dhéanamh d'fhás inbhuanaithe an Réigiúin.

Ullmhaíodh an Tuarascáil seo de réir Alt 25A den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus leagtar béim inti ar na príomhthionscnaimh a ghlac an Tionól Réigiúnach chun an obair sin a chur chun cinn ar fud an Réigiúin agus ar ról ríthábhachtach na Ranna Rialtais, na nÚdarás Áitiúil agus na ngníomhaireachtaí agus na gcomhlachtaí poiblí maidir leis an gcuspóir coiteann le haghaidh forbairt réigiúnach chothromaithe agus forbairt inbhuanaithe i Réigiún an Deiscirt.

Cuirfear an Tuarascáil faoi bhráid an Choiste Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) mar aon lenár moltaí maidir le cá háit ar féidir, le gníomhaíocht agus le hinfheistíocht, feabhas a chur ar bhaint amach chuspóirí an SRSE nó cuidiú le bacainní ar an dul chun cinn atá aitheanta againn a shárú.

Achoimre Feidhmiúcháin

Is é seo an dara Tuarascáil Monatóireachta a ullmhaíodh chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na *Straitéise Réigiúnaí Spásúla agus Eacnamaíochta (SRSE)* do



Fíor 1 | Ráitis Straitéise SRSE

Réigiún an Deiscirt, a tháinig i bhfeidhm an 31 Eanáir 2020. Leagtar amach inti an dul chun cinn a rinneadh thar an dá bhliain ón 31 Eanáir 2022 go dtí an 31 Eanáir 2024. Féachtar inti ar na príomhthionscnaimh agus ar na príomhghníomhaíochtaí atá déanta ag an Tionól Réigiúnach é féin agus i gcomhar le comhlachtaí náisiúnta agus áitiúla eile, chomh maith leis an obair atá déanta ag comhlachtaí poiblí agus údaráis áitiúla sa Réigiún chun tacú le cur chun feidhme chuspóirí an SRSE. Príomhghné den tuarascáil seo is ea taighde agus anailís ar shonraí ó fhoinsí amhail *Daonáireamh 2022*, a chuidíonn le monatóireacht a dhéanamh ar bhuntreochtaí agus ar fheidhmíocht. Cuirfear an tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) a fhéadfaidh moltaí a dhéanamh don Aire i ndiaidh í a bhreithniú maidir le bearta ábhartha chun tacú tuilleadh le cur chun feidhme an SRSE.

Go ginearálta, leanann an Tuarascáil struchtúr na chéad Tuarascála Monatóireachta, ina leagtar amach an dul chun cinn ar chur chun feidhme chuspóirí an SRSE thar na 3 théama seo a leanas:

- Réigiún Inmharthana;
- Réigiún Cruthaitheach agus Nuálach;
- Réigiún Glas.

Is é príomhfhócas sa tuarascáil measúnú a dhéanamh ar thorthaí faoi na 11 *Ráiteas Straitéise SRSE*, atá laistigh d'ordlathas na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) de chuid na *Náisiún Aontaithe* agus na 10 *dToradh Straitéiseacha Náisiúnta* (TSNanna) sa *Chreat Náisiúnta Pleanála* (CNP).

Comhoibriú Náisiúnta agus Réigiúnach

Dírítear sa chuid seo den tuarascáil ar chlár um chur chun feidhme an SRSE agus cuimsítear inti go leor den obair a raibh baint ag an TRD féin léi, ag díriú ar *Chuspóirí Beartais Réigiúnacha* (CBRanna) gníomhaíocht-dhírithe. I measc na ngníomhaíochtaí sin bhí: rannpháirtíocht i gcomhairliúcháin náisiúnta agus áitiúla, beartas agus taighde, rannpháirtíocht le coistí stiúrtha éagsúla, agus comhthionscadail leis na Tionóil Réigiúnacha eile.

Rinneadh dul chun cinn láidir i réimsí amhail:

- Iarrachtaí chun baint amach spriocanna an CNP/SRSE do Réigiún an Deiscirt a mheasúnú agus a chur chun cinn lena n-áirítear athbhreithniú ar acmhainn struchtúr réigiúnach an CNP a sholáthar, critíc a dhéanamh ar an mbonn struchtúrach lena gcuirtear taca faoi infheistíocht agus rannpháirtíocht leis an nGrúpa Saineolaithe ar Athbhreithniú an CNP, Fóram Comhairleach Pleanála an CNP, Údaráis Áitiúla agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁÓ) ar an gceist sin;
- Táscairí Réigiúnacha a Fhorbairt agus Monatóireacht;
- Straitéis Iompair an SRSE a chur chun cinn agus rannpháirtíocht sa Phlean um *Shoghluaisteacht Inbhuanaithe Náisiúnta* agus é a sholáthar:
- An tionscnamh um Réigiún Foghlama a Fhorbairt, lena n-áirítear foilsiú an doiciméid *I dTreo Réigiún Foghlama*;
- Comhordú agus scaipeadh Réigiúnach i réimse an Bhonneagair Ghoirm agus Ghlais (BGI) agus Réitigh Dhúlrabhunaithe (NBS), lena n-áirítear Líonra Réigiúnach BGI agus NBS a fhorbairt.

I measc na réimsí ina bhfuil dul chun cinn measartha déanta tá:

- Struchtúir do *Phlean Straitéiseach Ceantair Cathrach* (MASP) a bhunú;
- Comhoibriú idir Ceantair Chathrach Chorcaí, Luimnigh-na Sionainne, Phort Láirge agus na Gaillimhe;
- Straitéis Aerfoirt a fhorbairt don Réigiún.

I measc na réimsí nach bhfuil an dul chun cinn chomh rathúil agus a rabhthas ag súil leis tá:

- Dícharbónú Réigiúnach;
- Straitéis Réigiúnach Tírdhreacha a Fhorbairt;
- Monatóireacht um Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MSC).

Réigiún Inmharthana

Sa chuid seo den Tuarascáil, dírítear ar ghníomhaíochtaí cur chun feidhme a dhéanann comhlachtaí poiblí agus údaráis áitiúla faoin téama *Réigiún Inmharthana* i Straitéis an SRSE. Tacaíonn *Réigiún Inmharthana* an SRSE le *pobail agus áiteanna inbhuanaithe agus cuimsitheacha, rud a chuireann feabhas ar ár gcaighdeán beatha agus an mealltacht réigiúnach*. Le heisiúint sonraí tábhachtacha ó *Dhaonáireamh 2022* agus foinsí eile atá ar fáil, tá anailís ar fheidhmíocht an Réigiúin sa réimse sin san áireamh freisin. Soláthraítear fócas sonrach ann ar threochtaí agus ar thionscadail ar tugadh fúthu sna 3 Chathair agus sna 14 phríomhbhaile sa Réigiún.

I measc cuid de na príomhphointí deara tá:

- Rinneadh ailíniú suntasach idir creat an bheartais pleanála ar na leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus glacadh gach Plean Forbartha Údaráis Áitiúil le linn na tréimhse monatóireachta;
- Tá údaráis áitiúla i mbun roinnt Pleananna Ceantair Áitiúil (lena n-áirítear Pleananna Iompair Áitiúla) a ullmhú do go leor de na Príomhbhailte sa Réigiún. Tá creatphleananna agus máistirphleananna á n-ullmhú freisin chun forbairt athghiniúna nó réimsí nua forbartha a threorú amach anseo;
- Ó anailís a rinneadh ar an bhfás daonra, soláthar tithíochta agus infheistíocht i mbonneagar sa Réigiún, thángthas ar léargas suimiúil lenar cuireadh bonn eolais faoi aighneacht TRD don dréacht-athbhreithniú ar an CNP agus lena soláthrófar fócas le haghaidh plé agus a chuirfear isteach in Athbhreithniú an SRSE. Is léir, mar shampla, nach bhfuil infheistíocht phleanáilte i mbonneagar faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) ag teacht go hiomlán le cuspóirí foriomlána an CNP maidir le forbairt réigiúnach chothromaithe (féach Físor 2 thíos ar infheistíocht bheartaithe PFN per capita). Chomh maith leis sin, cé go raibh an fás daonra ba láidre i Réigiúin Bhaile Átha Cliath agus an Oirthir/Limistéir Pleanála Straitéisí le linn na tréimhse idirdhaonáirimh, níor tháinig méadú ar an soláthar tithíochta a mhéad céanna ar aon dul leis an méadú daonra i gceantair amhail Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge (féach Físor 3 ar mhéadú ar an stoc tithíochta i gcomparáid le méadú daonra thíos).



Físor 2 | Infheistíocht Phleanáilte an PFN – Measúnú Per Capita de réir Réigiúin agus Ceantar Cathrach



Fíor 3 | Méadú ar an Stoc Tithíochta agus Méadú Daonra na nÚdarás Áitiúil Cathrach 2016 go 2022 (Foinse: Daonáireamh 2022)

Réigiún Cruthaitheach agus Nuálach

Dírítear sa chuid seo ar ghníomhaíochtaí cur chun feidhme a dhéanann comhlachtaí poiblí agus údaráis áitiúla faoin téama *Réigiún Cruthaitheach agus Nuálach* agus anailís a rinne TRD ar phríomhshonraí ar threochtaí eacnamaíocha sa Réigiún. Is é is aidhm do *Réigiún Cruthaitheach agus Nuálach an áit a bhfásann ár ngeilleagar agus ár bpobail le chéile trí nuálaíocht agus scileanna ár ndaoine agus nascacht ardchaighdeán.*

I measc cuid de na príomhphointí deara tá:

- Bhí an méadú ar fhostaíocht a chonacthas sa Réigiún sa tréimhse idirdhaonáirimh ag teacht leis an treocht náisiúnta fhoriomlán agus an méadú a chonacthas Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre ag 16%. Léiríodh laghdú níos moille ag 15% i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair;
- Do Chathracha agus do Phríomhbhailte an Réigiúin: Is é Corcaigh an t-ionad fostaíochta is mó sa Réigiún le 113,067 post. Léiríodh an méadú ab airde ar an bhfostaíocht i bPort Láirge agus Luimneach ag 14% agus 12% faoi seach, rud a thagann leis an méadú i mBaile Átha Cliath (13%). Tá sé sin i gcodarsnacht le fás daonra agus soláthar tithíochta, a léirigh ráta fáis i bhfad ní b'ísle sna cathracha réigiúnacha i gcomparáid le Baile Átha Cliath. Tá thart ar 100,000 le chéile fostaithe i bPríomhbhailte an Réigiúin, 4% den chion náisiúnta. Mar sin féin, bhí ráta méadaithe ní b'ísle ar líon iomlán na bpost ó 2016 go 2022 sna Príomhbhailte ag 7%;
- I gcomhthéacs an geilleagar agus pobail tuaithe sa Réigiún a neartú, sholáthair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail clár suntasach infheistíochta forbartha tuaithe lena n-áirítear an Ciste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe, an Clár LEADER, an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, an Scéim um Bonneagar Fóillíochta Lasmuigh agus an Clár CLÁR.

Réigiún	Líon Iomlán Fostaithe	Athrú 2016 - 2022	% den Sciar Fostaithe	% de Sciar Fostaithe
Stát	2,320,297	16%	-	-
An Deisceart	749,745	16%	32%	33%
An tOirthear agus an Lár Tíre	1,180,014	16%	51%	49%
An Tuaisceart agus an tIarthar	390,538	15%	17%	18%

Tábla 1 | Fostaíocht in Éirinn (2022) de réir an Réigiúin (Foinse@ Daonáireamh 2022)

Lonnaíocht	Líon Iomlán na bPost	Athrú 2016 - 2022	% den Sciar Fostaithe	% de Sciar Fostaithe
Corcaigh	113,067	11%	5%	4%
Luimneach	49,871	12%	2%	2%
Port Láirge	27,704	14%	1%	1%
Príomhbhailte in TRD	99,688	7%	4%	5%
Baile Átha Cliath	577,835	13%	25%	25%

Tábla 2 | Líon na bPost laistigh de Chathracha agus de Phríomhbhailte (Foinse: Daonáireamh 2022)

Réigiún Glas

Dírítear sa chuid seo ar ghníomhaíochtaí cur chun feidhme a dhéanann comhlachtaí poiblí agus údaráis áitiúla faoin téama *Réigiún Glas* i Straitéis an SRSE. Is é is aidhm leis go gcothóidh an Réigiún sochaí ísealcharbóin, inbhuanaithe a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de bunaithe ar fhorbairt phleanáilte, bunaithe ar bhonneagar agus ar shoghluaisteacht inbhuanaithe. Le hanailís ar threochtaí, soláthraítear príomhfhócas na caibidle seo freisin.

I measc cuid de na príomhphointí deara tá:

- I gcion módach taistil chun na hoibre, an choláiste nó na scoile, níor léiríodh aon athrú suntasach ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach idir 2016 agus 2022, agus bhí laghduithe beaga (< 1%) i gceist leis an gcion le haghaidh taisteal gníomhach agus iompar poiblí araon, agus méadú beag ar an gcion le haghaidh feithiclí príobháideacha. I gcomparáid leis an bpróifíl náisiúnta, léirigh Réigiún an Deiscirt leibhéil ní b'airde de spleáchas ar charranna agus leibhéil ní b'ísle de thaisteal gníomhach agus iompar poiblí in 2022. Nuair a dhéantar é a mheas i gcoinne spriocanna um chion módach le haghaidh 2030 mar atá leagtha amach *i bPlean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024*, leagtar béim ar an mórdhúshlán atá roimh an Réigiún maidir le patrúin iompair níos inbhuanaithe a bhaint amach;
- Áirítear le roinnt gníomhaíochtaí cur chun feidhme glacadh *3 Straitéis Iompair Ceantair Cathrach* do Chorcaigh, do Luimneach-an tSionainn agus do Phort Láirge, agus le dul chun cinn an tionscadail BusConnects cuirfear feabhas ar sheirbhísí bus i gcathracha na hÉireann;
- Tá údaráis áitiúla i mbun roinnt gníomhaíochtaí freisin i réimse an Ghníomhaithe ar son na hAeráide agus an Dícharbónaithe, lena n-áirítear *Pleananna nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú*

ar son na hAeráide a ullmhú.

- Rinne an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) dul chun cinn maidir le forbairt thogra an *Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe ar an gCósta Theas* (DMAP) lena n-áirítear limistéar geografach molta amach ón gcósta theas ina bhféadfaidh fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a fhorbairt amach anseo.



Fíor 4 | Cion Módach Taistil chun na hOibre, an Choláiste nó na Scoile 2022 (Foinse: Daonáireamh 2022)

Conclúid

I gcomhthéacs chur chun feidhme iomlán an SRSE sa tréimhse mhonatóireachta, is léir go raibh ailíniú suntasach beartais ann idir na leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla bunaithe ar an CNP agus an SRSE, go háirithe nuair a glacadh na Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach le linn na tréimhse sin agus nuair a tosaíodh agus a glacadh na Pleananna Ceantair Áitiúil do chuid de na Príomhbhailte agus ullmhú na bPleananna Iompair Áitiúil mar chuid den phróiseas sin. Rinne comhlachtaí poiblí infheistíocht shuntasach sa Réigiún chomh maith faoi *Thionscadal Éireann 2040*, lena n-áirítear trí shásraí maoiniúcháin amhail an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) agus an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF). Is léir, áfach, nach leor an méid a leanann maoiniú beartas agus ceannach isteach don CNP agus a chuspóirí ó roinnt ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí chun cuspóirí an CNP maidir le forbairt réigiúnach chothromaithe a bhaint amach. Is léir freisin nach bhfuil monatóireacht leordhóthanach á déanamh ar an leibhéal náisiúnta ar chur chun feidhme chuspóirí foriomlána an CNP agus ar an dóigh a bhfuil maoiniú á dháileadh. Dá bhrí sin, breathnaíodh sa Tuarascáil Monatóireachta seo ar chuid de na saincheisteanna sin, agus meastar go mbeadh sé níos oiriúnaí aghaidh a thabhairt orthu mar chuid de phróiseas an CNP. Táthar ag súil go mbeidh an t-athbhreithniú ar an CNP ina dheis chun tionchar a imirt ar an bplé ar roinnt de na réimsí sin lena mbaineann ábhar imní.

Áirítear iad seo a leanas le cuid de na Príomhchonclúidí ón tuarascáil seo:

- Is léir go bhfuil a lán de na conclúidí ó Thuarascáil Monatóireachta 2 Bhliain an SRSE (2020-2022) a rinneadh roimhe seo ábhartha go fóill, amhail **conair fáis Bhaile Átha Cliath agus an baol go mbainfear an bonn de chuspóirí Thionscadal Éireann 2040 mar fhreagra ar na cúinsí reatha**, agus nár cuireadh na moltaí aisti san áireamh go hiomlán ar an leibhéal náisiúnta;
- Leis an athbhreithniú reatha ar an CNP, tá **imní ann go bhfuil treochtaí le déanaí maidir le fás daonra leanúnach i Réigiún Bhaile Átha Cliath agus i Réigiún an Oirthir á n-úsáid mar bhonn**

chun an bonn a bhaint de bhaint amach chuspóirí Thionscadal Éireann 2040/SRSE. Is cosúil go bhfuil tráchtaireacht áirithe, lena n-áirítear Tuarascáil an Choimisiúin Tithíochta le déanaí, ag tacú leis an tuairim nach féidir na cuspóirí maidir le fás réigiúnach cothromaithe a bhaint amach agus nach féidir le beartas poiblí tionchar a imirt ar bheartas agus ar fhorbairt eacnamaíoch ar fud an Stáit. Mar is léir ón Tuarascáil seo, áfach, tá tearc-sholáthar suntasach tithíochta i Réigiún an Deiscirt i gcomparáid le Réigiún/LPSnna Bhaile Átha Cliath agus an Oirthir. Tá difríocht thar a bheith soiléir sna rátaí soláthair i mBaile Átha Cliath agus sa cheantar máguaird i gcomparáid le Cathracha Réigiúnacha Chorcaí, Luimnigh agus Phort Láirge. Ní léirítear an difríocht réigiúnach i leibhéil an fháis daonra agus an tsoláthair tithíochta i bhfás post, i gcás ina bhfuil Cathracha Réigiúnacha ar aon dul le Baile Átha Cliath nó ag fás níos tapúla ná Baile Átha Cliath;

- **I dtráchtaireacht le déanaí maidir le soláthar tithíochta, díríodh ar an easpa talamh chriosaithe, ach léirítear leis na sonraí nach toisc shuntasach é sin, agus ina ionad sin gurb é an dúshlán mór tithíocht a sholáthar ar thalamh atá criosaithe cheana féin.** Chomh maith leis sin, níor cheart an ról a bhaineann le háitribh fholmha maidir le déileáil leis an dúshlán tithíochta a mheas faoina luach. Mar shampla, dá laghdófaí an ráta folúntais tithíochta ar fud an Réigiúin ó 7.9% go 5%, d'fhéadfaí 21,300 teach breise a áitiú arís, ar líon é sin atá níos mó ná líon iomlán na dtithe a soláthraíodh laistigh den tréimhse mhonatóireachta, agus léirítear leis an ról a d'fhéadfadh a bheith ag tithíocht fholamh sa ghearrthéarma do riachtanas tithíochta an Réigiúin. Baineann cion suntasach den soláthar tithíochta le tithíocht tuaithe (25% de na haonaid tithíochta ar fad a soláthraíodh le linn na tréimhse monatóireachta), rud a chuireann béim ar an ngá le roghanna dearfacha lena n-áirítear infheistíocht in inmharthanacht ár mbailte agus ár sráidbhailte;

- Léirítear le fianaise sa tuarascáil seo go bhfuil **formhór na hinfheistíochta bonneagair pleanáilte á díriú ar Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus go bhfuil tearcinfheistíocht phleanáilte i Réigiún an Deiscirt ina iomláine agus inár dtrí Limistéar Cathrach.** Le hinfheistíocht phleanáilte, socrófar na mórthionscadail a sholáthrófar go dtí lárphointe na ndeich mbliana atá romhainn. Mar thoradh air sin, tá an bonn á bhaint go bunúsach de na cuspóirí reatha maidir le fás réigiúnach cothromaithe go dtí 2040 nó ina dhiaidh sin agus níl sé réadúil glacadh leis gur féidir réamh-mheastacháin fáis an CNP a sholáthar i gcomhthéacs na mórdhifríochta in infheistíocht i mbonneagar idir Baile Átha Cliath agus limistéir eile;

- **Chun príomhthionscadail a chur chun cinn sa Réigiún faoi Thionscadal Éireann 2040, ba cheart an próiseas chun na tionscadail sin a cheadú a chuíchóiriú chun cosc a chur ar mhoilleanna agus chun** cuidiú leis na húdaráis áitiúla; mar shampla, maidir le srianta acmhainní a shárú, na costais shuntasacha lena mbaineann agus deacrachtaí eile a thagann chun cinn mar chuid den phróiseas iarratais. Ba cheart go mbeadh ról na dtionscadal maidir leis an gcuspóir fás réigiúnach cothromaithe ina phríomhthoisc i bpróiseas na hAnailíse Costais is Tairbhe agus nuair a dhéantar iad a bhreith agus a mheasúnú ag céimeanna féidearthachta agus cásanna gnó;

- I gcomhthéacs spriocanna a bhaint amach maidir leis an aistriú go sochaí ísealcharbóin, inbhuanaithe a bheidh athléimneach ó thaobh aeráide de, cuireadh a lán tionscnaimh dhearfacha i gcrích le linn na tréimhse monatóireachta amhail dul chun cinn DMAP an Deiscirt ag RCAC agus Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhunú agus Pleananna na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide a ullmhú. **Mar gheall ar scála na ngéarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta agus na saincheisteanna soláthair fuinnimh,** áfach, **tá go leor ábhair imní ann lena n-áirítear an méid spleáchais ar charranna sa Réigiún, ar tháinig méadú beag air le linn na tréimhse idirdhaonáirimh;**

- Tá an tsaincheist maidir le cineál láraithe stát na hÉireann agus saincheisteanna rialachais tugtha chun suntais i dtuarascálacha a rinneadh le linn na tréimhse monatóireachta a bhaineann leis an athrú struchtúrach atá riachtanach chun soláthar éifeachtach an SRSE agus MASPanna a chinntiú. **Tá gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir lena chinntiú go mbainfear spriocanna náisiúnta ar bhealach níos fearr.**

Dul chun cinn ar Phríomhchumasóirí

Soláthraítear sa tábla seo a leanas athbhreithniú ardleibhéil ar na dúshláin atá le sárú agus ar an dul chun cinn maidir le príomhchumasóirí an SRSE a bhaint amach:

Príomhchumasóir	Ionchas/Dúshláin	Dul chun cinn
Aistriú go sochaí ísealcharbóin, inbhuanaithe atá athléimneach ó thaobh na haeráide de. 	**Céimeanna suntasacha** a glacadh lena n-áirítear ullmhú **DMAP an Chósta Theas agus Pleananna na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú Aeráide.** Tá imní mhór ann fós, áfach, lena n-áirítear **baint amach spriocanna maidir le haistriú córa iompair chuig iompar poiblí,** i bhfianaise thorthaí Dhaonáireamh 2022 agus scála na ngéarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta.	
Baint amach spriocanna fáis dár gCathracha agus do Limistéir Chathrach Chorcaí, Luimnigh-na Sionainne agus Phort Láirge. 	**Glacadh Pleananna Forbartha** do gach údarás áitiúil ábhartha, ag cur spriocanna fáis an CNP agus an SRSE san áireamh. Mar sin féin, tá ábhair imní shuntasacha ann fós maidir le soláthar ar an scála a theastaíonn, go háirithe agus an chonair fáis maidir le Réigiúin/LPSanna Bhaile Átha Cliath agus an Oirthir á cur san áireamh a bhainfidh an bonn go suntasach de bheartas an CNP & an SRSE. Tá **gá le tiomantas iomlán do chur chun feidhme an CNP dár Réigiún lena n-áirítear soláthar luathaithe MASP.**	
Na Ceantair Chathrach is glaise agus is inmharthana a chruthú do phobail, cultúir agus fiontair éagsúla. 	Céimeanna suntasacha a rinneadh; **ábhar imní mór**, áfach, i bhfianaise scála an dúshláin a gcaithfear aghaidh a thabhairt air agus na **conaire fáis i Réigiúin Bhaile Átha Cliath agus an Oirthir** a bhfuil an bonn á bhaint de bheartas an CNP & an SRSE léi.	
Ár bPríomhbhailte a fhorbairt agus a chomhdhlúthú. 	Glacadh pleananna forbartha na n-údarás áitiúil agus tá roinnt **Pleananna Ceantair Áitiúil** glactha nó á n-ullmhú do **Phríomhbhailte**. Teastaíonn tiomantas agus infheistíocht láidir fós, áfach.	
Ceantar Dugaí Chorcaí a fhorbairt. 	Áirítear leis an dul chun cinn **maoiniú URDF** a fháil, **Oifig Soláthair an Cheantair Dugaí arna bunú ag Comhairle Cathrach Chorcaí agus an LDA, chomh maith le tús a chur le Máistirphlean a ullmhú.** Tá gá le hinfheistíocht leanúnach agus tiomantas do sholáthar.	

Athghiniúint Luimnigh-na Sionainne. 	Glacadh **Pleananna Forbartha do Luimneach agus don Chlár** agus roinnt **tionscadail athghiniúna agus réimse phoiblí** á gcur chun cinn amhail Cearnóg an Árais Ceoldrámaíochta agus Ceathrú Cholbaird. Tá **Plean Ceantair Áitiúil** á ullmhú ag Comhairle Contae an Chláir do **Bhaile na Sionainne**. Tá gá le hinfheistíocht leanúnach agus tiomantas do sholáthar.	
Port Láirge a fhorbairt mar chathair chomhlárnach chothromaithe ó thuaidh agus ó dheas den abhainn. 	Glacadh **Pleananna Forbartha do Phort Láirge agus do Chill Chainnigh.** Tá obair á cur chun cinn ag an **gCé Thuaidh**, agus tá **PCÁ** á ullmhú ag Comhairle Contae Chill Chainnigh do **Phort an Chalaidh** faoi láthair. Tá gá le hinfheistíocht leanúnach agus tiomantas do sholáthar agus tiomantas ón Rialtas do Struchtúir Cur Chun Feidhme MASP.	
Réigiún Foghlama cuimsitheach a chruthú. 	Dul chun cinn láidir sa Réigiún agus **Port Láirge** ainmnithe mar **Chathair Foghlama Unesco.**	
Réigiún an Deiscirt a shuí mar Thairseach Idirnáisiúnta na hÉireann. 	Acmhainneacht shuntasach agus dul chun cinn suntasach déanta i réimsí amhail **Staidéar Socheacnamaíoch a choimisiúnú ar chalafoirt an Réigiúin agus ullmhú DMAP an Chósta Theas.** Gá le hinfheistíocht a spreagadh chun leas a bhaint as **acmhainneacht na gcalafort sa Réigiún agus chun an acmhainneacht d'fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta** a sholáthar.	
Lántairbhe a bhaint as Cuanta Chorcaí agus Phort Láirge agus Inbhear na Sionainne. 	Gá le hinfheistíocht a spreagadh chun caipitliú a dhéanamh ar acmhainneacht na gcalafort sa Réigiún agus chun an acmhainneacht d'fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a sholáthar. **Gá leis an infheistíocht a chur i gcrích.**	
Ár dtimpeallacht agus ár n-oidhreacht a fheabhsú agus a chosaint. 	Céimeanna suntasacha a rinneadh; ábhar imní mór, áfach, i bhfianaise scála an dúshláin a gcaithfear aghaidh a thabhairt air agus na dtáscairí diúltacha maidir le cáilíocht an chomhshaoil. **Teastaíonn beart suntasach chun aghaidh a thabhairt ar tháscairí comhshaoil atá ag dul in olcas maidir leis an mbithéagsúlacht, cáilíocht an uisce agus caighdeán an aeir.**	

Ár n-acmhainneacht turasóireachta agus fóillíochta a fhorbairt. 	**Dul chun cinn agus acmhainneacht láidir,** gá le leanúint leis an infheistíocht.	
Ceantair Thuaithe a Athbheochan. 	Dul chun cinn ar bhailte agus ar shráidbhailte tuaithe a chur chun cinn trí **shásraí maoiniúcháin amhail RRDF, Tús Áite do Lár an Bhaile** etc., agus bonneagar digiteach níos fearr agus infheistíocht in iompar tuaithe amhail an Nasc Áitiúil. Tá gá fós ann, áfach, le haghaidh a thabhairt ar **shaincheisteanna struchtúrtha** lena n-áirítear **infheistíocht** spriocdhírithe **i mbonneagar uisce, idirghabháil dhíreach chun aghaidh a thabhairt ar fholúntas/tréigean, agus cur chun feidhme beartais tithíochta tuaithe inbhuanaithe chun** inmharthanacht na mbailte agus na sráidbhailte a chosaint.	
Nascacht fheabhsaithe - ón Tuaisceart go dtí an Deisceart agus ón gCósta Thoir go dtí an Cósta Thiar. 	Tionscnaimh shuntasacha agus infheistíocht shuntasach; tá scála an dúshláin suntasach, áfach. **Chuir TRD tús le hobair ar Chonair Eacnamaíoch an Oirthir.** Teastaíonn comhordú feabhsaithe idir an leibhéal réigiúnach/náisiúnta fós, áfach.	
Seirbhísí poiblí agus bonneagar chun tacú le fás réigiúnach a phleanáil. 	**Ábhair imní shuntasacha maidir le soláthar** ar an scála a theastaíonn, go háirithe agus an **chonair fáis maidir le Réigiún Bhaile Átha Cliath** á cur san áireamh a bhfuil an bonn á bhaint de bheartas an CNP & an SRSE léi.	

Tábla 3 | PDul chun cinn ar Phríomhchumasóirí

Moltaí

Tá sé ina phríomhchúram leis an Tuarascáil seo moltaí a dhéanamh de thoradh ar thorthaí an phróisis monatóireachta agus bealaí a mholadh lena bhféadfaí cur chun feidhme iomlán an SRSE a fheabhsú. Tá 10 moladh leagtha amach thíos:

1. **Dílárú na cumhachta chuig an leibhéal réigiúnach rialtais**
   Tá gá le hathchóiriú struchtúrach lena chinntiú go soláthrófar an infheistíocht réigiúnach ar bhealach níos fearr. Sa téarma níos láithrí, teastaíonn struchtúir fheabhsaithe cur chun feidhme don CNP, don SRSE agus go háirithe do na MASPanna, rud a éilíonn ailíniú níos fearr le comhlachtaí poiblí amhail Uisce Éireann, TII, an NTA agus BSL maidir le soláthar an SRSE

agus rannpháirtíocht níos mó na dTionól Réigiúnach mar chomhaltaí de Bhord Soláthair Thionscadal Éireann 2040;

2. **Comhordú níos fearr ar rialachas réigiúnach**
   Ní mór aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le hiliomad comhlachtaí réigiúnacha a bheith ann, ag a mbíonn sainorduithe forluiteacha agus teorainneacha éagsúla corruair;

3. **Ailíniú níos fearr idir an SRSE agus na Pleananna Fiontar Réigiúnacha**
   Ba chóir go mbeadh ailíniú agus comhtháthú níos fearr idir an SRSE agus na Pleananna Fiontair Réigiúnacha, lena n-áirítear breithniú ar an bhfeidhm sin a lonnú laistigh de na Tionóil Réigiúnacha seachas idir an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus na húdaráis áitiúla. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfreastalaíonn údaráis áitiúla ar a gcuid feidhmeanna forbartha eacnamaíochta agus PÁEP féin cheana féin;

4. **Struchtúir airgeadais a athchóiriú**
   Tá gá le hioncam ó fhoinsí dílse agus le hinfheistíocht ilbhliantúil a sholáthar ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, go háirithe do na Ceantair Chathrach i gcomhréir le moltaí na Tuarascála ón ECFE ar a dtarraingítear aird i gCaibidil 1;

5. **An uaillmhian fhadtéarmach atá le Tionscadal Éireann 2040 d'fhás réigiúnach cothromaithe a choinneáil**
   Ba chóir breathnú ar Thionscadal Éireann 2040 mar straitéis fhadtéarmach agus níor cheart go mbainfí an bonn dá fhís maidir le fás réigiúnach cothromaithe trí bheith ag brath ar fhás leanúnach Réigiúin Bhaile Átha Cliath agus an Oirthir mar chúis leis an treo beartais a athrú;

6. **Gá le ailíniú níos fearr idir maoiniú faoin PFN agus soláthar an CNP/an SRSE**
   Ba chóir béim a chur ar thionscadail a mheastar go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo maidir le fás réigiúnach cothromaithe a sholáthar laistigh den PFN. Bheadh na tionscadail sin ina gcatalaíoch d'infheistíocht agus d'fhás níos leithne seachas freastal ar éileamh daonra atá ann cheana nó ar éileamh daonra atá ag teacht chun cinn. Teastaíonn creat soiléir ar an leibhéal náisiúnta freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar conas a thagann scála agus dáileadh na hinfheistíochta pleanáilte leis an CNP. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar na sásraí maoiniúcháin chun cuspóirí an PFN agus an SRSE a bhaint amach; go sonrach, an próiseas tairisceana iomaíoch chun an t-athrú straitéiseach a lorgaítear tríd an CNP/SRSE a mhaoiniú;

7. **Gá le tús áite a thabhairt do sholáthar tithíochta sna cathracha réigiúnacha**
   Ní mór an tearcsholáthar tithíochta inár gcathracha réigiúnacha a aithint agus aghaidh a thabhairt air mar thosaíocht phráinneach agus ar bhealach fócasaithe. Tá sé ina chuid lárnach de sin a aithint go bhfuil easpa mharthanach de sholáthar príobháideach de chineálacha tithíochta ard-dlúis ann go háirithe i gcomparáid le Ceantar Cathrach Bhaile Átha Cliath. Sa ghearrthéarma, ba chóir tús áite a thabhairt do sholáthar i gcathracha réigiúnacha trí shásraí seanbhunaithe amhail Croí Cónaithe, an Tionscadal Tosaigh agus soláthar díreach tionscadal ag an LDA féin chun ceadanna pleanála atá ar marthain a ghníomhachtú agus chun ceadanna pleanála ar thalamh chriosaithe a chur chun cinn. Leis na sásraí sin, agus leis na hidirghabhálacha níos leithne atá dírithe ar sholáthar tithíochta a luathú, ba chóir an tairbhe shoiléir a bhaineann le dlúthfhás ár gCathracha agus ár bPríomhbhailte a aithint;

8. **Cur chun feidhme níos láidre Rialachas MASPanna**
   Tá gá le cur chun feidhme níos láidre (le struchtúir rialachais riachtanacha) do cheantair chathrach Chorcaí, Luimnigh-na Sionainne agus Phort Láirge. Ba chóir ról níos gníomhaí a thabhairt do na Tionóil Réigiúnacha freisin i gcás ina bhfuil bacainní ar chomhoibriú nó i gcás ina bhfeidhmíonn údaráis áitiúla ar bhealach lena gcuirfí bac suntasach ar chur chun feidhme an SRSE;

9. **Ról feabhsaithe do na Tionóil Réigiúnacha i bPleananna Forbartha agus Ceantair Áitiúil na nÚdarás Áitiúil**
   Ba chóir go mbeadh feidhm reachtúil ag na Tionóil Réigiúnacha maidir le hathruithe ábhartha ar dhréachtphleananna forbartha agus pleananna ceantair áitiúil do Phríomhbhailte;

10. **Ról feabhsaithe do na Tionóil Réigiúnacha sa Ghníomhú ar son na hAeráide**
    Tá Tionóil Réigiúnacha le bheith ina gcomhlachtaí forordaithe maidir le haighneachtaí ar phleananna um ghníomhú ar son na haeráide na n-údarás áitiúil chun comhleanúnachas le pleanáil spáis a a chinntiú.



1.0. Réamhrá agus comhthéacs reachtach

1.1. Ceanglas maidir le Tuarascáil Monatóireachta

Is é seo an dara Tuarascáil Monatóireachta a ullmhaíodh faoi Alt 25A den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) (an tAcht), lena ndéantar monatóireacht ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na Straitéise Réigiúnaí Spásúla agus Eacnamaíochta (SRSE) do Réigiún an Deiscirt, a tháinig i bhfeidhm an 31 Eanáir 2020.

Faoin Acht, ullmhóidh Tionól Réigiúnach an Deiscirt (TRD), gach 2 bhliain, tuarascáil ina ndéanfar monatóireacht ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an SRSE, lena sonrófar an dul chun cinn maidir le cuspóirí foriomlána an SRSE a bhaint amach, lena n-áirítear aon ghníomhaíochtaí agus torthaí sonracha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach leis na comhlachtaí poiblí[1]. Déanfaidh na comhlachtaí poiblí agus gach údarás áitiúil laistigh den Tionól Réigiúnach tuarascáil a ullmhú agus a thíolacadh ina leagfar amach an dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóirí tacaíochta, is ábhartha don chomhlacht sin den SRSE.

Sa chéad tuarascáil monatóireacht, a ullmhaíodh in 2022, tugadh forléargas ar chur chun feidhme an SRSE idir an 31 Eanáir 2020 agus an 31 Eanáir 2022. Rinneadh tagairt inti do bhearta amhail ailíniú beartais agus infheistíocht agus bacainní a sainaithníodh ar an gcur chun feidhme agus moltaí maidir le conas an cur chun feidhme a fheabhsú. Tugadh deis léi freisin ról an SRSE agus TRD i bpróiseas Thionscadal Éireann 2040 a mheas.

Leagtar amach sa Tuarascáil an dul chun cinn a rinneadh le dá bhliain anuas. 31 Eanáir 2022-31 Eanáir 2024.

Ceanglaítear ar TRD anois an Tuarascáil seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI). Breithneoidh an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) an Tuarascáil agus d'fhéadfadh sé moltaí a dhéanamh don Aire maidir le bearta ábhartha chun tacú tuilleadh le cur chun feidhme an SRSE.

1.2. Struchtúr na Tuarascála

Go ginearálta, leanann an Tuarascáil struchtúr na chéad Tuarascála Monatóireachta. Leagtar amach inti an dul chun cinn ar chur chun feidhme chuspóirí an SRSE thar na 3 théama seo a leanas:

- Réigiún Inmharthana;
- Réigiún Cruthaitheach agus Nuálach;
- Réigiún Glas.

Is é príomhfhócas measúnú a dhéanamh ar thorthaí faoi na 11 *Ráiteas Straitéise SRSE* (féach leathanach 10), atá laistigh d'ordlathas na 17 *Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) de chuid na Náisiún Aontaithe* agus na 10 *dToradh Straitéiseacha Náisiúnta* (TSNanna) sa *Chreat Náisiúnta Pleanála* (CNP).

Tá na príomhthionscnaimh agus ar na príomhghníomhaíochtaí atá déanta ag an Tionól Réigiúnach é féin agus i gcomhar le comhlachtaí náisiúnta agus áitiúla eile leagtha amach i gCaibidil 2 *Comhoibriú Náisiúnta agus Réigiúnach*.

Leanann Caibidil 3-5 struchtúr 3 théama an SRSE, agus déantar cur síos iontu ar na príomhthorthaí agus ar an aiseolas ó na comhlachtaí poiblí ábhartha agus ó na húdaráis áitiúla faoi na ceannteidil sin, agus cuimsítear iontu freisin taighde a rinne TRD féin, i ndiaidh infhaighteacht na bhfoinsí sonraí le déanaí amhail Daonáireamh 2022. Roinn comhlachtaí poiblí agus údaráis áitiúla go leor dea-chleachtas agus faisnéis spéisiúil; ach, i bhfianaise an mhéid mhóir eolais a fuarthas, cuimsítear na tuarascálacha mionsonraithe agus na haighneachtaí in Aguisín 1, agus leagtar béim ar an bhfaisnéis agus ar na tionscnaimh is ábhartha laistigh de phríomhchuid na Tuarascála. Níl sé beartaithe, mar shampla, go ndéanfaí tagairt go sonrach do nuashonruithe ar bheartas náisiúnta nua nó

1 1. An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta 2. An tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail 3. An tAire Airgeadais 4. An tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an PFN agus Athchóirithe 5. An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta 6. An tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide 7. An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara 8. An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán 9. An tAire Iompair 10. An tAire Sláinte 11. An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta 12. An tAire Oideachais 13. An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige 14. An tAire Gnóthaí Eachtracha

ar thionscadail níos áitiúla sa Tuarascáil, ach seachas sin ar thionscnaimh agus tionscadail shonracha ábhartha ar an leibhéal réigiúnach nó samplaí dea-chleachtais lena mbaineann suntas réigiúnach a bhféadfadh sé gur cuireadh béim orthu sna freagairtí.

Leagtar amach sa chaibidil dheireanach conclúidí agus moltaí tábhachtacha, a mheasann TRD go dtacóidh siad le forbairt réigiúnach níos éifeachtaí agus níos cothroime agus leis na hathruithe riachtanacha beartais agus bearta cur chun feidhme a d'fhéadfaí a neartú in athbhreithniú athbhreithnithe an CNP agus an SRSE.

Cuirtear príomhfhócas na tuarascála seo ar théamaí an SRSE agus ar na Ráitis Straitéise (léirithe thíos) agus cuirtear CBRanna sonracha san áireamh i gcás ina meastar go bhfuil baint ar leith ag baint leo. Chun críocha tagartha, tá liosta iomlán de na CBRanna ar fáil in Aguisín 2. Is fiú a lua freisin go bhfuil téamaí agus straitéisí an SRSE forleathan le go leor réimsí agus fócais beartais idirnasctha. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go mbeadh gníomhaíochta áirithe cur chun feidhme ar a leagadh béim faoi chuid amháin den Tuarascáil chomh hábhartha céanna faoi chuid eile..

1.3. Ról Thionól Réigiúnach an Deiscirt

Tá *Tionól Réigiúnach an Deiscirt* (TRD) ar cheann de thrí Thionól Réigiúnacha a bunaíodh in 2015 faoin Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil (2014), mar aon le *Tionól Réigiúnach an Oirthir agus an Láir Tíre* (TROLT) agus *Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair* (TRTI). Foráiltear leis an Ordú Bunaithe (An tAcht Rialtais Áitiúil 1991 (Tionóil Réigiúnacha) (Bunú) 2014 (S.I. Uimh. 573 de 2014) go mbeidh príomhról ag an Tionól i riarachán réigiúnach agus i bhforbairt réigiúnach agus go mbeidh ról uileghabhálach aige maidir le soláthar a dhéanamh maidir leis an leas ginearálta, pleanáil straitéiseach agus riachtanais forbartha inbhuanaithe an Réigiúin Theas. Soláthraíonn 34 comhairleoir áitiúil a cheaptar mar Chomhaltaí den Tionól ar feadh téarma cúig bliana maoirseacht pholaitiúil: 27 acu ag a gcomhúdaráis áitiúla, 6 acu mar ionadaithe *Choiste na Réigiún*, agus Méara Luimnigh mar bhall ex officio.

I measc phríomhfheidhmeanna an Tionóil tá:

- Cruthú, glacadh agus cur chun feidhme an SRSE agus na bPleananna Straitéiseacha don Cheantar Cathrach (MASPanna); agus
- Bainistíocht a dhéanamh ar Chláir atá cómhaoinithe ag an Aontas, rannpháirtíocht i dtionscadail AE, tacú le rannpháirtíocht na hearnála poiblí i gCláir an Aontas agus í a chur chun cinn.

Le feidhmeanna uathúla AE an Tionóil Réigiúnaigh, éascaítear comhtháthú thosaíochtaí Forbartha Réigiúnaí na hEorpa le cur chun feidhme an SRSE. Bainistíonn TRD spreagadh éifeachtach maoiniúcháin chun dlús



a chur le cur chun feidhme an SRSE mar an t-údarás bainistíochta chun Clár CFRE Réigiún an Deiscirt, an Oirthir agus an Láir Tíre 2021-2027 a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Tá Tuarascálacha Bliantúla an Tionóil le haghaidh 2022 agus 2023 ar fáil tríd an nasc seo a leanas: https://www.southernassembly.ie/resources/publications

1.4. Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE)

Creat pleanála agus eacnamaíoch is ea an *Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta* (SRSE) lena mbreithnítear fhorbairt an Réigiúin amach anseo ar feadh tréimhse nach lú ná 12 bhliain agus nach mó ná 20 bliain. Sonraítear le hAlt 23(1) den *Acht um Pleanáil agus Forbairt* gurb é cuspóir an SRSE:

> *tacú le cur chun feidhme an Chreata Náisiúnta Pleanála agus beartais agus cuspóirí eacnamaíocha an Rialtais trí phleanáil straitéiseach fhadtéarmach agus creat eacnamaíoch a sholáthar chun an réigiún a fhorbairt.*

Sainaithnítear i Roinn 23(2) na hábhair ar cheart aghaidh a thabhairt orthu leis an SRSE, lena n-áirítear:

- Suíomh an fháis daonra amach anseo;
- Soláthar tithíochta;
- Cáilíochtaí na gcathracha, na mbailte agus na gceantar tuaithe a fheabhsú;
- Oideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil;
- Poist ardchaighdeáin a chruthú agus a chothú;
- Tacú le forbairt tuaithe;
- Tosaíochtaí le haghaidh infheistíocht sa bhonneagar a shainaithint, lena n-áirítear saoráidí oideachais, cúraim sláinte, sóisialta, pobail, spóirt agus cultúrtha;
- An timpeallacht, a thaitneamhachtaí agus cáilíochtaí an tírdhreacha a chaomhnú agus a chosaint;
- Iompar, seirbhísí uisce, fuinneamh agus líonraí cumarsáide, agus saoráidí bainistíochta dramhaíola;
- Aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide;
- Straitéisí lonnaíochta agus iompair inbhuanaithe a chur chun cinn i gceantair chathrach agus thuaithe.

Tháinig an SRSE do Réigiún an Deiscirt i bhfeidhm i mí Eanáir 2020 agus is é a Fhís:

- Ár n-áiteanna go léir a chothú lena lánacmhainneacht a bhaint amach;
- Ár dtimpeallacht a chosaint agus a fheabhsú;
- Dul i ngleic go rathúil leis an athrú aeráide;
- Rathúnas eacnamaíoch agus feabhas ar chaighdeán na beatha a bhaint amach dár saoránaigh go léir;
- Freastal ar fhás agus ar fhorbairt leathnaithe i suíomhanna oiriúnacha; agus
- Ceann de na réigiúin is cruthaithí, is nuálaí, is glaise agus is inmharthana san Eoraip a dhéanamh de Réigiún an Deiscirt.

Tacaíonn 11 Ráiteas Straitéise leis an bhFís, atá ceaptha faoi 3 théama mar a leanas: Réigiún Inmharthana; Réigiún Cruthaitheach agus Nuálach; agus Réigiún Glas. Príomhchuspóir reachtúil de chuid an RSES is ea tacú le cur chun feidhme Thionscadal Éireann 2040: *An Creat Náisiúnta Pleanála* (CNP) agus an *Plean Forbartha Náisiúnta* (PFN).

https://www.southernassembly.ie/regional-planning/rses

Aidhmeanna criticiúla an SRSE:

- Athailíniú struchtúrach a chinntiú chun feabhsú iomlán a chur ar ár sochaí agus ár dtimpeallacht, sa daonra, tithe agus poist lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath lena mbeidh dáileadh 50:50 d'fhás idir Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre agus Réigiúin an Deiscirt agus an Tuaiscirt agus an Iarthair.
- Daonra breise de 380,000 duine a bhaint amach i Réigiún an Deiscirt faoi 2040, ag fágáil go mbeidh daonra de bheagnach dhá mhilliún agus 225,000 duine breise fostaithe ann (880,000 ar an iomlán);
- Aistriú go Sochaí Ísealcharbóin atá Athléimneach ó thaobh na hAeráide de.



Fíor 1.0 | Ráitis Straitéise SRSE

Príomhchumasóirí - ar gníomhaíochtaí iad chun dul chun cinn braite a thaispeáint i dtreo chur chun feidhme an SRSE:



Fíor 1.1 | Príomhchumasóirí

Pleananna Ceantair Cathrach (MASPanna)

Áirítear leis an SRSE 3 Phlean Ceantair Cathrach (MASPanna)

- Plean Ceantair Cathrach Chorcaí
- Plean Ceantair Cathrach Luimnigh-na Sionainne
- Plean Ceantair Cathrach Phort Láirge

1.5 An Chéad Tuarascáil Monatóireachta

Mar a leagtar amach thuas, tógann an Tuarascáil seo ar chéad Tuarascáil Monatóireachta an SRSE a rinneadh don tréimhse ó Eanáir 2020-Eanáir 2022: https://www.southernassembly.ie/regional-planning/two-year-report-progress-report).

Sa chéad Tuarascáil, sonraítear an obair shuntasach a rinne an Tionól Réigiúnach, comhlachtaí poiblí agus na hÚdaráis Áitiúla sa tréimhse tosaigh dhá bhliain den chur chun feidhme, rud a léiríonn dul chun cinn láidir maidir le cuspóirí foriomlána an SRSE a bhaint amach. Admhaítear inti, áfach, cineál fadtéarmach phróiseas an SRSE, agus nach bhfuiltear ag súil le haistriú láithreach a chur i gcrích nó nach féidir é a chur i gcrích thar thréimhse chomh gearr sin.

I gcomhthéacs dul chun cinn maidir le cuspóirí an SRSE a bhaint amach, leagadh béim inti ar na dúshláin agus na hábhair imní seo a leanas:

- Gá le tiomantas iomlán do chur chun feidhme an CNP agus do sholáthar MASPanna.
- Ábhair imní shuntasacha maidir le soláthar seirbhísí poiblí agus bonneagair chun tacú le fás réigiúnach pleanáilte, go háirithe scála an fháis timpeall Bhaile Átha Cliath, fás atá ag baint an bonn de bheartas an CNP agus an SRSE. Luaitear inti an easpa soiléireachta faoi an bhfuil na hathruithe struchtúracha a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar an deighilt bhunúsach 50:50 maidir le Tionscadal Éireann 2040 agus an SRSE, agus ar an athrú daonra a theastaíonn inár gceantair uirbeacha agus tuaithe, ar an mbóthar ceart. Luadh inti doiciméad athbhreithnithe an Phlean Forbartha Náisiúnta *Nóta anailíseach don athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta: Measúnú ar ailíniú an Chreata Náisiúnta Pleanála agus an Phlean Forbartha Náisiúnta (2021)*, inar tugadh chun suntais go bhfuil sciar níos ísle de thionscadail infheistíochta os cionn €20 milliún agus €100 milliún ag baint leis na cathracha réigiúnacha i gcomparáid leis an bhfás atá beartaithe dóibh;
- Léirítear le réamhthorthaí an daonáirimh go bhfuil fás suntasach ag teacht ar Bhaile Átha Cliath agus ar na contaetha taobh leis;
- Éiginnteacht maidir le Bóthar Dáileacháin Thuaisceart Luimnigh a sholáthar;
- Gá le bonneagar agus infheistíocht a sholáthar ar bhealach níos fearr i gCathair Phort Láirge;
- Deacracht maidir le spriocanna a bhaint amach i ndáil leis an aistriú go sochaí ísealcharbóin inbhuanaithe atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, i bhfianaise scála na ngéarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta agus saincheisteanna soláthair fuinnimh;
- Teastaíonn beart suntasach chun aghaidh a thabhairt ar thráscairí comhshaoil atá ag dul in olcas maidir leis an mbithéagsúlacht, cáilíocht an uisce agus caighdeán an aeir;
- Dúshláin maidir le bonneagar digiteach agus uisce a sholáthar, iompar tuaithe, folúntais agus tréigean agus beartas tithíochta tuaithe inbhuanaithe chun inmharthanacht na mbailte agus na sráidbhailte i gceantair thuaithe a chosaint.

Áirítear ar chuid de na moltaí inti:

- An riachtanas gan an bonn a bhaint den mhéid a baineadh amach le cuspóirí Thionscadal Éireann 2040/an SRSE trí bheith ag brath ar fhás daonra leanúnach Réigiúin Bhaile Átha Cliath agus an Oirthir mar chúis leis an treo beartais a athrú;
- Gá le sásra soiléir lena chinntiú go ndéantar an infheistíocht earnála a ualú i bhfabhar fás réigiúnach cothromaithe a bhaint amach agus an deighilt 50:50 mar atá leagtha amach sa CNP;
- Tá ionstraimí suntasacha beartaisi bhfeidhm anois agus ba chóir go gcuirfidh an bhéim ar an aistriú a theastaíonn chun an CNP/SRSE a sholáthar;
- Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar na sásraí maoiniúcháin chun cuspóirí an PFN agus an SRSE a bhaint amach; go sonrach,

an próiseas tairisceana iomaíoch chun an t-athrú straitéiseach a lorgaítear tríd an PFN/SRSE a mhaoiniú;

- Ba chóir sásra éifeachtach soláthair a chur chun cinn, chun forbairt na MASPanna a chur chun cinn i gcomhréir leis an CNP/SRSE;
- Ba cheart sásra buiséadaithe fadtéarmach (ciste straitéiseach 10 mbliana) a bhunú chun fás luathaithe ár dtrí Cheantar Cathrach a spreagadh agus breathnú ar thacaíocht mhaoiniúcháin do Phríomhbhailte agus do cheantair thuaithe;
- Gá le haghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le hiliomad comhlachtaí réigiúnacha a bheith ann ag a mbíonn sainorduithe forluiteacha agus teorainneacha éagsúla corruair;
- Gá leis an gcaidreamh struchtúrach idir na Tionóil Réigiúnacha, RTRÁO, Ranna Rialtais agus Bord Thionscadal Éireann 2040 a neartú;
- Gá le hailíniú agus comhtháthú níos fearr idir an SRSE agus na Pleananna Fiontar Réigiúnacha i gcomhthéacs Straitéis Eacnamaíoch an SRSE.

1.6 Athbhreithniú CNMI ar Thuarascálacha Monatóireachta ar Straitéisí Réigiúnacha agus Eacnamaíocha

Cuireadh an chéad Tuarascáil Monatóireachta faoi bhráid an CNMI de réir mar ba ghá, a thug cúnamh, in éineacht le *hOifig an Rialtóra Pleanála* (ORP) chun athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh ar Thuarascálacha Monatóireachta na 3 Thionól Réigiúnacha. San *Athbhreithniú ar Thuarascálacha Monatóireachta ar Straitéisí Réigiúnacha agus Eacnamaíocha de réir an Réigiúin* (https://www.noac.ie/wp-content/uploads/2024/03/NOAC-Review-of-Monitoring-Reports-2024-5.pdf) fuarthas 10 dToradh:

1. Tá gá le bearta chun tacú le straitéis spáis an SRSE, lena ndíreofar fás suntasach ar Cheantair Chathrach, Ionaid Fáis Réigiúnacha agus Príomhbhailte (ionaid scála, athghiniúna agus dlúthfháis);
2. Gá le struchtúir dhírithe, ardchumhachtacha agus chuntasacha cur chun feidhme chun na MASPanna a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
3. Teastaíonn sásraí chun ailíniú níos fearr a chinntiú idir cinntí maoiniúcháin chun tacú le straitéis spáis na SRSEnna, go háirithe maidir le díriú ar infheistíocht sna Cathracha, sna hIonaid Fáis Réigiúnacha agus sna Príomhbhailte;
4. An caidreamh struchtúrach idir na Tionóil Réigiúnacha, RTRÁO, Ranna Rialtais agus Bord Thionscadal Éireann 2040 a neartú;
5. Acmhainní breise a sholáthar chun tacú leis na húdaráis áitiúla agus iad ag ullmhú pleananna reachtúla do phríomhlonnaíochtaí (Ionaid Fáis Réigiúnacha agus Príomhbhailte);
6. Ról níos gníomhaí a thabhairt do na Tionóil Réigiúnacha i gcás ina bhfuil bacainní ar chomhoibriú nó i gcás ina bhfeidhmíonn na húdaráis áitiúla ar bhealach lena gcuirfí bac suntasach ar chur chun feidhme an SRSE;
7. Go mbeadh feidhm reachtúil ag na Tionóil Réigiúnacha maidir le hathruithe ábhartha ar dhréachtphleananna forbartha agus pleananna ceantair áitiúil d'Ionaid Fáis Réigiúnacha agus do Phríomhbhailte;
8. Ba chóir do na Tionóil Réigiúnacha a bheith ina gcomhlachtaí forordaithe maidir le haighneachtaí ar phleananna um ghníomhú ar son na haeráide na n-údarás áitiúil chun comhleanúnachas le pleanáil spáis a chinntiú;
9. Tuilleadh forbartha ar an Monatóir Forbartha Réigiúnaí (MFR) i dtéarmaí chur chun feidhme an SRSE agus maoiniú poiblí/infheistíochta;
10. Rannpháirtíocht le comhlachtaí poiblí chun díriú níos mó ar CBRanna/TSRnna sonracha agus ar straitéis spáis an SRSE.

1.7 Staidéar ábhartha eile le déanaí

I measc roinnt staidéar eile a rinneadh le déanaí lenar soláthraíonn ionchur tábhachtach in ullmhú na *Tuarascála seo agus comhthéacs d'fheidhmíocht an SRSE tá: Tuarascáil an tSainghrúpa don Chéad Athbhreithniú ar an gCreat Náisiúnta Pleanála*, a ullmhaíodh i mí Lúnasa 2023; agus *Páipéir Forbartha Réigiúnaí an ECFE – I dTreo Tarraingteacht Réigiúnach Chothromaithe in Éirinn –Soláthar an Chreata Náisiúnta Pleanála a Fheabhsú (Nollaig 2023)*.[2]

Ullmhaíodh Tuarascáil an tSainghrúpa don Chéad Athbhreithniú ar an gCreat Náisiúnta Pleanálawas i mí Lúnasa 2023: https://www.gov.ie/en/publication/1924f-report-of-expert-group-for-the-first-revision-of-the-national-planning-framework/ Mar chuid den phróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar an CNP, bunaíodh sainghrúpa ina gcuimsítear trí shaineolaí neamhspleácha a bhfuil taithí acu ar phleanáil spáis, ar fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus ar chosaint an chomhshaoil, chun forléargas ardleibhéil a sholáthar ar an CNP agus chun cúrsaí ata le breithniú ina athbhreithniú a shainaithint. Cé go ndéileáiltear ann sin go sonrach leis an CNP, cuimsítear forbairt réigiúnach ina théarmaí tagartha agus cuirtear léargas úsáideacha ar fáil ann, a chuidíonn le saincheisteanna de chineál réigiúnach a shainaithint maidir leis an Tuarascáil seo.

I measc na moltaí lena mbaineann ábharthacht shonrach tá:

- Ba cheart breathnú leis an athbhreithniú ar an CNP ar bhealaí chun na cúig Phlean Straitéiseacha Ceantair Cathrach a dhéanamh níos éifeachtaí. Tá sé sin ríthábhachtach lena chinntiú go mbainfidh gach réigiún cathrach de chuid na hÉireann a n-acmhainneacht mar chathracha Eorpacha scála amach;
- Ba cheart breathnú leis an athbhreithniú ar an CNP ar aonad tiomnaithe a bhunú a dhéanfadh monatóireacht ar chur chun feidhme an CNP gach bliain. Ba cheart go dtabharfaí sainordú don aonad ceangal a chur ar gach Roinn agus eagraíocht ábhartha (e.g. Údaráis Áitiúla agus Uisce Éireann) dul chun cinn a thuairisciú agus tuairisc phoiblí a thabhairt ar a bhfeidhmíocht i gcoinne méadracht shoiléir, infheistíochta (lena n-áirítear an PFN) agus méadracht tionchair. Ba cheart don aonad monatóireacht dúshláin sa phróiseas cur chun feidhme a shainaithint freisin;
- Ba chóir breathnú leis an athbhreithniú ar an CNP soiléiriú róil na bpríomhchomhlachtaí Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla chun tacú le cur chun feidhme an CNP agus chun ailíniú idir an CNP agus Pleananna Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla, lena n-áirítear Pleananna Forbartha Contae a chinntiú;
- Ba chóir go mbreithneofaí leis an athbhreithniú ar an CNP na buntáistí a bhainfeadh le grúpa tras-roinne cur chun feidhme a bhunú i lár an rialtais a thabharfaí tús áite do chinntí maidir le gach príomhchinntí bonneagair, lena n-áirítear tionscadail agus cláir an PFN, agus lena ndéanfaí iad a chomhordú go córasach.

Ullmhaíodh *Páipéir Forbartha Réigiúnaí an ECFE – I dTreo Tarraingteacht Réigiúnach Chothromaithe in Éirinn – Soláthar an Chreata Náisiúnta Pleanála a Fheabhsú*, i mí na Nollag 2023: https://www.oecd.org/cfe/towards-balanced-regional-attractiveness-in-ireland-3df116ad-en.htm. Is é is aidhm don tuarascáil tacú le torthaí réigiúnacha níos cothroime in Éirinn.

Áirítear an méid seo a leanas ar roinnt de na príomh-mholtaí maidir le soláthar feabhsaithe an CNP le haghaidh tarraingteacht réigiúnach níos cothroime atá ábhartha:

- Na huirlisí a thabhairt don rialtas áitiúil agus réigiúnach chun ioncam nua, foinse dílse agus creat infheistíochta ilbhliantúil a sholáthar;
- Ar an leibhéal náisiúnta, d'fhéadfaí coimisiún idir-aireachta a thabhairt isteach, lena n-áirítear gníomhaireachtaí a bhfuil sainordú acu maidir le bonneagar, fóntais, agus forbairt áitiúil agus réigiúnach – chun

2 Ba chóir a thabhairt faoi deara go dtagann foilsiú an Chéad Dréacht-Athbhreithnithe ar an gCreat Pleanála Náisiúnta lasmuigh den achar ama don Tuarascáil seo.

tacú le comhordú tionscadal a mbaineann údar imní réigiúnach leo;

- In éineacht le bainisteoirí na bPleananna Fiontar Réigiúnacha, ba cheart do na Tionóil Réigiúnacha liostaí scileanna criticiúla críochaithe a fhorbairt trí oibriú le fostóirí agus cumainn tráchtála ar fud gach Réigiúin agus gach Limistéir Pleanála Straitéisí;
- Ar an leibhéal réigiúnach, ba cheart boird soláthair SRSE a bhunú ina mbeidh coiste tiomnaithe reachtúil le haghaidh cur chun feidhm MASPanna, agus ba cheart go gcuimseofaí leo ionadaíocht ó phríomhghníomhaireachtaí náisiúnta, go háirithe an NTA, TII, Uisce Éireann, Eir Grid agus Iarnród Éireann;
- Cé go bhfuil an tÚdarás Náisiúnta Iompair i suíomh uathúil chun straitéis réigiúnach iompair a fhorbairt, ba cheart cur chuige níos comhoibríche a bhunú chun go mbeadh na Tionóil ina gceannaire sa phróiseas deartha beartais agus cur chun feidhme;
- Ba cheart go mbreithneofaí sainordú daonlathach an rialtais réigiúnaigh in Éirinn. Mar chomhlachtaí a toghadh go hindíreach, d'fhéadfadh sé nach mbeadh dlisteanacht pholaitiúil ag Tionóil Réigiúnacha lena sainordú a chomhlíonadh;
- Ba chóir bearta a dhéanamh chun comhchruthú athchóirithe níos córasaí ar leibhéil uile an rialtais agus na sochaí sibhialta a spreagadh. Ba chóir go n-oibreodh an RTRÁO leis na Tionóil Réigiúnacha chun fóraim réigiúnacha i bpríomhréimsí beartais amhail Iompar, Tithíocht, Mealladh Tallainne, Forbairt Fuinnimh In-athnuaite a fhorbairt agus a mhaoiniú.

Staidéar ábhartha eile a ullmhaíodh le linn na tréimhse monatóireachta is ea Tuarascáil na Comhdhála um Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha na hEorpa de chuid Chomhairle na hEorpa: *Monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Cairte Eorpaí um Fhéin-Rialtas Áitiúil in Éirinn* (Deireadh Fómhair, 2023): https://rm.coe.int/cg-2023-45-17prov-en-monitoring-of-the-application-of-the-european-cha/1680acd809%20e Cé go ndéileáiltear leis go príomha le saincheisteanna rialachais a bhaineann le húdaráis áitiúla, ag tabhairt faoi deara go bhfuil Éire fós ar cheann de na tíortha is láraithe san Eoraip, mhol sé (i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta) go ndéanfaí comhaltaí de na Tionóil Réigiúnacha a thoghadh go díreach, ag lua ábhair imní faoi chuntasacht agus gan aon sainordú díreach a bheith ann.

1.8 Conclúid

Ag tógáil ar thaithí na chéad Tuarascála Monatóireachta, Athbhreithniú CNMI/ORP ar Thuarascálacha Monatóireachta agus staidéar ábhartha eile le déanaí, tá comhthéacs úsáideach curtha ar fáil chun an Tuarascáil reatha a ullmhú. Cé nach bhfuil sé beartaithe leis an Tuarascáil monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an CNP, ag tabhairt faoi deara go leagtar amach *i dTuarascáil an tSainghrúpa don Chéad Athbhreithniú ar an gCreat Pleanála Náisiúnta* an gá le cur chun feidhme agus monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar an leibhéal sin, soláthraítear inti roinnt conclúidí agus moltaí a mheastar a bheith ábhartha maidir le haidhmeanna uileghabhálacha an CNP maidir le fás réigiúnach níos cothroime a bhaint amach. Tá go leor de na húdaráis áitiúla sa Réigiún i mbun tuarascálacha monatóireachta a ullmhú dá bPleananna Forbartha. Díreofar sna pleananna sin ar shaincheisteanna níos ábhartha ar an leibhéal áitiúil agus déantar measúnú leis ar thionchar a gCroístraitéisí maidir le soláthar tithíochta agus bonneagair ina réimsí feidhmiúla. Dírítear níos mó sa Tuarascáil seo ar fheidhmíocht an Réigiúin ina iomláine, na Limistéir Pleanála Straitéisí (LPSanna), na Ceantair Cheantar chomh maith leis na Cathracha agus na Príomhbhailte. Déileáiltear freisin le saincheisteanna téamacha foriomlána, a dhéanann monatóireacht ar fheidhmíocht ár mbailte beaga, ár sráidbhailte agus ár gceantair thuaithe dá réir sin. Is tionscnamh suntasach é forbairt an Mhonatóra Forbartha Réigiúnaí (MFR), a phléitear go mion i gCaibidil 2 *Comhoibriú Náisiúnta agus Réigiúnach*, a rinne na 3 Thionól Réigiúnacha le dhá bhliain anuas chun príomhfhoinse faisnéise a sholáthar i monatóireacht an SRSE. Tá sé beartaithe tógáil ar a chreat reatha chun tuilleadh léargais a sholáthar ar fheidhmíocht agus cuidiú le monatóireacht a dhéanamh ar an SRSE amach anseo.

2.0. Comhoibriú Náisiúnta agus Réigiúnach



2.1. Clár Cur chun Feidhme an SRSE

Leagtar amach sa chuid seo an dul chun cinn atá déanta ag TRD é féin maidir le cur chun feidhme an SRSE le linn thréimhse dhá bhliain na Tuarascála (31 Eanáir 2022 - 31 Eanáir 2024). Léirítear go leor de na tascanna sa *Chlár Oibre Bhliantúil don Tionól* a bhaineann le comhlíonadh a fheidhmeanna, nach mór a ghlacadh i mí Feabhra gach bliain de réir Airteagal 21(1) d'Ordú Bunaithe 2014. Dírítear sa chlár cur chun feidhme ar CPRanna sonracha atá dírithe ar ghníomh, agus a luaitear thíos. Tá obair leanúnach ar bun freisin a bhfuil an fhoireann pleanála páirteach inti, lena n-áirítear: rannpháirtíocht le comhairliúcháin náisiúnta; beartas agus taighde; rannpháirtíocht le coistí stiúrtha éagsúla; agus comhthionscadail leis na Tionóil Réigiúnacha eile.

Tá achoimre ar an dul chun cinn i ngach Tasc Cur Chun Feidhme déanta sa tábla thíos agus tugtar sonraí breise ar gach Tasc sa chuid seo.

Glas = Tá Dul Chun Cinn Láidir Déanta

Oráiste = Tá Dul Chun Cinn Éigin Déanta

Dearg = Tá an Dul Chun Cinn Mall

Tasc Uimh.	Tasc	Dul chun cinn	Príomcheantar Dul chun cinn/Príomhfhadhb lena bhfuil bac á cur ar an dul chun cinn
2.1	**Baint amach spriocanna an CNP/SRSE a chinntiú do Réigiún an Deiscirt lena n-áirítear NPO 1a a chur chun cinn - Deighilt 50:50 agus Moltaí Tuarascálacha Dhá Bhliain a Chur chun Feidhme.** CBR ábhartha 226: *Sásra Cur chun Feidhme don Straitéis agus do MASPanna.*		Rinne TRD gníomhaíocht chomhbheartaithe i ndáil le NPO 1a den CNP, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar chumas na struchtúr réigiúnach maidir leis an CNP a sholáthar agus critíc ar an mbonn struchtúrach d'infheistíocht; d'oibrigh sé leis an Sainghrúpa ar Athbhreithniú an CNP; d'oibrigh sé le Fóram Comhairleach Pleanála an CNP agus d'oibrigh sé leis na húdaráis áitiúla agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) maidir leis an gceist sin. Bhí ceardlann ar siúl freisin ag Acomhal Luimnigh, Tiobraid Árann i mí an Mheithimh 2023, ar an ábhar *Tionól Réigiúnach an Deiscirt in Éirinn atá ag athrú – Dúshláin, saincheisteanna & deiseanna.* Chomh maith le Comhaltaí Tionóil agus foireann, d'fhreastail ionadaithe ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Ollscoil Mhá Nuad, agus OT Baile Átha Cliath air. Bhí an t-imeacht bunaithe ar thrí sheisiún a bhaineann le:

Tasc Uimh.	Tasc	Dul chun cinn	Príomcheantar Dul chun cinn/Príomhfhadhb lena bhfuil bac á cur ar an dul chun cinn
			Sainordú Daonlathach, Nasc leis an Leibhéal Náisiúnta, agus Maoiniú agus Struchtúr. Cuireadh na 9 moladh seo a leanas le chéile ó na seisiúin, agus aontaíodh leo ina dhiaidh sin ag cruinniú an Tionóil i mí Dheireadh Fómhair: 1. 1. Ba cheart beartais lena chinntiú go mbeidh feasacht níos mó ar thionscnaimh na dtionól réigiúnach ar an leibhéal údaráis áitiúil a fhorbairt; 2. Ba cheart do TRD, mar aon le EMRA/NWRA & an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta/OPR roimh thoghcháin 2024 cláir a leagan amach maidir le hainmniúchán comhaltaí tofa chun an Tionóil Réigiúnaigh lena n-áirítear eolas ar ról agus freagrachtaí an Tionóil Réigiúnaigh, cothromaíocht gheografach/ó thaobh an daonra de. 3. Ba chóir go mbeadh buanmhír maidir le Coiste na Réigiún ann ar bhonn ráithiúil; 4. Ba chóir plé níos mine a dhéanamh ar cheist na gcruinnithe cianda lena n-áirítear machnamh ar an seasamh náisiúnta, tionóil réigiúnacha eile, agus bearta chun rannpháirtíocht a bharrfheabhsú; 5. Ba chóir plé níos mine a dhéanamh ar cheist na n-oifigeach AE ar an leibhéal LÁ lena n-áirítear le húdaráis áitiúla/RTRÁO. 6. Ba chóir go leanfadh an Tionól Réigiúnach le comhtháthú struchtúir níos mó le ranna rialtais ábhartha a mholadh; 7. Ba chóir na sásraí cur chun feidhme SRSE a fheabhsú, agus ba chóir cumarsáid maidir le dul chun cinn a thuairisciú do na comhaltaí; 8. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar ról agus ar chineál na gcomhlachtaí réigiúnacha éagsúla chun éifeachtach agus comhordú eatarthu a fheabhsú 9. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr airgeadais agus foirne an tionóil réigiúnaigh i gcomhthéacs a róil agus trí thagairt a dhéanamh do chomhlachtaí poiblí eile.

Tasc Uimh.	Tasc	Dul chun cinn	Príomcheantar Dul chun cinn/Príomhfhadhb lena bhfuil bac á cur ar an dul chun cinn
2.2	**Struchtúir do Phlean Straitéiseach Ceantair Cathrach (MASP) a bhunú** CBR ábhartha 226: *Sásra Cur chun Feidhme don Straitéis agus do MASPanna.*		• Bhí rannpháirtíocht leanúnach ar siúl le Coiste Stiúrtha Phlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí (PSCC) do Cheantar Cathrach Chorcaí; • Bunófar struchtúir fhoirmiúla MASP faoin reachtaíocht do Mhéara Dírthofa Luimnigh; • D'ullmhaigh TRD cur chuige comhaontaithe – **'A Unified Voice'** do Cheantar Cathrach Phort Láirge lena bhféachtar le sásra foirmiúil comhordaithe/soláthair a chur ar bun lena nascfar Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Comhairle Contae Chill Chainnigh, Tionól Réigiúnach an Deiscirt, an Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht, RCPA, ranna rialtais ábhartha eile, agus páirtithe leasmhara ábhartha, agus é an cuspóir atá acu go léir Guth Aontaithe a sholáthar d'fhorbairt an Cheantair Cathrach. Tá rannpháirtíocht leanúnach ar siúl maidir le bunú na struchtúr nua sin; • Bhí TRD ina phríomhspreagadh maidir le hathrú struchtúrach MASP a mholadh leis an RTRÁO agus mar chuid d'obair an ECFE ar athbhreithniú an CNP.
2.3	**Táscairí Réigiúnacha a Fhorbairt agus Monatóireacht** CBRanna ábhartha: 68 *Infheistíocht Réigiúnach*; 71 *Bonn Fianaise Roinnte*; agus 226 *Sásra Cur chun Feidhme don Straitéis agus do MASPanna*		• Forbraíodh an Mol *Monatóireachta Forbartha Réigiúnaí* (MFR) ar tionscadal comhoibríoch é idir na trí Thionól Réigiúnacha, an Fhaireachlann Taighde Uile-Oileáin (AIRO) ag Ollscoil Mhá Nuad agus comhpháirtithe bonneagair spáis Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI) tríd an ardán GeoHive. Déantar réimse táscairí socheacnamaíocha agus comhshaoil ábhartha a chomhordú agus a shamhlú leis chun feidhmíocht gach ceann de na trí Réigiún a chur i láthair maidir leis na cuspóirí a leagtar amach ina SRSEnna faoi seach a bhaint amach. Soláthraítear leis sraith bonneagair náisiúnta léarscáilithe agus léirshamhlaithe chun cuidiú le Ranna Rialtais, Tionóil Réigiúnacha, Údaráis Áitiúla, pleanálaithe, lucht déanta beartas, taighdeoirí agus baill den phobal léargas níos fearr a fháil ar threochtaí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil chun cur le cinnteoireacht níos fearr. Dírítear ann freisin ar thascairí a bhaineann le Torthaí Straitéiseacha Réigiúnacha (TSRanna)/Ráitis Straitéise na SRSEanna mar aon lena n-athróga socheacnamaíocha agus comhshaoil cuí agus déanfar é a chatagóiriú i gceithre phríomhphrionsabal: Ár nDaoine agus ár nÁiteanna, *Á r dTodhchaí Glas & Inbhuanaithe, Geilleagar ár Réigiún, agus Peirspictíocht Uile-Oileáin;*

Tasc Uimh.	Tasc	Dul chun cinn	Príomcheantar Dul chun cinn/Príomhfhadhb lena bhfuil bac á cur ar an dul chun cinn
			• Tá ullmhú na Tuarascála Monatóireachta seo ina chéim ríthábhachtach chomh maith lena chinntiú gur féidir cur chun feidhme a thomhas go cruinn; • Cuireadh rianú ar sheachadadh bonneagair agus anailís ar phríomhthreochtaí lena n-áirítear torthaí Dhaonáireamh 2022, chomh maith le forbairt acmhainn GIS, chun feidhme go rathúil, rud a chuir leis an Tuarascáil seo agus a chuirfidh leis an mbonn fianaise don athbhreithniú atá le teacht ar an CNP agus ar an SRSE; • Beidh an Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST) don Athbhreithniú ar an SRSE atá le teacht á chur amach ar thairiscintí go luath. Tá sé beartaithe táscairí a fhorbairt le haghaidh Monatóireacht MST le Tionól Réigiúnach an Oirthir agus an Láir Tíre (TROLT) agus Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (TRTI) mar chuid dá bpróisis athbhreithnithe.
2.4	**Comhoibriú idir na Ceantair Chathrach: Corcaigh; Luimneach-an tSionainn; Port Láirge; agus Gaillimh.** CBR ábhartha 6: *Comhoibriú idir na Ceantair Chathrach.*		D'éascaigh an fhoireann Pleanála Réigiúnaí idirphlé idir na 3 Cheantar Cathrach, Corcaigh, Luimneach-an tSionainn agus Port Láirge sa Réigiún, ag díriú ar na saincheisteanna praiticiúla lena n-áirítear cruinnithe idir foireann TRD agus Údaráis Áitiúla chun tacú le cur chun feidhme an Bhonneagair Ghlais Ghoirm (BGG)a gus Réiteach Dúlrabhunaithe (RDB). Tá an obair sin nasctha leis an bhFóram Réigiúnach Dúlra níos leithne a sholáthraíonn ardán chun dea-chleachtas agus eolas sa réimse sin a roinnt.
2.5	**A chinntiú go ndéanfar Clár an SRSE le haghaidh Athrú a chorprú sa Phróiseas um Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (PEÁP).**		D'oibrigh TRD leis na húdaráis áitiúla ar fad sa Réigiún mar chuid dá bpróisis PÁEP, mar a cheanglaítear faoi Alt 66 den Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil. Tá stádas na bPÁEPanna éagsúla agus na dátaí chun Ráiteas Comhsheasmhachta a chomhaontú idir na PÁEPanna agus an SRSE leagtha amach sa tábla thíos.

Local Economic and Community Plans (LECPs)

Local Authority	Status - Regional Assembly Roles
Waterford City & County Council	Statement of Consistency agreed on 10/11/2023
Wexford County Council	Statement of Consistency agreed on 08/09/2023
Carlow County Council	Statement of Consistency agreed on 08/09/2023
Kilkenny County Council	Statement of Consistency agreed on 14/04/2023
Cork City Council	Statement of Consistency agreed on 12/04/2024
Cork County Council	Statement of Consistency agreed on 12/01/2024
Kerry County Council	LECP due Q4 2024
Limerick City & County Council	Statement of Consistency agreed on 12/04/2024
Clare County Council	Statement of Consistency agreed on 08/03/2024
Tipperary County Council	Statement of Consistency agreed on 10/11/2023

Tasc Uimh.	Tasc	Dul chun cinn	Príomcheantar Dul chun cinn/Príomhfhadhb lena bhfuil bac á cur ar an dul chun cinn
2.6	**Plean Gníomhaíochta don Réigiún Foghlama a chur i bhfeidhm.**		Tá rannpháirtíocht leanúnach ar siúl le páirtithe leasmhara lena n-áirítear HEIanna maidir leis an gCóras Treasach Aontaithe a fhorbairt. Ghlac TRD páirt freisin i Líonra uile-oileánda Chathracha Foghlama na hÉireann.
2.7	**Port Láirge a bhunú mar Chathair Foghlama UNESCO.** CBRanna ábhartha: 39 *Deiseanna agus Rogha Eacnamaíochta dár Saoránaigh uile*; 63 *Scileanna agus Tallann*; 186 *Foghlaim ar Feadh an tSaoil*; 187 *Oideachas agus Oiliúint*; 190 *Tionscnaimh um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil agus Cathracha Sláintiúla*; agus *CB MASP Phort Láirge* 23: *Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Scileanna.*		I ndiaidh iarratas in 2023 faoi stiúir Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, TRD agus Ollscoil Theicniúil an Oirdheiscirt (SETU), baineadh amach an tasc sin go rathúil nuair a rinneadh Cathair Foghlama ainmnithe UNESCO de Phort Láirge go luath in 2024. Tá rannpháirtíocht leanúnach ar siúl le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, SETU agus páirtithe leasmhara eile maidir le clár do Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil agus gníomhaíocht ghaolmhar a sholáthar i bPort Láirge.

Tasc Uimh.	Tasc	Dul chun cinn	Príomcheantar Dul chun cinn/Príomhfhadhb lena bhfuil bac á cur ar an dul chun cinn
2.8	**Straitéis Chumarsáide TRD a chur chun feidhme.** CBR ábhartha 73: *Brandáil Idirnáisiúnta an Réigiúin agus Clú.*		Déantar cuntais meán sóisialta agus suíomh gréasáin TRD a nuashonrú go leanúnach maidir le himeachtaí a tharlaíonn agus ar ábhair atá ábhartha sa Réigiún. Tá TRD i mbun suíomh gréasáin nua a fhorbairt faoi láthair, ar a soláthrófar faisnéis ar bhealach níos inrochtana. Seoladh tairseach brandála nua in 2023 freisin.
2.9	**Plean Gníomhaíochta um Réigiún Cliste an Deiscirt a fhorbairt.** CBR ábhartha 134: *Cathracha Cliste agus Réigiún Cliste.*		Tá tionscnamh um Réigiún Cliste an Deiscirt (RCD) á chur chun cinn ag TRD, ag tógáil ar a sheoladh an 18 Eanáir 2023. Áirítear leis na forbairtí: cur chuige réigiúnach a fhorbairt do Speisialtóireacht Chliste (S3), uirlis mhapála tionscadail Réigiúin Chliste an Deiscirt i gcomhairle le hÚdaráis Áitiúla agus páirtithe leasmhara, Plean Gníomhaíochta Réigiúin an Deiscirt a fhorbairt, agus chun Líonra Réigiúin Chliste an Deiscirt a bhunú. Tá TRD ag féachaint freisin ar chonairí féideartha maoiniúchán náisiúnta agus ón Aontais do shainseirbhísí chun oibriú leis an Tionól maidir leis na gníomhaíochtaí sin. Chuir TRD *Léiriú Spéise* faoi bhráid Choimisiún an Aontais Eorpaigh le go n-ainmneofaí é mar *Ghleann Nuálaíochta Réigiúnach.*
2.10	**Straitéis Lastais Réigiúnach a fhorbairt.** CBR ábhartha: 141 *Straitéis Lastais Réigiúnach.*		Ceanglaítear le Gníomhaíocht 24 de *Straitéis Tarlaithe Bóthair na hÉireann* 2022-2031 go dtreoródh na Tionóil Réigiúnacha, leis an NTA, forbairt maidir le Straitéisí Lasta ar an Leibhéal Réigiúnach i gcomhair le páirtithe leasmhara, i gcomhréir le spriocanna na SRSEnna. Ceanglaítear le Gníomhaíocht 23 freisin go n-ullmhófar straitéisí lasta ar an leibhéal cathrach do Chorcaigh, Luimneach-an tSionainn agus Port Láirge. Tá treochlár ullmhaithe ag TRD maidir le forbairt na straitéise sin i gcomhair leis an NTA. Cuirfear tús leis an bpróiséas in 2024 nuair a chríochnófar an *Straitéis Náisiúnta um Bainistíocht Éilimh* agus feabhsuithe maidir le sonraí trí Ghníomhaíocht 02, 03 agus 06 den Straitéis Tarlaithe Bóthair. Tá sé socraithe go mbeidh sé críochnaithe faoi R3/R4 2025.

Tasc Uimh.	Tasc	Dul chun cinn	Príomcheantar Dul chun cinn/Príomhfhadhb lena bhfuil bac á cur ar an dul chun cinn
2.11	**Straitéis Calafort agus Cuanta a fhorbairt do Réigiún an Deiscirt.** CBR ábhartha: 145 *Straitéis Calafort agus Cuanta do Réigiún an Deiscirt.*		Tar éis Cairt Tionscadail a chur i gcrích lena leagtar amach scóip agus spriocanna na hoibre sin, leanfaidh TRD le comhordú a dhéanamh leis an Roinn Iompair agus ag oibriú le páirtithe leasmhara iompair, comhlachtaí poirt, na hÚdaráis Áitiúla agus páirtithe leasmhara eile chun *Straitéis Calafort agus Cuanta do Réigiún an Deiscirt* a ullmhú in 2024. Fuarthas sainsheirbhísí taighde ag tús 2024 d'fhonn an tábhacht a léiriú a bhaineann leis an tionchair socheacnamaíoch agus cumas fáis sa todhchaí maidir le gníomhaíochtaí cuanta agus calafort agus a bhfiontar gaolmhara agus slabhraí soláthair do gheilleagar an Réigiúin (mar shócmhainní aonair agus comhshócmhainní réigiúnacha), na deiseanna atá ann do thodhchaí carbóin níos ísle agus ról na gcalafort maidir le forbairt fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a éascú. Cuirfear ar fáil leis an anailís seo freisin bonn fianaise d'fhonn ról tábhachtach ár gcalafort agus ár gcuanta amach anseo a chur in iúl chun forbairt chothrom eacnamaíochta réigiúnach a bhaint amach. Cuirfear an obair seo isteach san athbhreithniú ar an mBeartas Náisiúnta na bPort dírithe lena ghlacadh in R1 2025 agus ar phleananna straitéiseacha eile do cheantair chósta agus mhuirí ár Réigiún.
2.12	**Straitéis Aerfoirt a bhunú do Réigiún an Deiscirt.** CBR ábhartha 149: *Straitéis Aerfoirt do Réigiún an Deiscirt.*		Tar éis Cairt Tionscadail a chur i gcrích a leagann amach scóip agus spriocanna na hoibre seo, leanann TRD le comhordú a dhéanamh leis an Roinn Iompair agus ag oibriú leis an lucht iompair, aerfoirt, Údaráis Áitiúla agus páirtithe leasmhara eile chun *Straitéis Aerfoirt do Réigiún an Deiscirt* a ullmhú in 2024-2025. Mar chuid den obair seo, tá sé ar intinn ag TRD sainseirbhísí taighde a fháil d'fhonn an tábhacht a léiriú a bhaineann leis an tionchar eacnamaíochta bonneagair aerfoirt agus seirbhísí gaolmhara, fiontar agus slabhraí soláthair do gheilleagar an Réigiúin (mar shócmhainní aonair agus comhshócmhainní réigiúnacha), na deiseanna atá ann do thodhchaí ísealcharbóin don earnáil agus ról ár sócmhainní aerfoirt chun forbairt chothrom réigiúnach a bhaint amach. Cuirfear leis an obair seo isteach in athbhreithniú amach anseo ar an mbeartas náisiúnta eitlíochta atá beartaithe le tosú in 2024.

Tasc Uimh.	Tasc	Dul chun cinn	Príomcheantar Dul chun cinn/Príomhfhadhb lena bhfuil bac á cur ar an dul chun cinn
2.13	**Soghluaisteacht Inbhuanaithe.** CBRanna ábhartha: 151-174 agus CBR 176 *maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe, nascacht réigiúnach fheabhsaithe agus sochaí ísealcharbóin inbhuanaithe atá athléimneach ó thaobh aeráide de.*		• Rannpháirtíocht i bhFhoirean Ceannaireachta SMP, Foireann Seachadta SMP agus san údarás bainistíochta don Tionscadal Náisiúnta um Threo-Aimsitheoir 30, an Clár um Dlús a chur le Soghluaisteacht Inbhuanaithe i ngach ceann de na trí réigiún chun dearadh agus cur chun feidhme tionscadal um shoghluaisteacht chliste agus inbhuanaithe a éascú agus leibhéil níos airde d'athrú iompraíochta agus aistrithe córa iompair chun astaíochtaí carbóin ón earnáil iompair a laghdú. Is é TRD an t-údarás bainistíochta thar ceann na Roinne Iompair agus trí Thionól Réigiúnacha chun an tionscadal 3 Bliana sin a sholáthar. Lainseáladh an Clár in 2023. Bíonn cruinnithe ráithiúla ar siúl le páirtithe leasmhara Raon a hAon (Údaráis Áitiúla). Beidh oiliúint ar siúl do pháirtithe leasmhara Rian a Dó (Comhairleoirí) in R4 2024. • Tacaíocht leanúnach d'fhothú acmhainní agus gníomhaíochtaí chun cathracha, bailte agus comharsanachtaí 10-15 nóiméad a chur i bhfeidhm, ag tógáil ar fhoilsiú na Tuarascála Modheolaíochta agus Creata Baile 10 Nóiméad de chuid Thionól Réigiúnach an Deiscirt. • Ullmhú agus cur chun feidhme Straitéisí Iompair Uirbigh (CMATS, LSMATS agus WMATS), Pleananna Iompair Áitiúil agus Pleananna um Shoghluaisteacht Uirbeach Inbhuanaithe; • Comhordú le Rannóg na hÉireann um Fheithiclí Astaíochtaí Nialasacha de chuid na Roinne Iompair maidir le cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2022-2025 ar an leibhéal réigiúnach; • Teagmháil a dhéanamh le RI/NTA maidir le Bainistíocht ar Éileamh.
2.14	**Bonneagar Gorm Glas (BGG) agus Réitigh Dhúlrabhunaithe (RDB) a chur chun feidhme le haghaidh seachadadh bonneagair.** CBR ábhartha: 124 *Bonneagar Glas*		Tá rannpháirtíocht leanúnach leis na hÚdaráis Áitiúla agus gníomhaireachtaí eile chun BGG agus RDB a chur chun cinn lena n-áirítear oibriú le ESPON agus Ollscoil Mhaigh Nuad ar chomhsheiminéar i mí na Nollag 2023. Tionóltar cruinnithe leanúnacha den Fhóram Réigiúnach Dúlra a sholáthraíonn struchtúr tacaíochta d'Údaráis Áitiúla, do ghníomhaireachtaí agus do chleachtóirí eile a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm praiticiúil BGG agus RDB agus feidhmíonn siad mar fhóram chun saincheisteanna/bacainní coiteanna a phlé agus chun eolas a roinnt. Leanann an tasc seo le hobair thionscadal Chathracha Gorma Glasa INTERREG Europe.

Tasc Uimh.	Tasc	Dul chun cinn	Príomcheantar Dul chun cinn/Príomhfhadhb lena bhfuil bac á cur ar an dul chun cinn
2.15	**Treochlár um Straitéis Réigiúnach Leictreachais In-athnuaite a fhorbairt.** CBR ábhartha: 98 *Straitéis Réigiúnach Fuinnimh In-athnuaite.*		Mar aon leis an dá Thionól Réigiúnacha eile, ghlac an fhoireann Pleanála Réigiúnaí páirt i gcruinnithe comhairliúcháin mar aon le SEAI agus Ranna Rialtais (RCAC agus RTRÁO) maidir le forbairt ar Threochlár maidir le Straitéisí Réigiúnacha Leictreachais In-athnuaite (SRLI) a ullmhú ag gach Tionól Réigiúnach. Is gníomh é an tasc sin de chuid Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais agus Cuspóir Beartais Náisiúnta (CBN) sa Chéad Dréacht den CNP Athbhreithnithe.
2.16	**Dícharbónú Réigiúnach.** CBR ábhartha: 90 *Dícharbónú Réigiúnach.*		Tá taighde ar *Chríocha agus ar Gheilleagar Ísealcharbóin* déanta mar chuid de Thionscadal Locate ESPON agus soláthrófar leis taighde cúlra úsáideach chun *Plean um Dhícharbónú Réigiúnach* a ullmhú. Tá Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt (GFID) ag tabhairt faoi roinnt réamhoibre freisin do Phlean um Dhícharbónú Réigiúnach (PDR) mar chuid de 1ú Tionscadal Interreg REGIO.
2.17	**Gníomhú ar son na hAeráide a Chomhordú le hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO).** CBRanna ábhartha: 87 *Todhchaí Fuinnimh Ísealcharbóin;* 88 *Plean Náisiúnta um Maolú agus Creat Náisiúnta um Oiriúnú;* 89 *Athléimneacht i leith an Athraithe Aeráide a Fhorbairt; agus 90: Dícharbónú Réigiúnach.*		Leanann an Fhoireann Pleanála Réigiúnaí le páirt a ghlacadh i gcruinnithe ráithiúla an Ghrúpa Stiúrtha le *Bord Farraige Theas CARO an Deiscirt*, ar cheisteanna a bhaineann leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil.
2.18	**Scóip agus ról na Straitéise Réigiúnaí Tírdhreacha don Réigiún a shainaithint.** CBR ábhartha: 129 *Tírdhreach.*		Tá moill curtha ar an dul chun cinn maidir leis an tasc sin go dtí go bhforbrófar an *Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha.*

Tasc Uimh.	Tasc	Dul chun cinn	Príomcheantar Dul chun cinn/Príomhfhadhb lena bhfuil bac á cur ar an dul chun cinn
2.19	**Tacú le forbairt na Conaire Thoir agus tacaíocht leanúnach do thionscnamh Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh.** CBRanna ábhartha 41: *Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh* agus 42: *An Chonair Thoir.*		Tá sonraí maidir le cur chun feidhme Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh leagtha amach i gCaibidil 4 *Réigiún Cruthaitheach agus Nuálach.* Tar éis an réamhthaighde ar an gConair Thoir a rinneadh in 2023 i mí Feabhra, oibríodh le comhaltaí tofa TRD ó Loch Garman agus bhí cruinniú ann leis an bhFeidhmeannach ag Comhairle Contae Loch Garman. Tá tuilleadh rannpháirtíochta ar siúl le Comhairle Contae Loch Garman agus le páirtithe leasmhara eile.
2.20	**Acmhainn a fhorbairt agus cumas tairisceana na n-údarás áitiúil, gníomhaireachtaí rialtais agus páirtithe leasmhara réigiúnacha a neartú.** CBR ábhartha: 70 *Acmhainn Tairisceana.*		Tá cur chun feidhme maidir leis sin á dhéanamh ar bhonn leanúnach trí aighneachtaí maidir leis na Pleananna Forbartha, forbairt ceardlann, rannpháirtíocht le hÚdaráis Áitiúla agus Líonra ETC.
2.21	**Pleanáil Spásúlachta Mhuirí.** CBRanna ábhartha: 76 *Geilleagar Muirí;* 77 *Pleanáil Spásúlachta Mhuirí – Comhsheasmhacht agus Ailíniú*; agus 78: *Ceannródaí faoin gCreat Náisiúnta Pleanála Muirí.*		Táthar ag leanúint le comhordú a dhéanamh leis an RTRÁO- Rannóg um Beartas agus Reachtaíocht Mhuirí (agus anois leis an RCAC) maidir le róil réigiúnacha i bpróisis na bPleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe (DMAPS) amach anseo. Ghlac TRD páirt i rannpháirtíocht páirtithe leasmhara i bhforbairt an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe (DMAP) don Chósta Theas (Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta).
2.22	**Pleananna Fiontar Réigiúnacha.** Ráiteas Straitéise Réigiúnaí Ábhartha: 5 *A Geilleagar láidir*		Leanann TRD le páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme na bPleananna Fiontair Réigiúnacha, lena n-áirítear ról ceannaire gníomhaíochta agus comhpháirtí gníomhaíochta a ghlacadh chun cuidiú le grúpaí oibre téamacha a thionólfar chun REPanna an Iardheiscirt, an Iarthair Láir, an Oirdheiscirt a chur chun feidhme de réir mar is gá. Bíonn rannpháirtíocht ar choistí stiúrtha cur chun feidhme agus líonrú leis na trí Bhainisteoirí Cláir REP ar siúl freisin.

Tasc Uimh.	Dul chun cinn	Progress	Príomcheantar Dul chun cinn/Príomhfhadhb lena bhfuil bac á cur ar an dul chun cinn
2.23	**Bithgheilleagar a fhorbairt trí Thionscadal ROBIN.** CBRanna ábhartha: 57 *Ráiteas Beartais Náisiúnta um Bithgheilleagar*; agus 58 *Bithgheilleagar agus Ceantair Thuaithe.*		Faoi stiúir Rannán Chláir an Aontais, tá an fhoireann Pleanála Réigiúnaí páirteach i soláthar leanúnach an tionscadail *ROBIN*, a bhfuil sé mar aidhm leis cumhacht a thabhairt do réigiúin na hEorpa a samhlacha agus a struchtúir rialachais a oiriúnú ar bhealaí lena gcuirfear dlús le baint amach a gcuid spriocanna bithgheilleagair chiorclaigh agus nuálaíocht shóisialta á cur chun cinn agus cuntas á thabhairt ar chomhthéacsanna éagsúla teorann. Leis an tionscadal, forbraíodh *Gníomhaíochtaí Tacaíochta ROBIN do Rialachas Bithgheilleagair* agus tá *Uirlis Phleanála um Chaomhnú Comhshaoil Bosca Uirlisí ROBIN* á tástáil leis anois.
2.24	**Ról TRD i gComhfhorbairt Áite a fhorbairt; agus Lonnaíochtaí Inbhuanaithe agus Dlútha.** CBRanna ábhartha: 31 *Creat Áiteanna Inbhuanaithe*; 34 *Forbairt Athghiniúna, Athfhorbraíochta agus Inlíonta*; agus 35 *Tacaíocht le haghaidh Dlúthfháis.*		D'ullmhaigh TRD aighneachtaí mar chuid den chomhairliúchán le haghaidh Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe agus Dlúth-Lonnaíochtaí - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (RTRÁO, 2024). Pléadh rannpháirtíocht bhreise a d'fhéadfadh a bheith leis an Roinn, chun an dea-chleachtas maidir le dearadh agus comhfhorbairt áite a chur chun cinn agus chun cuidiú leis na húdaráis áitiúla sa réimse sin. Tá TRD ina chomhpháirtí freisin i dtionscadal Interreg Europe dar teideal PROXIMITIES, lena gcuirfear chun cinn an coincheap maidir le comhfhorbairt áite mhaith agus an cur chuige maidir le dlúthfhás i suíomhanna imeallacha na 3 Chathair sa Réigiún – Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge.
2.25	**A chinntiú go léireofar an dearcadh réigiúnach agus rannpháirtíocht i bpróisis/fóraim chur chun feidhme beartas ábhartha Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha lena n-áirítear (féach an liosta thall):**		• Fóram Comhairleach Athbhreithnithe an CNP • Sainghrúpa Athbhreithnithe an CNP • An Roinn Iompair – Beartas um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe – Grúpa Ceannaireachta; • Bord Thionscadal Éireann 2040; • An Fóram Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide; • An Fóram Náisiúnta um Measúnú Straitéiseach Timpeallachta; • Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce de chuid Uisce Éireann agus Pleananna Réigiúnacha um Acmhainní Uisce; • Pleananna Fiontar Réigiúnacha; Rannpháirtíocht an Ghrúpa Stiúrtha do Phleananna Fiontair Réigiúnacha an Iardheiscirt, an Iarthair Láir, an Oirdheiscirt; • Fóram Scileanna Réigiúnacha (Iardheisceart, Iarthar Láir, Oirdheisceart);

Tasc Uimh.	Tasc	Dul chun cinn	Príomcheantar Dul chun cinn/Príomhfhadhb lena bhfuil bac á cur ar an dul chun cinn
			• Foireann Idirthréimhse Réigiúnach Lár na Tíre (MRTT); • Tús Áite do Lár an Bhaile; • Grúpa stiúrtha - Straitéis Bainistíochta Athrú Cósta; • Grúpa Comhairleach an PÁEP; • Grúpa Stiúrtha um Pleanáil don Athrú Aeráide; • Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh; • Comhairliúchán agus comhordú le RI, TII agus NTA chun Straitéis Iompair RSES a chur chun feidhme lena n-áirítear ullmhú agus cur chun feidhme Straitéisí Iompair Uirbigh (CMATS, LSMATS agus WMATS) agus Pleananna Iompair Áitiúil • Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin - an Roinn Iompair; • Athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta Lastais Iarnróid le hIarnród Éireann; • An Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí – comhairliúchán leis an RTRÁO; • An Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí; • Rannpháirtíocht, taighde agus oiliúint trí Fhóram OPR; • Taighde acadúil le COBÁC (faoi Scéim Comhpháirtíochta Fiontraíochta na Comhairle um Thaighde in Éirinn) ar Comhionannas Réigiúnach a Bhaint Amach – Dinimic Uirbeach Tuaithe i Réigiún an Deiscirt in Éirinn Beartas Líonra Iompair Tras-Eorpach (TEN-T) an AE; • Fóram Iompair Idirnáisiúnta (ITF); • Coiste Pleanála Mara Fhoras Pleanála na hÉireann (IPI).
2.26	**Tá aighneachtaí a rinne TRD in 2022 agus in 2203 ar fáil in Aguisín 3.**		
2.27	**Próiseas na bPleananna Forbartha.**		Rinneadh ailíniú suntasach idir creat an bheartais pleanála ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúla le glacadh na bPleananna Forbartha Údaráis Áitiúil le linn 2022 agus 2023; Bhí an TRD i mbun rannpháirtíocht shuntasach leis na húdaráis áitiúla tríd an bpróiseas sin. Tá sonraí iomlána faoi na dátaí glactha do na Pleananna Forbartha leagtha amach i gCaibidil 3 *Réigiún Inmharthana*.

Tasc Uimh.	Tasc	Dul chun cinn	Príomcheantar Dul chun cinn/Príomhfhadhb lena bhfuil bac á cur ar an dul chun cinn
2.28	**Monatóireacht um Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MTS).**		Ceanglaítear le hAirteagal 10 den Treoir MTS go ndéanfaí monatóireacht chun aon éifeachtaí díobhálacha gan choinne de thoradh plean a chur chun feidhme a shainaithint ag céim luath, agus chun go mbeifear ábalta beart leasúcháin a dhéanamh. Braitheann cur chun feidhme an SRSE go mór ar chláir mhonatóireachta reatha arna mbainistiú ag gníomhaireachtaí eile. Tá dúshláin shuntasacha ann faoi láthair maidir le rochtain a fháil ar shonraí cuí atá cothrom le dáta atá ailínithe le monatóireacht ar MST an SRSE. Agus aghaidh á tabhairt ar an dúshlán sin, tá sé beartaithe ag na Tionóil Réigiúnacha cur chuige caighdeánaithe Mhonatóireacht MST an SRSE a cheapadh lenar féidir sonraí ábhartha a chomhtháthú sa Mhonatóir Forbartha Réigiúnaí. Tríd an bhFóram Náisiúnta MST, tá na Tionóil Réigiúnacha ag obair go gníomhach le príomhpháirtithe leasmhara maidir le Monatóireacht MST an SRSE agus thairg an GCC cuidiú do na Tionóil Réigiúnacha chun Monatóireacht MST an SRSE a chur chun cinn. Tá sé beartaithe freisin breathnú ar tháscairí níos fearr chun próiseas na monatóireachta MST a dhéanamh níos éasca lena chur chun feidhme mar chuid de Athbhreithniú an SRSE atá le teacht.





3.0. Réigiún Inmharthana

Sa chuid seo, dírítear ar ghníomhaíochtaí cur chun feidhme a dhéanann comhlachtaí poiblí agus údaráis áitiúla faoin téama *Réigiún Inmharthana* i Straitéis an SRSE. Tá gníomhaíochtaí TRD féin sa réimse sin tugtha i gCaibidil 2 *Comhoibriú Náisiúnta agus Réigiúnach*. Tacaíonn *Réigiún Inmharthana* an SRSE le *pobail agus áiteanna inbhuanaithe agus cuimsitheacha, rud a chuireann feabhas ar ár gcaighdeán beatha agus an mealltacht réigiúnach*. Le heisiúint sonraí tábhachtacha ó Dhaonáireamh 2022 agus foinsí eile atá ar fáil, tá anailís ar fheidhmíocht an Réigiúin sa réimse sin tugtha sa chaibidil seo freisin. Cuideoidh sé sin le TRD agus le lucht déanta beartas eile amach anseo, chun léiriú níos éifeachtaí a thabhairt ar an dóigh a bhfuil an SRSE agus a chuspóirí á gcur chun feidhme agus chun réimsí a mholadh ar gá aghaidh a thabhairt orthu.

3.1. Ráitis Straitéise

Ráitis Straitéise Ábhartha:

- **Ráiteas Straitéise 1** *Dlúthfhás* Ár gcathracha agus ár gceantair chathrach a neartú agus a mhéadú; leas a bhaint as comhneart ár 3 chathair mar fhrithchothromaíocht i leith Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, trí fhorbairt ardcháilíochta; athghiniúint agus dlúthfhás; tógáil ar an ngréasán láidir bailte agus tacú lenár sráidbhailte agus lenár gceantair thuaithe;
- **Ráiteas Straitéise 3** *Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe* Neartú a dhéanamh ar ról chaighdeán na beatha i gceantair tuaithe agus i bpobail éagsúla an Réigiúin agus é a fheabhsú agus meas a bheith ar ár Réigiún tuaithe mar réigiún dinimiciúil, athléimneach agus réamhbhreathnaitheach;
- **Ráiteas Straitéise 7** *Éagsúlacht, Teanga, Cultúr agus Oidhreacht a Fheabhsú* Éagsúlacht, teanga agus cultúr ár Réigiúin, ár sócmhainní fóillíochta, agus ár n-oidhreacht nádúrtha agus thógtha a neartú agus a chosaint;
- **Ráiteas Straitéise 9** *Forbairt Inbhuanaithe phleanáilte agus bunaithe ar bhonneagar* Bonneagar agus seirbhísí a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe, pleanáilte agus bunaithe ar bhonneagar chun bainistiú inbhuanaithe dramhaíola uisce agus acmhainní comhshaoil eile a chinntiú;
- **Ráiteas Straitéise 11** *Réigiún Cuimsitheach Idirnáisiúnta* Réigiún idirnáisiúnta cuimsitheach réamhbhreathnaitheach a fhorbairt ar an ardán domhanda.



Ráiteas Straitéise 1

Dlúthfhás - Ár gcathracha agus ár gceantair chathrach a neartú agus a mhéadú; leas a bhaint as comhneart ár 3 chathair mar fhrithchothromaíocht i leith Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, trí fhorbairt ardcháilíochta; athghiniúint agus dlúthfhás; tógáil ar an ngréasán láidir bailte agus tacú lenár sráidbhailte agus lenár gceantair thuaithe.

3.1.1. Pleananna Forbartha Údaráis Áitiúil

CBR 3: *Príomhstraitéisí na nÚdarás Áitiúil*

Rinneadh ailíniú suntasach idir creat an bheartais pleanála ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúla agus na Pleananna Forbartha Údaráis Áitiúil seo a leanas glactha:

- Ceatharlach: Tháinig sé i bhfeidhm an 4 Iúil 2022;
- An Clár: 20 Aibreán 2023. Ordachán ón Aire: 3 Lúnasa 2023;
- Cathair Chorcaí: 8 Lúnasa 2022. Ordachán

ón Aire an 2: Nollaig 2022. Glacadh leagan 1 an 8 Lúnasa 2023;
- Contae Chorcaí: 6 Meitheamh 2022, Treoir Aire: 28 Meán Fómhair 2022;
- Ciarraí: 15 Lúnasa 2022. Ordachán ón Aire an 5 Nollaig 2022;
- Cill Chainnigh: 15 Deireadh Fómhair 2021. Dréacht-Ordachán ón Aire nár gcuireadh i gcrích. Glacadh leagan 1 an 20 Samhain 2023;
- Luimneach: 29 Iúil 2022. Ordachán ón Aire an 4 Samhain 2022. Athbhreithniú Breithiúnach ar siúl. Glacadh leagan 1 an 22 Bealtaine 2023;
- • Tiobraid Árainn: 22 Lúnasa 2022;
- Port Láirge: 19 Iúil 2022. Athbhreithniú Breithiúnach;
- Loch Garman: 22 Iúil 2022.
- Wexford: 22nd July 2022.

3.1.2. Pleananna Limistéir Áitiúil agus Creat/Príomhphleananna

CBR 2: Pleanáil do Cheantair Éagsúla
CBR11: Príomhbhailte

Sholáthair na húdaráis an t-eolas seo a leanas maidir le Pleananna Ceantair Áitiúil, lena n-áirítear na cinn le haghaidh Príomhbhailte, ina gcuimsítear ullmhú Pleananna Iompair Áitiúla freisin:

Údarás Áitiúil	Baile
Ceatharlach	• Beidh dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Uirbigh Cheatharlach-na Gráige 2024-2030 ar taispeáint go poiblí go dtí an 5 Feabhra 2024; • Tá Páipéar Saincheisteanna ar Phlean Ceantair Áitiúil Muine Bheag-na Darach Ríoga 2024-2030 le teacht i R1 de 2024; • Tá Páipéar Saincheisteanna ar Phlean Ceantair Áitiúil na Tulaí 2024-2030 le teacht i R1 de 2024;
An Clár	• Tá Plean Ceantair Áitiúil Bhaile na Sionainne agus an Cheantair Máguaird 2024-2030 ag an gcéim réamhdhréachta; • Tá Plean Ceantair Áitiúil Bhaile na hInse agus an cheantair máguaird ag an gcéim bailithe eolais sula n-ullmhófar Páipéar Saincheisteanna.
Cathair Chorcaí	• Creatphlean do Cheantar Chorcaí á ullmhú; • Cuireadh tús le hobair in 2023 ar Chreatphlean na Linne Duibhe Thuaidh / Chill Barra; • Cuireadh tús le hobair in 2023 ar Limistéar Forbartha na Blarnan Thoir / na Coille Cruinne; • Tá tús curtha le roinnt obair ullmhúcháin ar Chreat-Mháistirphlean Stoneview; • Cuireadh tús le hobair in R4 2023 ar Chreatphlean Dhúglais; • Cuireadh tús le hobair in 2023 ar Chreatphlean Thairseach na gCathracha Aerfoirt; • Cuireadh tús le hobair in R 2 2023 ar Chreatphlean Comharsanachta Ascaill De Rennes; • Cuireadh tús le hobair in 2023 ar Phlean Athghiniúna Ionad Comharsanachta na linne Duibhe; • Cuireadh tús le hobair in 2023 ar Mháistirphlean Pháirc Réigiúnach an Iarthuaiscirt;
Contae Chorcaí	Níl aon phlean ceantarbhunaithe ullmhaithe ó glacadh leis an bPlean Forbartha Contae.

Údarás Áitiúil	Baile
Ciarraí	• Tá PCÁ 2023-29 CC an Neidín ag an gcéim leasaithe ábhartha faoi láthair. Meastar go nglacfar é i mí Aibreáin 2024; • Meastar go bhfoilseofar Dréacht-PCÁ 2024-30 CC Thrá Lí, i mí an Mheitheamh 2024; • Meastar go bhfoilseofar Dréacht-PCÁ 2024-30 CC Chill Áirne i mí Iúil 2024; • Glacadh Máistirphlean Deartha Shráidbhaile na Fianaite in 2022; • Tá Dréacht-Mháistirphlean Bhaile an Mhuilinn á thabhairt chun críche faoi láthair; • Tá tairiscint á foilsiú do Mháistirphlean Oileán Ciarraí;
Cill Chainnigh	• Tá PCÁ 2023-29 CC an Neidín ag an gcéim leasaithe ábhartha faoi láthair. Meastar go nglacfar é i mí Aibreáin 2024; • Meastar go bhfoilseofar Dréacht-PCÁ 2024-30 CC Thrá Lí, i mí an Mheitheamh 2024; • Meastar go bhfoilseofar Dréacht-PCÁ 2024-30 CC Chill Áirne i mí Iúil 2024; • Glacadh Máistirphlean Deartha Shráidbhaile na Fianaite in 2022; • Tá Dréacht-Mháistirphlean Bhaile an Mhuilinn á thabhairt chun críche faoi láthair; • Tá tairiscint á foilsiú do Mháistirphlean Oileán Ciarraí;
Luimneach	• Cuirfear tús le Plean Limistéir Áitiúil do cheantar Phort an Chalaidh/ Bhaile Phiarais i mí an Mhárta 2024 agus críochnófar é in R1 2025; • Cuirfear tús le Plean Limistéir Áitiúil do cheantar Chaisleán an Chomair i mí Aibreáin 2024 agus críochnófar é in R2 2025; Ullmhaíodh máistirphleananna dóibh seo a leanas: • limistéar athghiniúna Cheathrú na Mainistreach (2023); • Comharsanacht Loch Mocháisc (2023); • Sráidbhaile Áth na nUrlainn (2023); Tá máistirphleananna á n-ullmhú dóibh seo a leanas: Baile Átha Ragad, Cill Mhic Bhúith, Baile Phóil, Campas Chainnigh agus (tailte FSS i gCathair Chill Chainnigh). Táthar ag súil go mbeidh siad críochnaithe faoi dheireadh 2024.
Tiobraid Árainn	• Plean Ceantair Áitiúil Chluain Meala & an Cheantair Máguaird 2024-2030 – le déanamh i mí Feabhra 2024; • Plean Ceantair Áitiúil an Aonaigh & an Cheantair Máguaird 2024-2030 – le déanamh i mí Feabhra 2024; • Plean Ceantair Áitiúil Dhurlais & an Cheantair Máguaird 2024-2030 – le déanamh i mí Feabhra 2024; • Plean Ceantair Áitiúil Ros Cré 2023-2029 – tháinig sé i bhfeidhm ón 23 Deireadh Fómhair 2023. Forbraíodh Céad Phlean Lár Bhaile Ros Cré i gcomhar leis an PCÁ agus cuirtear ar bhonn reachtúil é trína chuimsiú laistigh den PCA.

Údarás Áitiúil	Baile
	Tá máistirphleananna i bhfeidhm do cheantair laistigh de: Cluain Meala (Baile an Gharráin); An tAonach (Bóthar an Tobair); Durlas (Straitéis Athnuachana Lár Bhaile Dhurlais); agus Ros Cré (Bóthar Mhig Sheanlaoich) agus tugtar éifeacht reachtúil dóibh trí chuspóirí a chuimsiú sna PCÁnna ábhartha. Tá na máistirphleananna seo ag céimeanna éagsúla dá gcur chun feidhme. Táthar le tús a chur le Pleananna Ceantair Áitiúil do Chaiseal, do Charraig na Siúire, don Teampall Mór agus do Bhaile Thiobraid Árann in 2024. Tá Máistirphlean do Champas Bithgheilleagair an Lisín le foilsiú in 2024 chun tacú le hathfhorbairt an cheantair sin, ceantar atá san áireamh laistigh de Chrios Dícharbónaithe Thiobraid Árann (DZ).
Port Láirge	Pleananna Ceantair Áitiúil don Trá Mhór agus Dún Garbhán/Baile an Róid agus comhairleoirí á gceapadh ina leith chun Pleananna Iompair Áitiúla a ullmhú mar chuid den phróiseas sin.
Loch Garman	• Tá ullmhú Pleananna Ceantair Áitiúil do bhaile Loch Garman agus Inis Córthaidh ag dul chun cinn agus cuimsítear leo Pleananna Iompair Áitiúla a ullmhú; • Cuireadh síneadh 3 bliana le Plean Ceantair Áitiúil Ghuaire 2017-2023; • Leathnaíodh Plean Ceantair Áitiúil Bhaile na Cúirte agus Shéipéal na hAbhann 2015-2021 go dtí 2026.

Tábla 3.1 | Pleananna Ceantair Áitiúil de réir an Údaráis Áitiúil

3.1.3. Ciste Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF)

Áirítear leis seo a leanas sonraí maidir le tionscadail atá á maoiniú faoin URDF ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá sé mar aidhm leis an URDF forbairt níos dlúithe agus níos inbhuanaithe a sholáthar, trí athghiniúint agus athnuachan a dhéanamh ar chúig chathair na hÉireann agus ar bhailte móra eile na hÉireann (ina bhfuil níos mó ná 10,000 daonra agus 2,500 post).

CBR 7: Soláthar agus Maoiniú

Ceatharlach – Máistirphlean do lár bhaile Cheatharlach agus Tionscadal Nascachta don Réimse Poiblí agus do Choisithe

An Clár – Máistirphlean Lár Bhaile na Sionainne; Athbheochan Réimse Phoiblí Lár Bhaile na hInse;

Cathair Chorcaí - Beamish agus Crawford/ Ceathrú Shráid an Chapaill Bhuí; Ceantar Dugaí Chathair Chorcaí; Dugaí Tivoli; agus clós Stáisiún Kent;

Contae Chorcaí – Bóthar Faoisimh Thiar Charraig Uí Leighin; Réimse Poiblí Príomhshráid Mhainistir na Corann; Ionad Diaspóra an Chóibh; Réimse Poiblí Charraig Thuathail; Athbheochan Bhaile Mhala; Braisle Cuanta an Phasáiste-Rinn an Scidígh-Charraig Uí Leighin;

Ciarraí – Obair Réimse Phoiblí agus Athbheochan Eacnamaíochta Lár Bhaile Chiarraí; Réimse Poiblí Chill Áirne, Máistirphlean Áras Phádraig agus Destination Killarney;

Cill Chainnigh – Ceathrú na Mainistreach; Tionscadal um Fheabhas ar a Inmharthana atá Lár na Cathrach;

Luimneach – Athbheochan Lárionad Uirbeach Shráid Uí Chonaill; Ionad um Chomhoibriú Digiteach agus Réaltacht Fhíorúil; Clár na Cathrach Seoirsí Beo; Tionscadal an Árais Ceoldrámaíochta; Ceantar Digiteach OL;

Tiobraid Árann – Cearnóg na Saoirse, Durlas; Athbheochan Bunathraitheach Chluain Meala 2030; Ionad Bairr Feabhas Fuinnimh Inmharthana an Aonaigh;

Port Láirge – Athbheochan Lár Chathair Phort Láirge; Céanna Phort Láirge Thuaidh; Lár Baile Thrá Mhór;

Loch Garman – Tionscadal Trinity Wharf.

3.2. Anailís ar threochtaí le déanaí a rinne TRD

Is í seo an chéad Tuarascáil Monatóireachta, ina bhfuil scaipeadh mionsonraithe ar thorthaí Dhaonáireamh 2022 ar fáil agus a chuidigh leis an anailís ar threochtaí le déanaí don Réigiún. Nuair a rinneadh Daonáireamh 2022 an 3 Aibreán 2022, bhí tosca amhail srianta Covid-19 a baineadh amach le déanaí, lena n-áirítear patrúin suntasacha maidir le hobair ón mbaile fós le feiceáil. Ní raibh tionchair na hinimirce mar gheall ar an gcogadh san Úcráin réadaithe go hiomlán fós ach an oiread. Rabhadh eile leis na figiúirí sin is ea an chéim luath phróiseas Thionscadal Éireann 2040 agus nár glacadh Pleananna Forbartha na n-údarás áitiúil go dtí le déanaí. Níltear ag súil go bhfeicfear tionchar iomlán na n-athruithe beartais le déanaí maidir le fás réigiúnach cothromaithe.

3.2.1. Fás Daonra an Réigiúin agus Limistéir Pleanála Straitéisí



Fíor 3.1 | Forléargas ar Fhás an daonra náisiúnta agus réigiúnaigh, 2016 go 2022 (Foinse: An Monatóir Forbartha Réigiúnaí)

Tháinig méadú 7.4% ar dhaonra Réigiún an Deiscirt, agus tháinig méadú 9.1% ar Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre idir 2016 agus 2022, rud a thaispeánann go raibh dáileadh an fháis ualaithe go mór i bhfabhar an oirthir. Laistigh de Réigiún an Deiscirt, bhí an leibhéal fáis ba láidre le feiceáil laistigh de Limistéar Pleanála Straitéisí an Oirdheiscirt (LPS) ag 8.4%, an tIardheisceart ina dhiaidh sin ag 7.2% agus an t-Iarthar Láir ina dhiaidh sin ag 6.8%. Ar bhonn náisiúnta, is fiú a thabhairt faoi deara gur tháinig an ráta fáis ba shuntasaí maidir le LPS an Oirthir thar an tréimhse ag 10.9%, rud a léiríonn fócas fáis laistigh de chrios comaitéireachta Bhaile Átha Cliath, agus fás 8.2% ar LPS Bhaile Átha Cliath.

3.2.2. Fás Daonra na nÚdarás Áitiúil agus na gCeantar Cathrach



Fíor 3.2 | Forléargas ar an bhfás daonra i gceantar na comhairle cathrach (lena n-áirítear ceantair chathrach agus neamhchathrach), 2016 go 2022 (Foinse: Daonáireamh 2022, Anailís TRD)

Ar leibhéal na n-údarás áitiúil sa Réigiún, bhí na rátaí fáis ab airde i gContaetha Phort Láirge (9.6%), Loch Garman (9.5%) agus Ceatharlach (8.8%). In ainneoin an ráta fáis san Oirdheisceart i gcoitinne, bhí an ráta fáis ab ísle sa Réigiún ag 5% i gContae Chill Chainnigh. As na trí Cheantar Cathrach: Tháinig méadú 7.7% ar Chorcaigh, figiúr atá faoi bhun an mheáin náisiúnta; d'fhás Luimneach-an tSionainn díreach os cionn an mheáin náisiúnta ag 8.2%; agus d'fhás Port Láirge ag ráta níos airde de 11.2%.

3.2.3. Rátaí Céatadáin Fáis i gcoinne Réamh-mheastacháin Daonra



Fíor 3.3 | Fás Daonra Iarbhír i gcomparáid le Fás Daonra Réamh-Mheasta i gcás na n-údarás áitiúil (lena n-áirítear ceantair chathrach agus neamhchathrach), Réigiún an Deiscirt, 2016 go 2022 (Foinse: Daonáireamh 2022)



Fíor 3.4 | Fás Daonra Réamh-Mheasta i gcomparáid le Fás Daonra Iarbhír na gCeantar Cathrach (léirithe mar chéatadán), 2016 go 2022 (Foinse: Daonáireamh 2022)

Agus spriocanna fáis pleanáilte á sainaithint ar fud an Réigiúin, leagtar amach sa SRSE fás réamh-mheasta amach ó 2016 go 2026, agus go dtí 2031. Nuair a dhéantar rátaí fáis go 2026 a eachtarshuíomh do 2022, feictear gur tháinig fás 91% ar an ráta fáis réamh-mheasta ar Réigiún an Deiscirt, gur tháinig méadú 134% ar Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre agus gur tháinig méadú 83% Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair bunaithe ar Réamh-mheastachán Threochlár Cur chun Feidhme an CNP.

Tháinig méadú suntasach os cionn a ráta fáis réamh-mheasta ar chontaetha Cheatharlach, Loch Garman agus codanna neamhchathrach de Chontaetha Phort Láirge agus an Chláir (> 150%). Go suntasach, tháinig méadú 195% dá fhás réamh-mheasta ar an gcuid neamhchathrach de Chontae Phort Láirge. I gcomparáid leis sin, d'fhás na Ceantair Chathrach go ginearálta ag ráta i bhfad ní b'ísle ná mar a bhí réamh-mheasta: Corcaigh 56%; Luimneach-an tSionainn: 60% agus Port Láirge 76%. Léirítear leis sin difríocht shuntasach maidir le fás na gCeantar Cathrach agus an chuid eile den Réigiún.

Faoi Fhíor 3.4 do Chathracha: tá difríocht shuntasach ann freisin idir ráta fáis Bhaile Átha Cliath agus na gCeantar Cathrach eile, rud a léiríonn an mórdhúshlán atá le sárú maidir le cuspóirí an CNP maidir le fás réigiúnach cothromaithe a bhaint amach.

3.2.4. Céatadán Fhás Daonra na bPríomhbhailte



Fíor 3.5 | Céatadán Fhás Daonra na bPríomhbhailte 2016 – 2022 - EDanna agus BUAnna (Foinse: Daonáireamh 2022)

Mar thoradh ar na difríochtaí idir teorainneacha athshainithe na mbailte ó *Lonnaíochtaí* in 2016 go *Limistéir Fhoirgnithe* i nDaonáireamh 2022, tá athrú daonra ar na Toghranna laistigh díobh agus in aice leo san áireamh freisin chun comparáid níos cruinne a thabhairt i gcásanna áirithe. Tháinig fás 8.1% ar fad ar Phríomhbhailte an Réigiúin, le meán de 8.4%. Is í Inis an Príomhbhaile is mó sa Réigiún anois, le daonra de 27,923, i ndiaidh fás 10.5%. Bhí an ráta fáis ab airde i nGuaire ag 17.3%. Is cosúil go bhfuil a shuíomh laistigh d'achar comaitéireachta go Baile Átha Cliath ina thoisc shuntasach maidir leis sin. Bhí leibhéil an-íseal fáis i roinnt bailte, amhail Cill Chainnigh agus Cill Áirne. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar gheall ar ról láidir na turasóireachta agus lóistín do chuairteoirí sna bailte sin ar cuireadh isteach go mór orthu mar gheall ar dhianghlasáil le linn 2020 agus 2021, áfach.

3.2.5. Soláthar Tithíochta sa Réigiún agus Limistéir Pleanála Straitéisí



Fíor 3.6 | Gníomhaíocht Forbartha Tithíochta ar fud na LPSanna, 2022-2023 (Foinse: Eisiúintí staidrimh ón bPríomh-Oifig Staidrimh maidir le háitribh nua chríochnaithe, áitribh a bhfuil tús curtha leo agus ceadanna pleanála a deonaíodh agus Pleananna Forbartha)

Le linn 2022 agus 2023, críochnaíodh 62,421 aonad tithíochta ar fud na tíre, agus bhí 15,395 (25%) díobh i Réigiún an Deiscirt. Sa tréimhse chéanna cuireadh tús le 59,758 aonad ar fud na tíre, agus bhí 15,581 (26%) díobh i Réigiún an Deiscirt. Deonaíodh cead pleanála i gcomhair 75,402 aonad ar fud na tíre, agus bhí 22,894 (30%) díobh i Réigiún an Deiscirt. Nuair a mheastar gníomhaíocht phleanála agus forbartha i gcoinne spriocanna tithíochta bliantúla ó Chroístraitéisí Pleananna Forbartha, tá gníomhaíocht ag teip go mór maidir le spriocanna a bhaint amach i Réigiún an Deiscirt cé is moite de LPS an Oirdheiscirt. Tá sé sin i gcomparáid le LPSanna Bhaile Átha Cliath agus an Oirthir, i gcás ina bhfuil na figiúirí ag teacht níos mó leis na spriocanna.

3.2.6. Soláthar Tithíochta d'Údaráis Áitiúla sa Réigiún



Fíor 3.7 | Gníomhaíocht Forbartha Tithíochta d'Údaráis Áitiúla i Réigiún an Deiscirt, 2022-2023 (Foinse: Eisiúintí staidrimh ón bPríomh-Oifig Staidrimh maidir le háitribh nua chríochnaithe, áitribh a bhfuil tús curtha leo agus ceadanna pleanála a deonaíodh agus Pleananna Forbartha)

I gcontaetha i LSP an Oirdheiscirt, léirítear an t-ailíniú is mó i dtéarmaí spriocanna Croístraitéise Pleananna Forbartha agus gníomhaíocht tithíochta agus forbartha. Bhí an leibhéal is ísle de sholáthar tithíochta i Luimneach i gcomparáid lena spriocanna. Bhí leibhéil ísle d'áitribh chríochnaithe i gCathair Chorcaí freisin (41%) agus d'áitribh ar cuireadh tús leo (40%), cé go raibh ráta i bhfad níos airde de cheadanna inti (82%).

3.2.7. Cineál agus Suíomh Tithíochta i Réigiún an Deiscirt



Fíor 3.8 | Aonaid Tithíochta Críochnaithe de réir Cineál Lonnaíochta 2022 agus 2023 (Foinse: Eisiúintí staidrimh ón bPríomh-Oifig Staidrimh maidir le háitribh nua chríochnaithe, áitribh a bhfuil tús curtha leo agus ceadanna pleanála a deonaíodh agus Pleananna Forbartha)

Feictear na treochtaí seo a leanas maidir le haonaid tithíochta a críochnaíodh ar fud Réigiún an Deiscirt in 2022 agus 2023:

- As na 15,400 aonad a críochnaíodh: ba thithe scéime 59% ceann díobh, ba thithe singile 30% ceann díobh agus b'árasáin 11% ceann díobh;
- Soláthraíodh 35% de na haonaid tithíochta laistigh de Cheantar Cathrach Chorcaí, Luimnigh-na Sionainne agus Phort Láirge. Tá sé mar aidhm leis an RSES go soláthrófar thart ar 75% den tithíocht laistigh de na Ceantair Chathrach. Bhí 24% i gceist le Ceantar Cathrach Chorcaí agus le Luimneach-an tSionainn ag soláthar 7% agus Port Láirge ag soláthar 4%;
- Is fiú a thabhairt faoi deara gurbh thithe aonair i gceantair thuaithe a bhí i 25% de na haonaid nua tithíochta a soláthraíodh sa tréimhse mhonatóireachta.

3.2.8. An Cineál Tithíochta arna Sholáthar laistigh de 5 Chathair na hÉireann



Fíor 3.9 | Soláthar Tithíochta laistigh de Chathracha 2022 agus 2023 (Foinse: Eisiúintí staidrimh ón bPríomh-Oifig Staidrimh maidir le háitribh nua chríochnaithe, áitribh a bhfuil tús curtha leo agus ceadanna pleanála a deonaíodh agus Pleananna Forbartha)

Bhain 24,600 teach nua le cúig Chathair na hÉireann in 2022 agus 2023 nó 39% de na tithe a críochnaíodh ar fud na tíre. Soláthraíodh 82% de na haonaid sin i mBaile Átha Cliath. Feictear difríocht shuntasach sa mhéid forbartha árasán idir Baile Átha Cliath agus na Cathracha eile.

3.2.9. An Gaol idir Soláthar Tithíochta agus Fás Daonra



Fíor 3.10 | Méadú ar an Stoc Tithíochta agus Méadú Daonra na nÚdarás Áitiúil Cathrach 2016 go 2022

Leagtar amach i bhFíor 3.10 an gaol idir méadú ar an stoc tithíochta agus méadú daonra ar fud údaráis áitiúla Cheantar Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus Ceantair Chathrach Chathair Chorcaí, Phort Láirge agus Luimnigh. I gCorcaigh, Luimneach agus Port Láirge, tá an ráta méadaithe ar an stoc tithíochta maidir le méadú daonra i bhfad níos ísle (meán de 55%) ná mar atá in údaráis áitiúla Chathair Bhaile Átha Cliath (meán de 87%).

Tá roinnt tosca ann a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an difríocht réigiúnach sa soláthar tithíochta, ar i measc roinnt de na príomhthosca tá:

- Téarnamh níos luaithe ar an margadh tithíochta, mar chuid den téarnamh eacnamaíoch i gcoitinne, i Réigiúin/LPSanna Bhaile Átha Cliath agus an Oirthir i gcomparáid le réigiúin eile;
- Luachanna tithíochta ní b'airde i Réigiúin/LPSanna Bhaile Átha Cliath agus an Oirthir, rud a d'fheabhsaigh an inmharthanacht;
- Bheith ag braith níos mó ar infheistíocht institiúideach eachtrach, i gcomparáid le hiasachtú traidisiúnta, i gcomhair tógáil tithe atá dírithe go príomha ar mhargadh tithíochta Bhaile Átha Cliath;
- Difríocht i leibhéil na hinfheistíochta poiblí i mbonneagar agus i dtithíocht.

3.3. Pleananna Straitéiseacha na gCeantar Cathrach - Próifíl na gCeantar Cathrach

Sa chuid seo, soláthraítear próifílí ar na 3 Cheantar Cathrach laistigh den Réigiún: Corcaigh, Luimneach-an tSionainn agus Port Láirge.

3.3.1. Ceantar Cathrach Chorcaí

3.3.1.1. Fás Daonra



Fíor 3.11 | Fás daonra réamh-Mheasta i gcomparáid le fás daonra iarbhír 2016 - 2022



Fíor 3.12 | Céatadán an Fháis Daonra Iarbhír i gCeantar Cathrach Chorcaí (Foinse Daonáireamh 2022)

Tháinig méadú 7.7% ar dhaonra an Cheantair Cathrach ina iomláine i dtréimhse an daonáirimh, go dtí 346,338 cónaitheoir. Tháinig fás 7.3% ar chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí den Cheantar Cathrach, agus níl i gceist leis ach 51% den fhás réamh-mheasta ar an SRSE. D'fhás an Ceantar Cathrach níos leithne laistigh de limistéar feidhme Chomhairle Contae Chorcaí ag ráta ní b'airde de 8.5%, ach fós ag 67% den fhás réamh-mheasta. Is fiú a thabhairt faoi deara go raibh ráta fáis beagán ní b'airde ar an daonra i gceantar neamhchathrach Chontae Chorcaí ná mar a bhí i gCathair Chorcaí, ag 7.5%. Den chuid ba mhó, bhí na leibhéil ab ísle d'fhás daonra i Lár na Cathrach, agus fás i bhfad ní b'airde i go leor suíomhanna sna bruachbhailte.

3.3.1.2. Soláthar Tithíochta

	2022		2023		Foriomlán		Sprioc Bhliantúil
Ceantar Cathrach	1,951	**44%**	1,789	**40%**	3,740	**42%**	**4,458**
Ceantar na Comhairle Contae	1,166	**43%**	1,034	**38%**	2,200	**41%**	**2,706**
Ceantar Cathrach Contae Ceantar	785	**45%**	755	**43%**	1,540	**44%**	**1,752**

*Tábla 3.2 | Tithe Críochnaithe i gCeantar Cathrach Chorcaí**
**Nóta: Ní fhoilsítear Sonraí maidir le Tithe Críochnaithe ar bhealach lenár féidir figiúirí cruinne do chuid Chontae Chorcaí den Cheantar Cathrach a shainiú go héasca. Dá bhrí sin, tá sé bunaithe mar sin ar Ródairí Éirchóid, arb é sin an tacar sonraí spáis is ailínithe.*

Bhí soláthar tithíochta laistigh de Cheantar Cathrach Chorcaí i bhfad ní b'ísle na spriocanna Croístraitéise an Phlean Forbartha ag 42%. Ina haighneacht maidir leis an Tuarascáil seo, dúirt Comhairle Cathrach Chorcaí go raibh 10,873 cead pleanála i bhfeidhm do thithe cónaithe nár cuireadh tús leo i mí Lúnasa 2023. Shainaithin Comhairle Contae Chorcaí 2,537 cead reatha maidir le háitribh laistigh de Cheantar Cathrach an Chontae, agus ní raibh tú curtha le níos lú ná leath díobh. Léirítear leis sin, in ainneoin rátaí ísle tógála, go bhfuil píblíne leordhóthanach láithreán lena raibh cead pleanála mar thoradh ar ghníomhaíocht phleanála chun na spriocanna sin a bhaint amach.

3.3.1.3. Folúntas Tithíochta

Ceantar	Tithe Folmha	*Folúntas Cónaithe
Ceantar Cathrach Iomlán	6,483	5.3%
Croí Cathrach Chorcaí	1,197	8.5%
Cathair agus a Bruachbhailte	5,034	5.6%
An Ceantar Cathrach Níos Leithne	1,449	4.4%

Tábla 3.3 | HFolúntas tithíochta i gCeantar Cathrach Chorcaí (Foinse: POS, Daonáireamh 2022)
**Gan tithe saoire a áireamh*

Tá folúntas tithíochta i gCeantar Cathrach Chorcaí faoi bhun an mheáin náisiúnta de 7%, agus ar aon dul leis na folúntais sin i mBaile Átha Cliath agus i Luimneach. Tá an ráta folúntais i bhfad níos airde laistigh den chroí cathrach (8.5%), ná sa Cheantar Cathrach níos leithne (4.4%). Tá tosca éagsúla ann a d'fhéadfadh tionchar a imirt air sin, lena n-áirítear stoc tithíochta níos sine sa chroí cathrach, leibhéil níos airde de ligean neamhfhoirmiúil gearrthéarmach lóistíní, agus tionchar na cóiríochta do mhic léinn. Is fiú a thabhairt faoi deara go mbaineann líon na dtithe folmha sa Cheantar Cathrach le 24% den riachtanas tithíochta go dtí 2028 agus léirítear leis sin an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag folúntais maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanas tithíochta.

3.3.1.4. Fostaíocht

Ceantar Cathrach	Poist (2022)	Athrú ó 2016	Cóimheas JRW
Cathair Chorcaí agus a Bruachbhailte	113,067	11%	1.27
An Bhlarna	834	24%	0.76
Teamhair	334	13%	0.24
Mainistir na Corann	4,625	19%	0.80
Carraig Thuathail	4,538	387%	1.91
An Cóbh	2,066	44%	0.37
An Pasáiste / Baile an Mhanaigh	717	61%	0.31
Carraig Uí Leighin	3,050	65%	0.41
Ceantar Cathrach Iomlán*	129,231	16%	1.12

Tábla 3.4 | Figiúirí Fostaíochta do Cheantar Cathrach Chorcaí (Príomhlonnaíochtaí) Foinse: POS, Daonáireamh 2022

Tháinig méadú 16% ar líon na bpost sa Cheantar Cathrach (lonnaíochtaí móra) idir 2016 agus 2022, agus tháinig méadú 11% ar Chathair Chorcaí agus na Bruachbhailte. Sa Cheantar Cathrach níos leithne: Is suíomhanna móra fostaíochta iad Mainistir na Corann, Carraig Thuathail, Carraig Uí Leighin agus An Cóbh, agus tá arduithe móra ar líon na bpost taifeadta iontu freisin. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, gur dócha go mbeidh tionchar ag athshainiú theorainneacha na Lonnaíochtaí go Limistéir Fhoirgnithe i nDaonáireamh 2022 agus ag cuimsiú na gceantar tionsclaíoch breise air sin. Níl sonraí ar fhigiúirí fostaíochta do bhraislí fostaíochta móra ar nós Rinn an Scidígh foilsithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh; ach léirítear le hanailís áitiúil go bhfuil thart ar 3,800 post i gceantar Rinn an Scidígh. Cuimsítear príomhshuíomh tionsclaíoch an Oileáin Bhig i gCathair agus Bruachbhailte Chorcaí. I dtéarmaí dífhostaíochta thaifead Cathair Chorcaí agus na Bruachbhailte ráta 8% i nDaonáireamh 2022, arb é sin an ráta ab ísle d'aon chathair sa stát agus laghdú ó 12.1% ó 2016. Cé go raibh ardleibhéil d'fhás post sa Cheantar Cathrach laistigh de thréimhse an daonáirimh, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil sé sin i bhfad níos airde ná ráta an fháis daonra don tréimhse chéanna.

3.3.1.5. Cion Módach Taistil chun na hOibre, chun an Choláiste nó na Scoile



Fíor 3.13 | Cion Módach Céatadáin Taistil chun na hOibre, chun an Choláiste nó na Scoile Foinse: Daonáireamh 2022

Tá codarsnacht mhór idir leibhéal na húsáide as feithiclí príobháideacha agus an taistil ghníomhaigh idir áitritheoirí i gcroí cathrach Chorcaí, an chathair níos leithne agus na bruachbhailte, agus an Ceantar Cathrach foriomlán. Tá sé níos mó ná cúig oiread níos dóchúla go siúlfadh cónaitheoirí an chroí cathrach/go rachadh siad ar rothar chun na hoibre/an choláiste/na scoile ná cónaitheoirí an Cheantair Cathrach níos leithne. Tá an úsáid as Iompar Poiblí fós íseal ag 10% díreach sa Chathair agus sna Bruachbhailte agus sa Cheantar Cathrach ar an iomlán, agus tá sé sin níos lú ná leath ráta na húsáide as iompar poiblí a taifeadadh i gContae Bhaile Átha Cliath (ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath). Tugtar chun suntais sna sonraí a thábhachtaí atá sé príomhbhonneagar iompair a sholáthar a dhírítear ar thaisteal gníomhach agus ar iompar poiblí. Tá BusConnects Chorcaí ag ardchéim den chomhairliúchán, agus tá dul chun cinn suntasach déanta ar chlár um Iarnród Comaitéireachta Chorcaí. Beidh tionscadal um Iarnród Éadrom Chorcaí riachtanach freisin chun úsáid an iompair phoiblí a mhéadú i gCorcaigh trí Lár na Cathrach a cheangal le cinn scríbe ardéilimh ar fud na Cathrach agus ba cheart go mbeadh sé ina ghealltanas sa Phlean Forbartha Náisiúnta é a sholáthar go luath. Léirítear sna na sonraí freisin an ríthábhachtach a bhaineann le patrúin inbhuanaithe forbartha cónaithe trí dhlúthfhás, agus soláthar tithíochta laistigh de Chroí Cathrach Chorcaí lena n-áirítear an Ceantar Dugaí.

3.3.1.6. *Tionscadail Shuntasacha i gCeantar Cathrach Chorcaí*

Tá na nuashonruithe seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairle Cathrach agus Comhairle Contae Chorcaí maidir le tionscadail shuntasacha sa Cheantar Cathrach le linn na tréimhse monatóireachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil pleananna nó tionscadail ábhartha eile san áireamh i gcodanna eile den phlean seo:



- Chomhoibrigh an dá Chomhairle ar staidéir don Cheantar Cathrach amhail an Measúnú Comhpháirteach ar Éileamh ar Riachtanais Tithíochta agus an Straitéis Tithíochta, an Straitéis Mhiondíola mar chuid de phróiseas an phlean forbartha agus leanann siad ag obair ar Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Chorcaí (CMATS) a chur chun feidhme i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le Bonneagar Iompair Éireann;
- Tá obair ag dul ar aghaidh ar thionscadal Cheathrú Shráid an Chapaill Bhuí agus Pháirc Easpag Lucey i Lár Chathair Chorcaí;
- Cuireadh tús le hoibreacha ar Chéim 2 agus 3 de Pháirc Marina (uasghrádú ar Phromanád Marina);
- Osclaíodh Scéim Feabhsaithe Iompair Phoiblí Shráid Mhic Curtáin i mí na Samhna 2023;
- Osclaíodh Conair Iompair Bhóthar na Gráinsí agus Droichead Ghleann na Trá (N40) (Droichead Chnocán Vernon) i mí na Samhna 2023;
- I measc na dtionscnamh athghiniúna uirbí a forbraíodh i gContae Chorcaí tá Bóthar Faoisimh Thiar Charraig Uí Leighin, Tionscadal Athghiniúna Lár Bhaile an Chóibh agus Staidéar Trachta Charraig Thuathail;
- Cuireadh tús le soláthar Phlean Feabhsaithe Iompair agus Réimse Phoiblí Charraig Uí Leighin (TPREP);

- Tá obair á cur chun cinn ar scéim Bhonneagar Iompair Inbhuanaithe an Oileáin Bhig;
- Bronnadh maoiniú breise URDF de €5 mhilliún ar Chomhairle Contae Chorcaí chun réadmhaoine tréigthe agus folmha sa Cheantar Cathrach a cheannach;
- Táthar le hAcomhal Dhún Citil a chríochnú in 2024;
- Tá réamhoibreacha iomadúla ar siúl ar Bhealach an M28 ó Chorcaigh go Rinn an Scidígh agus tá sé ar an mbealach ceart maidir le príomhchonradh tógála a dhámhachtain ag deireadh 2024 nó ag tús 2025;
- Tá obair ar siúl ar bhonn leanúnach maidir le rannpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara chun forbairt na gCeantar Leathnaithe Uirbeach ag Carraig Thuathail agus Mainistir na Corann a ghníomhachtú;
- In R4 2023 chuir Comhairle Contae Chorcaí tús le tionscadal a raibh sé mar aidhm leis Straitéis chuimsitheach Tionscail agus Eacnamaíoch Chuan agus Chósta Chorcaí a fhorbairt.

3.3.2. Ceantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne

3.3.2.1. *Fás Daonra*



Fíor 3.14 | Fás daonra réamh-Mheasta i gcomparáid le fás daonra iarbhír 2016 - 2022





Fíor 3.15 | Céatadán an Fháis Daonra Iarbhír i gCeantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne

Tháinig méadú 8,984 (8.2%) ar dhaonra Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne go 143,300 ar an iomlán sa tréimhse idirdhaonáirimh, ar aon dul leis an meán náisiúnta, ach gan ach 60% dá fhás réamh-mheasta sa SRSE. Bhí fás measartha láidir i gcroí cathrach Chathair Luimnigh. I gcomparáid leis sin, tá an fás laistigh de chuid Chontae an Chláir den Cheantar Cathrach an-íseal, ag 1.5% díreach, i gcomparáid le ráta fáis 9% sa chuid neamhchathrach de Chontae an Chláir. Ba chóir a thabhairt faoi deara mar gheall ar athruithe ar an teorainn Lonnaíochta do Chathair Luimnigh agus na Bruachbhailte in 2016 agus ar an Limistéar *Foirgnithe Athshainithe* in 2022 (agus a mhéid a chuimsítear codanna de Contae an Chláir ann) go bhfuil sé níos deacra comparáid dhíreach a dhéanamh idir 2016 agus 2022.

3.3.2.2. *Soláthar Tithíochta*

	2022		2023		Foriomlán		Sprioc Bhliantúil
Ceantar Cathrach	570	**26%**	630	**29%**	1,200	**28%**	**2,181**
Cathair agus a Bruachbhailte	365	**19%**	421	**22%**	786	**20%**	**1,926**
Ceantar Cathrach Níos Leithne Ceantar	205	**80%**	209	**82%**	414	**81%**	**256**

*Tábla 3.5 | Tithe Críochnaithe i gCeantar Cathrach Luimnigh-naSionainne**
**Nóta: Níl sonraí ar thithe críochnaithe ar fáil ach ar bhonn Toghcheantar Áitiúil do Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne*

Tá soláthar tithíochta i gCeantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne i bhfad chun deiridh maidir le spriocanna bliantúlaithe an Phlean Forbartha, ag 28%. Tá sé aitheanta ag Comhairle Cathrach agus

Contae Luimnigh go bhfuil cead pleanála i bhfeidhm do 4,300 aonad tithíochta laistigh dá cuid den Cheantar Cathrach, cé nach bhfuil tús curtha ach le níos lú ná 500. Cuirtear é sin i gcomparáid le riachtanas tithíochta de 11,900 a sainaithníodh i gCroístraitéis an Phlean Forbartha suas go dtí 2028. Agus na hamlínte ón iarratas ar phleanáil go dtí céim an chríochnaithe á gcur san áireamh, ní dócha go soláthrófar an riachtanas tithíochta do thréimhse an phlean. Cé go bhfuil dúshláin le sárú ag cathracha eile maidir le soláthar tithíochta, léirítear leis na sonraí go bhfuil na cinn atá le sárú ag Luimneach níos mó. Ábhar imní ar leith is ea an líon íseal ceadanna d'fhorbairtí tithíochta ar scála straitéiseach (200+ aonad). Mar shampla faoin bpróiseas SHD, tá 6 chead ann i gcomhair 1,287 teach ar iomlán, rud a bheifí ag súil níos mó leis le gníomhaíocht SHD i mbailte comaitéireachta i Réigiúin Bhaile Átha Cliath agus an Oirthir, seachas mar a bheifí ag súil leis sa tríú cathair is mó sa tír. Tá dul chun cinn á dhéanamh, áfach, ar roinnt láithreáin forbartha straitéisí agus athghiniúna i gCathair Luimnigh agus sna Bruachbhailte, lena n-áirítear Ceathrú Cholbaird (2,800 teach molta) agus Mungairit agus tá acmhainn iomlán ann le haghaidh suas le 2,000 áitreabh.

3.3.2.3. *Folúntas Tithíochta*

Ceantar	Tithe Folmha	Folúntas Cónaithe
Ceantar Cathrach Iomlán	3,262	5.7%
Croí Cathrach Luimnigh	681	8.7%
Cathair Luimnigh agus a Bruachbhailte	2,466	5.9%
An Ceantar Cathrach níos Leithne	796	5.2%

Tábla 3.6 | Folúntas tithíochta (gan tithe saoire san áireamh) i gCeantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne. Foinse: Daonáireamh 2022

Tá folúntas cónaithe i gCathair Luimnigh agus i gCeantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne níos leithne ar aon dul leo leis an bhfolúntas i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath, agus tá sé níos ísle ná Port Láirge agus Gaillimh. Cosúil le cathracha eile, tá folúntas tithíochta i bhfad níos airde laistigh den chroí ceantair. Tá roinnt beart díreach déanta ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun dul i ngleic le folúntais agus tréigean. Tá dúshláin ar leith le sárú ag Luimneach freisin maidir le folúntais agus tréigean laistigh dá cheithre limistéar athghiniúna ainmnithe, mar a bhfuil mórchlár tithíochta ar bun a bhaineann le scartáil agus athsholáthar tithíochta. Is fiú a thabhairt faoi deara an 3,262 teach folamh sa Cheantar Cathrach le 25% den riachtanas tithíochta go dtí 2028. Tugtar chun suntais leis sin an ról fíorluachmhar is féidir le tithe folmha a bheith acu maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanas tithíochta i gCeantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne.

3.3.2.4. *Fostaíocht*

Ceantar Cathrach	Poist (2022)	Athrú ó 2016	Cóimheas JRW
Cathair Luimnigh agus a bruachbhailte	49,871	12%	1.28
An tSionainn	8,185	83%	1.92
Áth an Choite	1,597	89%	1.10
Droichead Abhann Ó gCearnaigh	330	46%	0.28
Ceantar Cathrach Iomlán*	59,983	20%	1.31

Tábla 3.7 | Figiúirí fostaíochta do Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne

Tháinig méadú 20% ar líon na bpost sna príomhlonnaíochtaí sa Cheantar Cathrach idir 2016 agus 2022, agus méadú 12% ar Chathair Luimnigh agus na Bruachbhailte á léiriú. Tá ról ríthábhachtach ag an tSionainn freisin mar láthair fostaíochta ina bhfuil 8,185 post. Léirítear méadú suntasach ann de 83% ó 2016, ach baineann sé sin go páirteach le teorainn *Limistéar Foirgnithe* na Sionainne a d'athbhreithnigh an Phríomh-Oifig Staidrimh i nDaonáireamh 2022, rud a fhágann gur deacair comparáid a dhéanamh. Bhí ráta dífhostaíochta 10.9% i gCathair Luimnigh agus sna Bruachbhailte faoi Dhaonáireamh 2022, laghdú 5.2% ó 2016. Mar sin féin, tá sé níos airde i gcomparáid leis na rátaí dífhostaíochta i gCorcaigh (8%) agus i mBaile Átha Cliath (8.3%), rud a thugann le fios go mbainfeadh Luimneach leas as infheistíocht leanúnach i bhfostaíocht agus i bpoist.

3.3.2.5. *Cion Módach Taistil chun na hOibre, chun an Choláiste nó na Scoile*



Fíor 3.16 | Cion Módach Taistil chun na hOibre, chun an Choláiste nó na Scoile i gCeantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne

Is léir go bhfuil cionta módach níos airde maidir le taisteal gníomhach (siúl agus rothaíocht) i gCeantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne ar an iomlán, agus i gCathair Luimnigh agus sna Bruachbhailte i gcomparáid le Corcaigh agus Port Láirge. Mar sin féin, tá codarsnacht mhór idir na leibhéil taistil ghníomhaigh do na daoine a bhfuil cónaí orthu laistigh den chroí cathrach i gcomparáid leis na daoine a bhfuil cónaí orthu sa Cheantar Cathrach níos leithne. Táthar ag súil go mbeidh ról lárnach ag BusConnects Luimnigh maidir le haistriú córa iompair chuig iompar poiblí agus taisteal gníomhach sa Cheantar Cathrach a spreagadh. Laistigh den Chathair agus den Cheantar Cathrach níos leithne, bheadh nascacht i bhfad níos fearr mar thoradh ar an ngréasán iarnróid comaitéireachta beartaithe atá leagtha amach i *Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne* (LSMATS), agus treisithe laistigh den Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin, lena n-áirítear an tSionainn. Leis an tseirbhís iarnróid comaitéireachta atá beartaithe agus na stáisiúin nua, thabharfaí deis freisin d'fhorbairt a dhírítear ar iompar ag a mbeadh rochtain dhíreach ar Lár na Cathrach.

3.3.2.6. *Tionscadail Shuntasacha i gCeantar Cathrach Chomhairle Cathrach/ Contae Luimnigh agus Chomhairle Contae an Chláir*

Tá na nuashonruithe seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Comhairle Contae an Chláir maidir le tionscadail shuntasacha sa Cheantar Cathrach le linn na tréimhse monatóireachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil pleananna maidir le tionscadail ábhartha eile san áireamh i gcodanna eile den phlean seo:

- D'ullmhaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gcomhar le Comhairle Contae

an Chláir agus an NTA *Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne* (LSMATS) in 2022, ina soláthraítear straitéis chun príomhbhonneagar agus iompar inbhuanaithe a sholáthar laistigh den Cheantar Cathrach;

- Mar chuid de BusConnects, rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair athbhreithniú ar an ngréasán bus i Luimneach i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae an Chláir agus Bus Éireann in 2022 agus d'fhoilsigh sé gréasán bus deiridh nua do Luimneach i mí na Nollag 2023;
- D'ullmhaigh an dá Chomhairle Straitéis Mhiondíola do Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne;
- Tá Straitéis Réimse Phoiblí Luimnigh á cur chun cinn ina mbreathnaítear ar an réimse poiblí laistigh de lárcheantar Luimnigh. Rinneadh na céimeanna comhairliúcháin tosaigh maidir le bailiú faisnéise in R1 & R2 de 2023;
- Ullmhaíodh Creatphlean Ché Artúir agus Máistirphlean Cheathrú Cois Abhann Cleeves mar chuid den leithdháileadh maoinithe €73.4m de ''Worldclass Waterfront' an URDF;
- Tá Tionscnamh Lár Chathair Luimnigh Beo (Tionscnamh LLCC) arna maoiniú faoin URDF ar siúl ar bhonn leanúnach agus dírítear ann ar idirghabhálacha spriocdhírithe chun stoc foirgneamh folamh agus tearcúsáidte i Lár Chathair Luimnigh a athnuachan;
- Cuireadh tús le tógáil fhorbairt an Árais Ceoldrámaíochta i lár na cathrach le céim a haon chun oibreacha íoslaigh agus forbairt ceann de na foirgnimh shuaitheanta ar an láithreán a chuimsiú;
- Cuireadh tús le hÚsáidí Idir an dá linn ar 2 as 3 phríomhláithreán bhunathraitheacha in R3 de 2022:
- Campas Cathrach OL; agus Plás Verdant, Teachíní Toll agus an Fhaiche in aice le Caisleán an Rí;
- Thug Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cead pleanála le haghaidh athrú úsáide ar iarfhoirgneamh Dunnes Stores ar Shráid an tSáirséalaigh i Lár Chathair Luimnigh ó shiopa miondíol go hionad oideachais i mí na Samhna 2023, mar chuid de phleananna Ollscoil Luimnigh chun campais ollscoile a fhorbairt i lár na cathrach;
- Táthar ag leanúint le tógáil na scéime forbartha tráchtála agus cónaithe ilúsáide ag suíomh Phálás an Easpaig i Lár na Cathrach;
- Ullmhaíodh Stádas Nuashonraithe ar Dhréachtphlean Athghiniúna Luimnigh 2024-2030 in 2023;
- Tugadh Máistirphlean Lár Bhaile na Sionainne chun críche i mí Eanáir 2022 agus tá Plean Ceantair Áitiúil do Bhaile na Sionainne agus don cheantar máguaird agus Plean Iompair Áitiúil á n-ullmhú;
- Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae One Shannon Hub a fhorbairt. Beidh sé sin ina fhoirgneamh ilfheidhmeach i lár an bhaile;
- Tá Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile na Sionainne agus an Cheantair Máguaird ar siúl;
- Cuimsítear i gCuibhreannas na Sionainne comhaontas comhoibríoch idir na trí institiúid ardleibhéil de chuid OL, Choláiste Mhuire gan Smál agus Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, a bhfuil sé mar aidhm aige an réigiún a bhunú mar réimse bairr feabhais sa teagasc, san fhoghlaim agus sa tacaíocht d'fhoghlaimeoirí;
- Cheadaigh an Bord Pleanála Tionscadal Foynes Road go Bóthar Luimnigh (Seachbhóthar Áth Dara san áireamh)
- I mí Lúnasa 2022 agus tá sé curtha ar aghaidh go dtí an chéad chéim soláthair eile;
- D'fhaomh an Roinn Iompair an próiseas tairisceana don Bhóthar Dáileacháin ó Chuanach go Cnoc an Lisín.

3.3.3. Ceantar Cathrach Phort Láirge

3.3.3.1. *Fás Daonra*



Fíor 3.17 | Fás daonra réamh-Mheasta i gcomparáid le fás daonra iarbhír 2016 - 2022



Fíor 3.18 | Céatadán an Fháis Daonra Iarbhír i gCeantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne

Tháinig méadú 6,701 (11.2%) ar dhaonra Cheantar Cathrach Phort Láirge go 66,555 ó 2016 go 2022. Bhí an ráta fáis sin ní b'airde ná na Ceantair Chathrach eile lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, rud a bhí á spreagadh den chuid ba mhó le fás na Cathrach agus na mBruachbhailte ag 12.6%. Ina ainneoin sin, ní raibh bainte amach ach 76% dá fhás réamh-mheasta faoin SRSE sa Cheantar Cathrach, i gcomparáid leis an gcuid eile de Chontae Phort Láirge ina baineadh amach 195% dá fhás réamh-mheasta. Bhí an fás ba mhó i gcodanna de Lár na Cathrach, agus in iarthar agus i ndeisceart na Cathrach, agus bhí fás níos ísle le feiceáil ó thuaidh. Is fiú a rá go raibh an ráta méadaithe i gceantair áirithe lasmuigh den Cheantar Cathrach an-láidre, go háirithe an Trá Mhór, Cill Mhíodáin agus Dún Mór.

3.3.3.2. *Soláthar Tithíochta*

	2022		2023		Foriomlán		Sprioc Bhliantúil
Cathair agus a Bruachbhailte	217	**32%**	338	**50%**	555	**41%**	**680**

Tábla 3.8 | Soláthar Tithíochta i gCathair Phort Láirge agus ina Bruachbhailte 2022/23
Nóta: Níl sonraí sonracha ar sholáthar tithíochta laistigh den cheantar cathrach níos leithne ar fáil, ach shainigh an Phríomh-Oifig Staidrimh gurb é BUA Chathair agus Bhruachbhailte Phort Láirge an mórcheantar cathrach ina bhfuiltear ag spriocdhíriú ar thithíocht ar fud Chontae Phort Láirge agus Chontae Chill Chainnigh, agus gurb é an t-aon cheantar cathrach inar soláthraíodh tithíocht laistigh de na tréimhsí monatóireachta.

Cosúil le Ceantair Chathrach eile, tá soláthar tithíochta go mór chun deiridh maidir leis an soláthar tithíocht a bhí spriocdhírithe ar Chathair agus Bruachbhailte Phort Láirge i bPleananna Forbartha Phort Láirge agus Chill Chainnigh araon, gan ach 41% de spriocanna na Croí-Straitéise á bhaint amach acu. Sonraítear dul chun cinn ar roinnt láithreáin forbartha straitéiseacha i gCeantar Cathrach Phort Láirge, amhail Crios Forbartha Straitéisí (CFS) an Ché Thuaidh. Tá PCÁ á ullmhú ag Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi láthair do Phort an Chalaidh chun forbairt chónaithe inbhuanaithe ó thuaidh den Chathair a éascú, agus chun tógáil ar athnuachan an Ché Thuaidh. In áiteanna eile sa Chathair, d'fhéadfadh athfhorbairt Champas Ospidéal Naomh Otteran idir 530 agus 760 teach a sholáthar. Tá máistirphlean don láithreán á ullmhú faoi láthair i gcomhpháirtíocht idir an Chomhairle, an LDA agus FSS. Is fiú a lua nár tugadh ach cead pleanála amháin laistigh de Cheantar Cathrach Phort Láirge faoin bpróiseas SHD, i gcomhair 361 teach. Is dúshlán suntasach é an easpa gníomhaíocht pleanála d'fhorbairtí móra straitéiseacha maidir leis an méid tithíochta atá riachtanach a sholáthar chun spriocanna tithíochta bunaithe i gCeantar Cathrach Phort Láirge a bhaint amach.

3.3.3.3. *Folúntas Tithíochta*

Ceantar	Tithe Folmha	Folúntas Cónaithe
Ceantar Cathrach Iomlán	1,900	6.7%
Croí Cathrach Phort Láirge	653	15.7%
Cathair Phort Láirge agus a Bruachbhailte	1,727	6.8%
An Ceantar Cathrach níos Leithne	173	6.6%

Tábla 3.9 | Folúntas tithíochta (gan tithe saoire san áireamh) i gCeantar Cathrach Phort Láirge.

Tá leibhéal níos airde folúntas cónaithe i gCathair agus i mBruachbhailte Phort Láirge ná i gcathracha eile sa stát, ag 6.8%. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go leanann sé sin laghdú

suntasach 4% ó 2016. Sainaithníodh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge mar cheannaire náisiúnta i mbearta chun aghaidh a thabhairt ar fholúntas cónaithe, go háirithe tríd an scéim Deisigh agus Léasaigh (SDL). In ainneoin an phatrúin dhearfaigh, tá ráta folúntais de 15.7% i gcroí cathrach Phort Láirge, agus tá sé sin níos mó ná dhá oiread an mheáin náisiúnta de 7%. Léirítear leis sin go bhfuil dúshláin ar leith laistigh den chroí cathrach lena n-éilítear infheistíocht agus idirghabháil spriocdhírithe. Tá 1,900 teach folamh sa Cheantar Cathrach i gceist le 47% dá riachtanas tithíochta go dtí 2028. Tugtar chun suntais leis sin an ról fíorluachmhar is féidir le tithe folmha a bheith acu maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanas tithíochta i bPort Láirge.

3.3.3.4. *Fostaíocht*

Poist (2022)	Athrú ó 2016	Dífhostaíocht	Cóimheas JRW
23,244	14%	11.7% (- 7.1%)	1.19

Tábla 3.10 | Sonraí fostaíochta Chathair Phort Láirge agus a Bruachbhailte

Taifeadadh 23,244 post i gCathair agus i mbruachbhailte Phort Láirge in 2022, is é sin méadú 14% ó 2016, an líon is airde d'aon chathair sa stát. Bhí ráta dífhostaíochta 11.7% i gCathair Phort Láirge amhail Daonáireamh 2022. Bhí sé sin ní b'airde ná cathracha eile, ach is laghdú suntasach é ó 18.8% in 2016. Is cosúil go raibh dúshláin eacnamaíocha ní ba shuntasaí le sárú ag Port Láirge ná mar a bhí ag cathracha eile, rud a d'fhág go raibh gá le téarnamh níos mó. Léirítear le sonraí go bhfuil an sé ar chumas na Cathrach leas a bhaint as méadú leanúnach ar fhostaíocht agus ar phoist nua. I bhfianaise ó Dhaonáireamh 2022, léirítear go bhfuil tionchar eacnamaíoch níos teoranta ag Cathair Phort Láirge ar Limistéar Pleanála Straitéisí níos leithne an Oirdheiscirt, go háirithe i gContae Loch Garman, ná mar atá ag Corcaigh agus Luimneach thar a LSPanna faoi seach, agus go bhfuil cóimheas níos lú idir poist agus cónaitheoirí inti freisin ná na cathracha eile.

3.3.3.5. *Cion Módach Taistil chun na hoibre, chun an choláiste nó na scoile*



Fíor 3.19 | Cion Módach Taistil chun na hoibre, chun an choláiste nó na scoile trasna Ceantar Cathrach Phort Láirge

Cosúil le Ceantair Chathrach eile, tá codarsnacht shuntasach idir leibhéil an taistil ghníomhaigh agus úsáid carranna laistigh den chroí ceantar agus den Cheantar Cathrach níos leithne. Léirítear leis sin an tábhacht a bhaineann le soláthar tithíochta sa chroí cathrach, agus lena chinntiú go mbeidh forbairt nua in áiteanna eile bunaithe ar phrionsabal an dhlúthfháis. Cuimsítear i *Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Phort Láirge* (WMATS) sraith chuimsitheach tionscadal agus idirghabhálacha a dhírítear ar aistriú córa iompair mór a sholáthar. Tá gnéithe den WMATS a bhaineann leis an gCé Thuaidh, lena n-áirítear droichead iompair inbhuanaithe nua agus acomhal iompair nua, faoi bhealach cheana féin. Féachtar leis an WMATS freisin le méadú suntasach a dhéanamh ar rothaíocht a spreagadh trí líonra raonta rothar agus glasbhealaí.

Leagtar amach leis an WMATS freisin an bonn le haghaidh BusConnects Phort Láirge a mbeidh príomhról aige maidir le soláthar iompair phoiblí sa Chathair a fheabhsú.

3.3.3.6 *Tionscadail Suntasacha i gCeantar Cathrach Chomhairle Cathrach/ Contae Phort Láirge agus Chomhairle Contae Chill Chainnigh*

Tá na nuashonruithe seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Comhairle Contae an Chill Chainnigh maidir le tionscadail shuntasacha sa Cheantar Cathrach le linn na tréimhse monatóireachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil pleananna nó tionscadail ábhartha eile san áireamh i gcodanna eile den phlean seo:

- Tá Comhstraitéis Mhiondíola agus Comhstraitéis um Bonneagar Gorm agus Glas á n-ullmhú faoi láthair ag an dá Chomhairle;
- Ullmhaíodh *Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Phort Láirge* (WMATS) in 2022;
- Cuireadh tús le tógáil an droichid iompair inbhuanaithe nua a nascann an Ché Thuaidh agus an Ché Theas. Tá oibreacha cumasúcháin ar siúl freisin chun tacú le hathlonnú an stáisiúin traenach;
- Tá PCÁ Phort an Chalaidh á ullmhú ag Comhairle Contae Chill Chainnigh;
- Tá an athghiniúint ar iar-láithreán Chnoc Mhainéar Naomh Seosamh (71 aonad cónaithe) beagnach Curtha i gcrích;
- Faomhadh ceannach Iar-Láithreán Waterford Stanley, Carraig na bhFraochán, faoi Ghlao 3 URDF;
- Tá an LDA agus FSS tar éis dul ar aghaidh chuig céim an mháistirphlean chun athnuachan ar thailte iar-Ospidéal Naomh Otteran a lorg;
- Rinneadh tailte ag iar-láithreán an tSrutháin, Bóthar an Bhaile Nua; Poser Seeds roimhe seo, Bóthar Dhún Mór; agus Iar-Láithreán Ard Rí, Bóthar an Duga, Port an Chalaidh a chuimsiú i gclár URDF 3 WCCC;
- Tá aistriú na talún críochnaithe anois chun tacú le campas méadaithe SETU a fhorbairt ag iar-Láithreán Waterford Crystal, Bóthar Chorcaí;
- Tá forbairt 120 aonad cónaithe ag dul chun cinn ar chuid den talamh ag Baile Liam;
- Tá cuid de na tailte ag an nGleann, Cathair Phort Láirge curtha ar Chlár na Láithreán Tréigthe.

3.4. Príomhbhailte

3.4.1. Cill Chainnigh

Tuairim: Bhí fás daonra i bhfad ní b'ísle ná an meán i gCill Chainnigh thar thréimhse an daonáirimh, ag 2.5% díreach. Ina ainneoin sin, léirítear le soláthar tithíochta le déanaí laistigh de 2022/23 méadú ar an leibhéal fáis seo. Tháinig fás láidir ar fhostaíocht sa Bhaile agus is é an mol fostaíochta is mó lasmuigh de Cheantair Chathrach an Réigiúin. Bhí méadú beag ar an bhfolúntas tithíochta, cé go bhféadfadh go tionchar ag ról na turasóireachta agus lóistín neamhfhoirmiúil do chuairteoirí air sin.



Fíor 3.20 | Staidreamh Fáis Chill Chainnigh i nDáil le Fostaíocht

Tá na nuashonruithe seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairle Contae Chill Chainnigh maidir le tionscadail shuntasacha le linn na tréimhse monatóireachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil pleananna nó tionscadail ábhartha eile san áireamh i gcodanna eile den phlean seo:

- Tá an Plean um Shoghluaisteacht Uirbeach Inbhuanaithe (SUMP) á fhorbairt don chathair chun aistriú córa iompair a bhaint amach agus chun iompar inbhuanaithe a chur chun cinn lena n-áirítear leathnú sheirbhís bus an bhaile. Beidh sé ina chuspóir le SUMP iniúchadh a dhéanamh ar an gcathair chun bacainní ar choincheap na cathrach 10 nóiméad a shainaithint;
- Sainaithníodh trí láithreáin maidir le ceannach éigeantach faoi Ghlao 3 URDF;
- Sainaithníodh Cathair Chill Chainnigh mar Chrios Dícharbónaithe don chontae;
- Cuireadh athbhreithniú ar Mháistirphlean Cheathrú na Mainistreach i gcrích, rud a fhágann gur féidir forbairt níos dlúithe a dhéanamh;
- Cuirfear tús le tógáil na príomhshráide agus páirce uirbí thart ar iar-Mhainistir Naomh Proinsias in 2024. Éascófar leis sin forbairt gach ceapaí laistigh den limistéar athghiniúna agus éascófar léi rochtain don phobal ar an Mainistir den chéad uair le 300 bliain;
- Tá taitneamhacht turasóireachta chomhtháite beartaithe do Tholsel (Halla na Cathrach). Ceannaíodh Cuid 8 agus tá maoiniú á fháil faoi láthair trí iarratas chuig Fáilte Éireann.

3.4.2. Inis

Tuairim: Is í Inis an Príomhbhaile is mó sa Réigiún anois, i ndiaidh fás 10.5% a theacht air sa tréimhse idirdhaonrimh. Tháinig méadú sách measartha ar phoist sa Bhaile san am sin, áfach, agus tá a Chóimheas idir Poist agus Cónaitheoirí fós faoi bhun 1.



Fíor 3.21 | Staidreamh Fáis na hInse i nDáil le Fostaíocht

Tá na nuashonruithe seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairle Contae an Chláir maidir le tionscadail shuntasacha le linn na tréimhse monatóireachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil pleananna nó tionscadail ábhartha eile san áireamh i gcodanna eile den phlean seo:

- Tá dul chun cinn á dhéanamh ar roinnt tionscadal faoi Inis 2040 lena n-áirítear Sráid na Mainistreach agus Cé Harvey;
- Cuireadh tús le hoibreacha i mí Dheireadh Fómhair 2023 ar Athbheochan an Réimse Phoiblí in Inis (Tionscadal B) chun sráid-dreach na Sráide Airde, Plás an Bhainc, Cearnóg Uí Chonaill, Sráid Uí Chonaill, Sráid na Seanbheairice agus Cearnóg na Beairice i lár bhaile na hInse a fheabhsú;
- Cuireadh tús le hobair in 2023 ar Phlean Iompair na hInse, a chuirfidh bonn eolais faoi ullmhú Phlean Ceantair Áitiúil na hInse agus an Cheantair Máguaird;
- Tá dul chun cinn suntasach déanta ar sholáthar Seirbhíse Bus Poiblí na hInse;
- Tá Leabharlann Chontae nua in aice le hAmharclann Glór beagnach críochnaithe;
- Tá Ionad Cúraim Phríomhúil nua tógtha i Lár Bhaile na hInse;
- Tá Máistirphlean ullmhaithe do láithreán Roche;
- Tá Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar na Tulaí (Inis) ceadaithe;
- Fuarthas leithdháileadh maoinithe tosaigh i gcomhair Scéim Taistil Gníomhach Bhóthar Luimnigh (Inis) ón NTA in 2023 agus tá sí ag an gcéim um Dhearadh Coincheapa agus Rogha Forbartha Bealaigh faoi láthair.

3.4.3. Ceatharlach

Tuairim: Chonacthas fás láidir daonra de 12.7% i mBaile Cheatharlach laistigh de thréimhse an daonáirimh chomh maith le méadú mór ar líon na bpost ag 17%. Ina ainneoin sin, tá Cóimheas idir poist agus cónaitheoirí an Bhaile fós íseal do Phríomhbhaile. Tá tithe críochnaithe sa Bhaile thar an tréimhse monatóireachta go mór chun deiridh ar na cinn ar díríodh orthu sa Phlean Forbartha.



Fíor 3.22 | Staidreamh Fáis Cheatharlach i nDáil le Fostaíocht

Tá na nuashonruithe seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairle Contae Cheatharlach maidir le tionscadail shuntasacha le linn na tréimhse monatóireachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil pleananna nó tionscadail ábhartha eile san áireamh i gcodanna eile den phlean seo:

Straitéis athghiniúna is ea *Ceatharlach 2040* do Bhaile Cheatharlach agus is í an straitéis fhadtéarmach borradh láidir réigiúnach ina bhfuil fás inbhuanaithe agus caighdeán níos fearr do chách a chur faoi Cheatharlach. Ina measc na dtionscadal tá:

- Tá réamhdearthaí Naisc Stáisiún Iarnróid críochnaithe;
- Fuarthas agus ceapadh foireann deartha in 2023 do Scéim Lár Bhaile Cheatharlach;
- Fuarthas maoiniú de €1.5m faoi Ghlao 3 URDF chun 10 réadmhaoin thréigthe a fháil go héigeantach i mbaile Cheatharlach;
- Ullmhaíodh Dréacht-Phlean Comhpháirteach Ceantair Áitiúil Uirbigh 2024-2030 agus Plean Iompair Áitiúil Cheatharlach/na Gráige.

3.4.4. Trá Lí

Tuairim: Tháinig fás mór ar dhaonra Thrá Lí laistigh de thréimhse an daonáirimh ag 10.1%, rud a bhí tacaithe ag laghdú suntasach ar leibhéal na bhfolúntas tithíochta sa Bhaile. Tá an Baile fós ina mhór-mhol fostaíochta le fás 7% ar phoist, agus Cóimheas idir poist agus cónaitheoirí de 1.41. Tá soláthar tithíochta laistigh den tréimhse mhonatóireachta i bhfad níos ísle ná mar a bhí sonraithe don Bhaile i bPlean Forbartha Chiarraí.



Fíor 3.23 | Staidreamh Fáis Thrá Lí i nDáil le Fostaíocht

Tá na nuashonruithe seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairle Contae Chiarraí maidir le tionscadail shuntasacha le linn na tréimhse monatóireachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil pleananna nó tionscadail ábhartha eile san áireamh i gcodanna eile den phlean seo:

- Tá Máistirphlean ullmhaithe do pháirc líneach nua agus forbairt ceithre láithreán infheistíochta aonair timpeall ar pháirc Thrá Lí;
- Tá tionscadal athghiniúna ERDF 'Oileán na nGéanna (IOG)' ar siúl;
- Críochnaíodh tionscadal turasóireachta 'Destination Tralee', arna mhaoiniú ag Fáilte Éireann agus Comhairle Contae Chiarraí, lena bhféachtar le feabhas a chur ar bonneagar treoshuíomh agus aimsithe bealaigh cuairteoirí Thrá Lí in 2023;
- Osclaíodh Glasbhealach Trá Lí go Fianait go Trá Lí i mí an Mheithimh 2022.

3.4.5. Loch Garman

Tuairim: Tháinig méadú 6.6% ar dhaonra Loch Garman i dtréimhse an daonáirimh, rud beag faoi bhun an mheáin réigiúnaigh, in ainneoin gur tháinig méadú 11% ar Thoghranna níos leithne Bhaile Loch Garman agus an cheantair máguaird. Sainaithnítear leis an daonáireamh laghdú suntasach ar líon na bpost i mBaile Loch Garman ó 2016 go 2022.



Fíor 3.24 | Staidreamh Fáis Loch Garman i nDáil le Fostaíocht

Tá na nuashonruithe seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairle Contae Loch Garman maidir le tionscadail shuntasacha le linn na tréimhse monatóireachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil pleananna nó tionscadail ábhartha eile san áireamh i gcodanna eile den phlean seo:

- Tá Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Loch Garman 2024-2030 á ullmhú faoi láthair in éineacht le Plean Iompair Áitiúil – agus tá siad le críochnú in 2024;
- Ullmhaíodh Plean Athghiniúna bunaithe ar an oidhreacht do Loch Garman agus cuimsítear ann roinnt gníomhaíochta d'athghiniúint an bhaile;
- Tá tógáil ar bun ar láithreán Trinity Wharf agus fuarthas €21 milliún i maoiniú URDF;
- Tá oibreacha scartála Chéim 1 tugtha chun críche agus tá an próiseas soláthair fós ar siúl chun struchtúr feidhmíochta sealadach a sholáthar ag Láithreán Ché an Chorráin/Lána Oisrí;
- Ceapadh conraitheoirí chun oibreacha cothabhála riachtanacha a dhéanamh ar láithreán Institiúid na Meicneoirí;
- Tá pábháil críochnaithe agus tá 80% den bhonneagar le haghaidh ceannbhrat sráide tugtha chun críche do Thionscadal Feabhsaithe Réimse Poiblí Monck Street;
- Tá 55 acra faighte ag an gComhairle agus deimhníodh CPO le haghaidh 50 acra breise ag Campas Ollscoile SETU agus Éiceachóras Oideachais ag Baile na Gaoí. Ceapadh comhairleoirí freisin chun Máistirphlean a fhorbairt don láithreán;
- Cuireadh tairiscint amach i gcomhair oibreacha ar Champas Cóiríochta Ollscoil Georgia Theas ag Adoration Convent;

- Ceapadh comhairleoirí i gcomhair seirbhísí innealtóireachta agus comhshaoil do Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Loch Garman;
- Críochnaíodh Min Ryan Park in 2022;
- Críochnaíodh síneadh Ionad Ealaíon Loch Garman in 2022;
- Cuireadh tús leis an infheistíocht €200m ag Eoraphort Ros Láir in 2023.



3.4.6. Cluain Meala

Tuairim: Tháinig méadú 7.2% ar dhaonra Chluain Meala le linn tréimhse an daonáirimh, gar don mheán réigiúnach. Cé go bhfuil leibhéal folúntas tithíochta níos ísle ná an meán ag an mbaile, tá soláthar tithíochta go mór chun deiridh maidir le de na spriocanna i CDP Thiobraid Árann. Tháinig méadú níos measartha ar phoist ag 2%, agus tá a Chóimheas idir poist agus cónaitheoirí fós faoi bhun 1.



Fíor 3.25 | Staidreamh Fáis Chluain Meala i nDáil le Fostaíocht

Tá na nuashonruithe seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairle Contae Tiobraid Árainn maidir le tionscadail shuntasacha le linn na tréimhse monatóireachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil pleananna nó tionscadail ábhartha eile san áireamh i gcodanna eile den phlean seo:

- Tá *Plean Ceantair Áitiúil Chluain Meala agus an Cheantair Máguaird* 2024-2030 (PCÁ) le glacadh i mí Feabhra 2024; Ullmhaíodh Plean Iompair Áitiúil mar chuid den Phlean freisin;
- Glacadh *Plean Gníomhaíochta Bhaile Cluain Meala um Thús Áite do Lár an Bhaile* i mí na Nollag 2022;
- Áirítear le tionscadal Athghiniúna Bunathraithí Chluain Meala 2030: Athbheochan ar Dhún Chiceam, Mol Spóirt Réigiúnach Chluain Meala, Cluain Meala – Eitiltí Fionnachtana agus Feabhsú Réimse Phoiblí Chluain Meala agus tá sé fós ar siúl. Tá Céim 1 d'Athghiniúint ar Dhún Chiceam agus Mol Spóirt Réigiúnach Chluain Meala críochnaithe;
- Tá an Chomhairle fós ag obair le hOllscoil Theicneolaíochta na Sionainne (OTS) agus leis an mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) chun saoráid tríú campais oideachais tríú leibhéal agus breisoideachais comhlonnaithe a sholáthar ar Dhún Chiceam agus tá an BOO lonnaithe go hiomlán ar an láithreán cheana féin;
- Leanann an Chomhairle le tacaíocht a thabhairt do sholáthar thionscadal an N24, a sainaithníodh mar thionscadal tábhachtach straitéiseach sa Phlean Forbartha Náisiúnta, agus a bhfuil an chéim 'Rogha an Bhealaigh Tosaithe' bainte amach aige anois ar an dá ghné den tionscadal;
- Tá an Chomhairle fós ag obair i gcomhpháirtíocht le hIarnród Éireann le féachaint le seirbhísí iarnróid ar na línte iarnróid Luimnigh go Port Láirge agus Luimnigh go Baile Uí Bhrói a fheabhsú agus a threisiú agus a gclár straitéiseach pleanála agus infheistíochta a sholáthar. Bhí an Chomhairle gafa go hiomlán le forbairt an bhealaigh bus baile nua i gCluain Meala.

3.4.7. Cill Áirne

Tuairim: Is í Cill Áirne an t-aon Phríomhbhaile inar léiríodh laghdú 0.6% ar an daonra thar thréimhse an daonáirimh. Cé go bhféadfadh sé go raibh tionchar ag an athbhreithniú do theorainn an Limistéir Foirgnithe air sin, níor léiríodh sna Toghcheantair níos leithne ach fás measartha de 2%. I bhfianaise ról suntasach na turasóireachta sa Bhaile, is dócha go mbeidh tionchar suntasach Covid 19 ar an déimeagrafaic agus ar an lucht oibre.



Fíor 3.26 | Staidreamh Fáis Chill Áirne i nDáil le Fostaíocht

Tá na nuashonruithe seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairle Contae Chiarraí maidir le tionscadail shuntasacha le linn na tréimhse monatóireachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil pleananna nó tionscadail ábhartha eile san áireamh i gcodanna eile den phlean seo:

- Ullmhaíodh pleananna chun creat Chroí Ceantair Chill Áirne a fhí isteach go réidh sa Pháirc Náisiúnta trí shraith feabhsuithe idirghaolmhara ar iompar agus ar na réimse poiblí agus straitéis bainistíochta trachta trína mbainfear an trácht sealadach as an gcroí cathrach a mhéid is féidir;
- Tá pleananna Réimse Phoiblí á gcur chun cinn chun na sráideanna i lár an bhaile a uasghrádú;
- Tá Máistirphlean ullmhaithe láithreán Áras Phádraig chun mol atá dírithe ar an bpobal, cultúrtha agus tráchtála a sholáthar.

3.4.8. Mala

Tuairim: Tháinig méadú 8% ar dhaonra Mhala i dtréimhse an daonáirimh, ar aon dul leis an meán réigiúnach, cé gur tháinig ardú suntasach ar phoist ag 19%. Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar a Chóimheas idir poist agus cónaitheoirí, agus tá sé níos gaire do 1 anois. Tá an folúntas tithíochta os cionn an mheáin le laghdú measartha de 1%, agus tá soláthar tithíochta sa tréimhse mhonatóireachta díreach os cionn leath an méid ar a díríodh sa Phlean Forbartha.



Fíor 3.27 | Staidreamh Fáis Mhala i nDáil le Fostaíocht

Tá na nuashonruithe seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairle Contae Chorcaí maidir le tionscadail shuntasacha le linn na tréimhse monatóireachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil pleananna nó tionscadail ábhartha eile san áireamh i gcodanna eile den phlean seo:

- Ó glacadh an Plean Forbartha Contae, tá cead pleanála tugtha do 290 aonad cónaithe;
- Críochnaíodh uasghráduithe ar Scéim Séarachais Mhala;
- Tá tionscadal Athghiniúna URDF Bhaile Mhala críochnaithe anois;
- I measc na dtionscadal atá á bpleanáil faoi láthair tá iar-Halla an Bhaile á fhorbairt ina ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon agus URDF Réimse Phoiblí Mhala atá ag an gcéim deartha;
- Tá an Chomhairle ag tacú go gníomhach le soláthar Bhóthar Faoisimh N72-N73 Mhala agus an N/M20;
- Tá moltaí ar bun freisin chun Linn Snámha Mhala a uasghrádú.

3.4.9. An tAonach

Tuairim: Bhí ardleibhéal fáis daonra san Aonach i dtréimhse an daonáirimh ag 10.3%. Cé go bhfuil folúntas tithíochta os cionn an mheáin, tá laghdú suntasach tagtha air ó bhí 2016 ann nuair a bhí sé ar an gceann b'airde de na Príomhbhailte ar fad. Tá fás láidir tagtha ar líon na bpost ag 11%, cé gur tháinig laghdú beag ar an gCóimheas idir poist agus cónaitheoirí go 1.2.



Fíor 3.28 | Staidreamh Fáis an Aonaigh i nDáil le Fostaíocht

Tá na nuashonruithe seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairle Contae Tiobraid Árainn maidir le tionscadail shuntasacha le linn na tréimhse monatóireachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil pleananna nó tionscadail ábhartha eile san áireamh i gcodanna eile den phlean seo:

- Tá Plean Ceantair Áitiúil an Aonaigh & an Cheantair Máguaird 2024-2030 (PCÁ) le glacadh i mí Feabhra 2024; Ullmhaíodh Plean Iompair Áitiúil mar chuid de sin freisin;
- Tá gealltanas tugtha ag Uisce Éireann go n-uasghrádófar an t-ionad cóireála fuíolluisce don Aonach chun tacú le forbairt nua sa bhaile, agus táthar ag súil le hiarratas pleanála in 2024;
- Tá sé beartaithe mol iompair a fhorbairt ag an stáisiún iarnróid san Aonach ina mbeidh seirbhísí bus idir-uirbeacha agus saoráidí stórála rothar agus chun seirbhís iarnróid fheabhsaithe a sholáthar chun freastal ar riachtanais an phobail, i gcomhair leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus Iarnród Éireann;
- Tugadh dearadh mionsonraithe chun críche ar an R498 (Bóthar an Aonaigh go Durlas);
- Tá soláthar ag dul ar aghaidh ar Ionad *Bairr Feabhais le haghaidh Fuinneamh Inbhuanaithe* a bheidh ina ancaire agus ina chatalaíoch d'athfhorbairt Cheathrú Athghiniúna *Bhóthar an Tobair*.

3.4.10. Durlas

Tuairim: Chonacthas ráta fáis daonra ní b'ísle ná an meán i nDurlas, ag 3.1%, agus tháinig laghdú 10% ar phoist freisin. Ina ainneoin sin, tháinig méadú suntasach ar Chóimheas idir poist agus cónaitheoirí an Bhaile. Cé go bhfuil an folúntas tithíochta níos ísle ná 2016, is é an líon is airde de na Príomhbhailte ar fad. Laistigh den tréimhse monatóireachta, bhí soláthar tithíochta chun deiridh an tsoláthair ar a díríodh sa Phlean Forbartha freisin.



Fíor 3.29 | Staidreamh Fáis Dhurlas i nDáil le Fostaíocht

Tá na nuashonruithe seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairle Contae Tiobraid Árainn maidir le tionscadail shuntasacha le linn na tréimhse monatóireachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil pleananna nó tionscadail ábhartha eile san áireamh i gcodanna eile den phlean seo:

- Tá *Plean Ceantair Áitiúil Dhurlas agus an Cheantair Máguaird* 2024-2030 le glacadh i mí Feabhra 2024; Ullmhaíodh Plean Iompair Áitiúil agus tá sé ina chuid den Phlean freisin;
- Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le Campas Bithgheilleagair Náisiúnta an Lisín a fhorbairt, agus tá cainteanna ar siúl le comhlachtaí maoiniúcháin, úinéirí talún, forbróirí ionchasacha agus forbairt Máistirphlean don láithreán;
- Tá Durlas ina mhol don ghníomhaíocht náisiúnta spóirt i gcónaí, agus óstálann sé cluichí craobhchomórtais
- agus cluiche ceannais idirchontae agus Chúige Mumhan. Deonaíodh cead pleanála le déanaí chun Campas Spóirt Réigiúnach a fhorbairt ag Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Durlas;
- Tá oibreacha Chéim 1 ar Scéim Feabhsúcháin Chearnóg na Saoirse críochnaithe;
- Tá cainteanna ar siúl leis an Roinn Iompair chun maoiniú a fháil chun comhairleoir a fhostú chun miondearadh do Bhóthar Faoisimh Laistigh Dhurlais a chur i gcrích.

3.4.11. An Caisleán Nua Thiar

Tuairim: Bhí fás daonra ní b'airde ná an meán sa Chaisleán Nua Thiar i dtréimhse an daonáirimh. Tá soláthar tithíochta laistigh den tréimhse mhonatóireachta níos ísle (mar % de na spriocanna CDP) ná aon Phríomhbhaile ag 16% díreach, agus in ainneoin barrachas suntasach de thalamh chriosaithe chónaithe sa Bhaile. Tháinig fás láidir ar na poist sa Bhaile, cé go bhfuil an cóimheas idir poist agus cónaitheoirí fós ag 0.92.



Fíor 3.30 | Staidreamh Fáis an Chaisleáin Nua Thiar i nDáil le Fostaíocht

Tá na nuashonruithe seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairle Contae agus Cathrach Luimnigh maidir le tionscadail shuntasacha le linn na tréimhse monatóireachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil pleananna nó tionscadail ábhartha eile san áireamh i gcodanna eile den phlean seo:

- Glacadh Plean Ceantair Áitiúil an Chaisleáin Nua 2023-2029 i mí na Nollag 2023 agus cuimsíodh Plean Iompair Áitiúil don bhaile ann;
- Osclaíodh Mol Réigiúnach Lúthchleasaíochta an Chaisleáin Nua go hoifigiúil i Meán Fómhair 2023;
- Táthar ag leanúint le hobair ar ghníomhaíochtaí réamhthógála agus le forbairt Mhol Ghlasbhealaí Luimnigh ag Ráth Caola, Ardach, Mainistir na Féile agus An Caisleán Nua Thiar, chomh maith le Mol Turasóireachta Iarthar Luimnigh ag Fullers Folly;
- Tá an roghnú bealaigh tosaíochtaí agus comhairliúchán poiblí maidir le Scéim Bhóthar N21 an Chaisleáin Nua Thiar críochnaithe;
- Ullmhaíodh máistirphlean do pháirceanna na Diméine.

3.4.12. Cloich na Coillte

Tuairim: Tháinig fás suntasach daonra de 11.3% ar Chloich na Coillte ó 2016 go 2022, agus tháinig méadú 14% ar phoist. Bhí méadú beag ar fholúntas tithíochta go 9.9%, i gcodarsnacht leis na treochtaí ar fud an Réigiúin agus i bPríomhbhailte eile, cé go bhféadfadh sé go bhfuil tionchar ag ról na cóiríochta neamhfhoirmiúla do chuairteoirí sa Bhaile air sin. Tá soláthar tithíochta faoi bhun na sprice sa Phlean Forbartha freisin.



Fíor 3.31 | Staidreamh Fáis Chloich na Coillte i nDáil le Fostaíocht

Tá na nuashonruithe seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairle Contae Chorcaí maidir le tionscadail shuntasacha le linn na tréimhse monatóireachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil pleananna nó tionscadail ábhartha eile san áireamh i gcodanna eile den phlean seo:

- Ó glacadh an Plean Forbartha Contae, ceadaíodh 9 n-áitreabh (chuaigh srianta móra soláthair uisce i bhfeidhm ar ghníomhaíocht forbartha);
- In 2023, críochnaíodh oibreacha ar Scéim um Méadú Uisce Dhroichead na Bandan go Cloich na Coillte, lenar bhain tógáil píblíne nua 13KM chun soláthar uisce do cheantar Chloich na Coillte a threisiú ó Ionad Cóireála Uisce Dhroichead na Bandan ag an gCeathrú;
- Tá obair ar bun ar oibreacha uasghrádaithe ag Ionad Cóireála Uisce Dhroichead Jones (Cloich na Coillte);
- Tá sraith tionscadal um réimse poiblí á bhforbairt lena n-áirítear: forbairt Cheantar Taitneamhachta an Ghalláin Céim 2 – síneadh cosáin chun an baile a nascadh leis an bPáirc Teicneolaíochta; Tionscadal Feabhsaithe na Faire ar Éin i mBá Chloich na Coillte; Athchóiriú agus feabhas ar Deasy Quay South i mBá Chloich na Coillte; agus athnuachan Pháirc Bhaile Úllord Chatelain.

3.4.13. Dún Garbhán

Tuairim: Tháinig fás daonra os cionn an mheáin de 9.3% ar Dhún Garbhán i dtréimhse an daonáirimh, chomh maith le méadú suntasach ar phoist de 22%. Mar thoradh air sin freisin d'ardaigh Cóimheas idir poist agus cónaitheoirí an Bhaile os cionn 1. Tá an folúntas tithíochta faoi bhun an mheáin, cé go bhfuil soláthar tithíochta laistigh den tréimhse mhonatóireachta fós íseal.



Fíor 3.32 | Staidreamh Fáis Dhún Garbhán i nDáil le Fostaíocht

Tá na nuashonruithe seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge maidir le tionscadail shuntasacha le linn na tréimhse monatóireachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil pleananna nó tionscadail ábhartha eile san áireamh i gcodanna eile den phlean seo:

- Ullmhaíodh Straitéis Dhún Garbhán 2040 agus cuirfear bonn eolais léifaoi Phlean Ceantar Áitiúil 2024 nua don bhaile. Ullmhófar Plean Iompair Áitiúil mar chuid den phlean freisin;
- Sainaithníodh 6 athghiniúint agus deis atá oiriúnach le haghaidh athfhorbartha. Áiríodh Láithreán Glanbia agus na tailte in aice leis, Cé Dháibhéid agus an Carrchlós, Sráid Uí Chonaill sa sceideal tailte a faomhadh lena gceannach faoi Ghlao 3 URDF;
- Tá bonneagar taistil ghníomhaigh breise á rolladh amach chun tógáil ar na deiseanna a chuireann Glasbhealach Phort Láirge ar fáil mar aon le naisc thacaíochta bhreise le Gaeltacht na nDéise chun tacú le ról Dhún Garbhán mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta.

3.4.14. Guaire

Tuairim: Ba é Guaire an Príomhbhaile ba mhó fáis sa Réigiún le méadú daonra de 17.3%, fás a bhí níos mó ná dhá oiread an mheánráta fáis do Phríomhbhailte i dtréimhse an daonáirimh. Tháinig fás suntasach de 18% ar phoist freisin. Tháinig laghdú suntasach ar an bhfolúntas tithíochta, agus tá soláthar tithíochta sa tréimhse mhonatóireachta gar do spriocanna an Phlean Forbartha. Tá comharthaí ann go bhfuil tionchar ag cóngaracht an bhaile do Bhaile Átha Cliath air.



Fíor 3.33 | Staidreamh Fáis Ghuaire i nDáil le Fostaíocht

Tá na nuashonruithe seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairle Contae Loch Garman maidir le tionscadail shuntasacha le linn na tréimhse monatóireachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil pleananna nó tionscadail ábhartha eile san áireamh i gcodanna eile den phlean seo:

- Críochnaíodh Campas Gnó an M11 lena n-áirítear Saotharlann Hatch;
- Cuireadh Páirc Cheantair Ghuaire nua i gcríoch go substaintiúil;
- Tá Scéim Réimse Phoiblí Shráid Easmainn á chur chun cinn go dtí an chéim dheartha mhionsonraithe;
- Tá forbairt á cur chun cinn ar fhorbairt ionaid ilfheidhmigh ag Teach Margaidh Ghuaire;
- Ullmhaíodh Máistirphlean do Naomh Waleran, ar scéim í atá á stiúradh ag an gComhairle chun tithíocht shóisialta inacmhainne a sholáthar ar láithreán 30 heicteár ag Baile Uí Thagáin. Faomhadh Cuid 8 chun Máistirphlean Céim 1 a fhorbairt.

3.5. Bailte agus Sráidbhailte agus Ceantair Thuaithe

CBRanna ábhartha: 26 *Bailte agus Sráidbhailte* **agus 27** *Ceantair Thuaithe*

3.5.1. Ciste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe (RRDF)

CBR 7: Soláthar agus Maoiniú

Soláthraítear an Ciste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe (RRDF) tríd an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus déanfar €1 bhilliún de a infheistiú i gceantair thuaithe na hÉireann thar an tréimhse 2019 go 2027. Is iad seo a leanas sonraí an mhaoiniúcháin sa Réigiún le linn na tréimhse monatóireachta:

Ceatharlach: Iarratais do Ráth Bhile agus Muine Bheag;

An Clár: Iarradh maoiniú i gcomhair Phlean Feabhsúcháin Cora Finne;

Corcaigh: Droichead na Bandan, Athbheochan Bhaile Mhainistir Fhear Maí, Leabharlann Chionn tSáile, Feabhsúcháin ar Réimse Poiblí Charleville, Ceathrú Sheoirseach Bhaile Mhistéala;

Ciarraí: Athnuachan Eacnamaíoch agus Lár an Bhaile i Lios Tuathail, Athnuachan Tuaithe Cliste Chill Orglan, athnuachan Lár Baile Chathair Saidhbhín;

Cill Chainnigh: Athnuachan Lár Baile Bhaile an Phoill, athnuachan baile stairiúil Challainn;

Luimneach: Moil Glasbhealaí Great Southern agus Luimnigh, Geata Turasóireachta Iarthar Luimnigh, An Caisleán Nua Thiar, Tionscnamh Forbartha Tithíochta Tuaithe Luimnigh, Músaem Bád Aeir agus Muirí Fhainge;

Tiobraid Árainn: Ceathrú Stairiúil agus Cultúrtha an Aonaigh, máistirphlean Shráid Mhig Sheanlaoich, Ros Cré, Ionad Fiontraíochta agus Cultúir Halla an Bhaile sa Teampaill Mór, Ceathrú Mhargaidh Dhurlais, Ceathrú Cónaí/Oibre Lár Bhaile na Cathrach, Plean Athghiniúna Charraig na Siúire;

Port Láirge: Tionscadail i gCeapach Choinn, Port Lách, Dún Mór Thoir agus Dún Garbhán;

Loch Garman: Tionscadal Turasóireachta Ros Mhic Thriúin, Páirc na nEisimirceach, Tionscadal Athghiniúna Foirgneamh an Chnoic Ard agus Shráid Eoin.

3.5.2. Tús Áite do Lár an Bhaile

Seoladh an beartas *Tús Áite do Lár an Bhaile* **an 4 Feabhra 2022, agus is mórbheartas tras-rialtais é a bhfuil sé mar aidhm leis dul i ngleic le folúntais, dul i ngleic le tréigean agus beocht úr a chur inár láir bhailte. Tacaíonn sé cur chuige iomlánaíoch, áit-bhunaithe i leith na forbartha tuaithe inbhuanaithe. I measc roinnt forbairtí a rinneadh le linn na tréimhse monatóireachta tá:**

Ceatharlach: Ullmhaíodh Phlean Tús Áite do Lár an Bhaile don Tulach agus bunaíodh foireann baile. Beidh plean Mhuine Bheag mar chuid den chéad chéim eile;

An Clár: Bunaíodh foireann baile do Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh bunaithe agus ullmhaíodh plean dó;

Corcaigh: Ullmhaíodh Plean Sciobairín agus beidh plean Cheann Toirc mar chuid den chéad chéim eile;

Ciarraí: Cuireadh plean Bhaile an Mhuilinn i gcríoch. Beidh plean Cheann Toirc mar chuid den chéad chéim eile;

Cill Chainnigh: Ullmhaíodh plean Áth na nUrlainn. Beidh plean Ghráig na Manach mar chuid den chéad chéim eile;

Luimneach: Ullmhaíodh plean Mhainistir na Féile. Beidh plean Ráth Caola mar chuid den chéad chéim eile;

Tiobraid Árainn: Ullmhaíodh plean Rós Cré. Beidh plean Charraig na Siúire mar chuid den chéad chéim eile;

Port Láirge: Tá plean Phort Lách curtha i gcrích. Beidh plean Dhún Mór mar chuid den chéad chéim eile;

Loch Garman: Ullmhaíodh plean Rós Mhic Triúin. Beidh plean Bhaile na Cúirte / Shéipéal na hAbhann mar chuid den chéad chéim eile.










Café
Great Food Daily
bookstór
SIGNE MAD



3.6. Infheistíocht sa Bhonneagar i Réigiún an Deiscirt

CBR 4: *Infheistíocht sa Bhonneagar*

Comhpháirt lárnach i dTionscadal Éireann 2040 is ea a chinntiú go ndéanfar pleananna infheistíochta a ailíniú le Cuspóirí Straitéiseacha Náisiúnta sonraithe an CNP ar bhealach measta, comhtháite agus sainithe. Go sonrach, chinnteofar é sin trí mhaoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN), ina bhfeictear infheistíocht phoiblí iomlán de €165 billiún ó 2021 go 2030. Tá freagracht ar an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an PNF agus Athchóirithe (DPENDR) as maoirseacht agus seachadadh an PFN. Luaigh DPENDR ina aighneacht go bhfuil freagracht air as caiteachas a leithdháileadh ar bhonn roinne, agus ní ar bhonn geografach. Tá sé freagrach freisin as a chinntiú go gcomhlíonfaidh tionscadail aonair ceanglais na dTreoirlínte Bonneagair agus tá an fhreagracht aige as a chinntiú go bhfuil cláir chaiteachais na ranna ina n-iomláine ailínithe leis an CNP atá faoi na ranna rialtais aonair.

Déantar monatóireacht ar an PFN go príomha trí Rianaire agus Léarscáil Infheistíochta Caipitil Thionscadal Éireann 2040. Shonraigh an DPEDNR go léirítear le dáileadh réigiúnach líon na dtionscadal a sainaithníodh sa rianaire go bhfuil infheistíocht phleanáilte ag teacht le cuspóirí an CNP maidir le fás réigiúnach cothromaithe. Tá imní ar TRD, áfach, gur bhunaigh an DPENDR a anailís ar líon na dtionscadal, seachas ar chineál na dtionscadal, agus ar líon riachtanach iarbhír na hinfheistíochta pleanáilte.

Tá a anailís féin déanta TRD ar dháileadh réigiúnach na hinfheistíochta bonneagair a aithníodh sa PFN. Bunaítear an measúnú sin ar na tionscadail agus ar an bhfaisnéis a sainaithníodh sa leagan is déanaí a foilsíodh de Rianaire Infheistíochta Caipitil Thionscadal Éireann 2040 ó mhí Aibreáin 2024: https://storymaps.arcgis.com/stories/7682860c80d64a62b90e8a1ca3d16364. Chun measúnú cruinn ar infheistíocht phleanáilte sa bhonneagar a chinntiú, bunaíodh an measúnú sin ar chostais réamh-mheasta tionscadal nuair a bhí siad ar fáil. I gcás nach bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil, nó do thionscadail PFN a chosnaíonn níos lú ná €100 milliún, baineadh úsáid as comhiomlán de raon costas tionscadal ábhartha ón Rianaire Infheistíochta Caipitil. Déantar idirdhealú sa mheasúnú freisin idir tionscadail ag an gcéim réamhchur chun feidhme agus ag céim chríochnaithe an chur chun feidhme.

Déantar roinnt tionscadal a chatagóiriú mar thionscadail náisiúnta/uile-réigiúnacha ó thaobh cineáil, ar tionscadail iad atá á soláthar ag suíomh ar leith, ach a fhreastalaíonn ar chuspóir náisiúnta seachas cuspóir áitiúil nó réigiúnach e.g. Ospidéal Náisiúnta na Leanaí.

3.6.1. Sciar d'Infheistíocht Phleanáilte an PFN ar fud Réigiúin na hÉireann (lena n-áirítear Ceantar Cathrach Bhaile Átha Cliath)



Fíor 3.34 | Infheistíocht Phleanáilte an PFN ar fud Réigiúin na hÉireann

Tá infheistíocht €10.4 billiún pleanáilte do Réigiún an Deiscirt, arb ionann é agus 17% den infheistíocht phleanáilte iomlán. I gcomparáid leis sin, tá €31.37 billiún, 46% den iomlán i gceist le Ceantar Cathrach Bhaile Átha Cliath. Sainaithníodh gurb é €2.49 billiún, nó 4% den chaiteachas iomlán atá i gceist leis an gcuid eile de Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre. Tá costas €10.9 milliún i gceist le tionscadail náisiúnta/oll-réigiúnacha, arb ionann é sin agus 18% de chostas iomlán na dtionscadal, agus tá a bhformhór ag chéim chríochnaithe an chur chun feidhme. Go suntasach, baineann 68% den infheistíocht phleanáilte iomlán ag an gcéim réamh-chur chun feidhme le Ceantar Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomparáid le 19% do Réigiún an Deiscirt. Bheadh tús curtha le go leor tionscadal ag réamhchéim an chur chun feidhme/céim chríochnaithe an chur chun feidhme roimh an CNP nó an PNF, agus ghlacfadh sé roinnt blianta maidir le hindéantacht, dearadh, pleanáil agus faomhadh cáis gnó. Mar sin féin, ba cheart go mbeifí ag súil go mbeadh tionscadail arna sainaithint ag an gcéim réamh-chur chun feidhme ailínithe i bhfad níos dlúithe le croíchuspóirí an CNP. Léirítear leis na sonraí, thar thréimhse ina bhfuiltear ag díreach CNP ar fhás réigiúnach cothromaithe, go bhfuair Réigiún an Deiscirt 3.5 oiread níos lú infheistíochta ná Ceantar Cathrach Bhaile Átha Cliath.

3.6.2. Sciar d'Infheistíocht Phleanáilte an PFN ar fud na gCeantar Cathrach



Fíor 3.35 | Sciar d'Infheistíocht Phleanáilte an PFN ar fud na gCeantar Cathrach

Nuair a mheastar infheistíocht phleanáilte do na cúig cheantar cathrach, dírítear 79% den mhaoiniú ar Cheantar Cathrach Bhaile Átha Cliath. Laistigh de Réigiún an Deiscirt, meastar go soláthróidh Ceantair Chathrach thart ar 75% d'fhás iomlán an Réigiúin. Tá sé ina chuspóir freisin go ndíreofar ar na ceithre Cheantar Cathrach réigiúnacha le chéile chun an méid céanna fáis agus atá ag Ceantar Cathrach Bhaile Átha Cliath a bhaint amach.

3.6.3. Infheistíocht Phleanáilte an PFN – Measúnú Per Capita de réir Réigiún agus Ceantar Cathrach



Fíor 3.36 | Infheistíocht Phleanáilte an PFN Measúnú Per Capita de réir Réigiún agus Ceantar Cathrach

Baineadh úsáid as réamh-mheastacháin daonra do 2031 ó na SRSEnna ábhartha mar bhonn don mheasúnú per capita. Tá 2031 ina lárphointe freisin maidir le cur chun feidhme an CNP. Is ionann infheistíocht phleanáilte i Réigiún an Deiscirt agus €5,479 per capita. Tá sé sin níos lú ná leath de Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre ag €12,522. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil difríocht mhór san infheistíocht per capita do Cheantar Cathrach Bhaile Átha Cliath (€19,011) agus don chuid eile de Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre (€2,367). Tá an maoiniú le haghaidh Cheantair Chathair Chorcaí, Luimnigh-na Sionainne agus Phort Láirge i bhfad níos ísle per capita ná mar atá le haghaidh Cheantar Cathrach Bhaile Átha Cliath.

3.6.4. Tionscadail atá geallta faoin PFN laistigh de Réigiún an Deiscirt

Céim an Chur i gCrích / an Chur Chun Feidhme	Roimh an gcur chun feidhme
• M11 Guaire – Inis Córthaidh (€400 milliún) • N22 Seachbhóthar Mhaigh Chromtha (280 milliún) • N25 Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin (€230 milliún) • Acomhal Dhún Citil (€213 milliún) • Clár Iarnróid Comaitéireachta Chorcaí (€274 milliún) • Céanna Thuaidh Phort Láirge (€170 milliún) • Príomh-Dhraenáil Chuan Íochtarach Chorcaí (€144 milliún)	• M20 Corcaigh go Luimneach (€2 billiún) • BusConnects Chorcaí, Luimnigh, Phort Láirge (€1.3 billiún) • Dugthailte Chorcaí (€354 milliún) • N21/N69 Áth Dara go Faing (€450 milliún) • Áiseanna ardoideachais (€350 milliún) • M28 Corcaigh go Rinn an Scidígh (€300 milliún)

Fíor 3.37 | Tionscadail atá geallta faoin PFN laistigh de Réigiún an Deiscirt

3.6.5. Tionscadail atá geallta laistigh de Cheantar Cathrach Bhaile Átha Cliath

Céim an Curtha i gCrích / an Chur Chun Feidhme	Céim Roimh an gcur chun feidhme
• Máistirphlean Chalafort Chathair Átha Cliath (€1.6 billiún) • Tionscadail Tithíochta – Éagsúil (€600 milliún) • Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne (€550 milliún) • Líne Thras-Chathrach Luas (€360 milliún) • Rúidbhealach Thuaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath (€320 milliún)	• Nasc Meitreo* (€9.5 billiún) • Dart + (€3.65 billiún) • Mór-Thionscadail Ospidéil* (€1.5 billiún) • Soláthar Uisce an Oirthir agus Lár na Tíre (€1.3 billiún)** • Scéim Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (€750 milliún)

Fíor 3.38 | Tionscadail atá geallta laistigh de Cheantar Cathrach Bhaile Átha Cliath

Is fiú a thabhairt faoi deara, i gcomparáid le Réigiún an Deiscirt, go mbaineann formhór mór na hinfheistíochta i gCeantar Cathrach Bhaile Átha Cliath le tionscadail iompair phoiblí agus baineann infheistíocht i mbóithre le tromlach na hinfheistíochta sa bhonneagar i Réigiún an Deiscirt. Is é MetroLink an mórthionchar ar na costais fhoriomlána, arb é an tionscadal bonneagair is mó a dhéanfar sa stát ar an gcostas réamh-mheasta is déanaí de €9.5 billiún. Chomh maith le MetroLink, tá costas réamh-mheasta is cionn €3 bhilliún ar an gclár Dart+ agus ar BusConnects Bhaile Átha Cliath. Tugtar cuntas ar Líne Thraschathrach Luas, a críochnaíodh in 2017, faoin PFN, agus is é €360 milliún an costas deiridh.

3.6.6. Tionscadail nár Gealladh i Réigiún an Deiscirt

Tionscadail nár gealladh	
• Líonra Iranróid Éadroim Chorcaí • Líonra Iarnróid Bhruachbhailte Luimnigh (Rian Caoch Aerfort na Sionainne san áireamh) • Clár Iarnróid Comaitéara Cheantar Chorcaí (Céim 2 – Stáisiúin Nua, Leictriú) • Tionscadail Iompair Thuaisceart Chathair Chorcaí	• Bóthar Dáileacháin Thuaisceart Luimnigh • N24 An Chathair go hAcomhal Luimnigh • N24 Port Láirge go dtí an Chathair (€600m) • N11 / N25 Maolán na nGabhar go Ros Láir • N25 Uasghráduithe (Corcaigh go Port Láirge)

Fíor 3.39 | Tionscadail nár Gealladh i Réigiún an Deiscirt

Tá roinnt tionscadal ann, a sainithníodh i straitéisí náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla, nach bhfuil curtha sa PFN agus nach bhfuil aon ghealltanas maoiniúcháin ina leith le haghaidh oibreacha caipitil, in ainneoin gur cuireadh maoiniú ar fáil chun dearadh agus indéantacht a chur chun cinn i gcásanna áirithe. Bheadh tionchair bhunathraitheacha ag cuid de na tionscadail sin ar an Réigiún agus d'fheidhmeodh siad mar chatalaígh d'úsáid mhéadaithe iompair phoiblí agus d'aistriú córa iompair níos leithne. Measann TRD gur cheart tábhacht na dtionscadal sin a aithint trína gcuimsiú in athbhreithnithe ar an PFN amach anseo.

3.6.7. Ciste Forbartha Athghiniúna Uirbigh

Clár infheistíochta is ea an URDF chun tacú le cuspóirí an NPF trí athghiniúint inbhuanaithe agus athnuachan a dhéanamh ar chúig chathair agus bailte móra na hÉireann. De réir Rianaire Tionscadal URDF: https://experience.arcgis.com/experience/98a739a585944cf887f2dffe54c4f129/, leithdháileadh €1.69 billiún go dtí an tréimhse monatóireachta.

Is é seo a leanas leathdháileadh réigiúnach mhaoiniú an URDF:

- Réigiún an Deiscirt: €821.4 milliún (49%)
- Réigiún an Deiscirt agus an Láir Tíre: €634.3 milliún (38%)
- Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair: €213.2 milliún (13%)



Fíor 3.40 | Leithdháileadh réigiúnach mhaoiniú an URDF (Foinse: Rianaire URDF)

Nuair a chuirtear i gcomparáid le hinfheistíocht faoin gclár NDP níos leithne é, tá an leithdháileadh maoiniúcháin faoin URDF ualaithe go láidir i dtreo Réigiún an Deiscirt, agus Corcaigh go háirithe. Is toradh é sin den chuid is mó ar leithdháileadh €350 milliún ar thionscadail athnuachana Cheantar Dugaí Chorcaí, agus €46 milliún ar thionscadal Cheathrú na Paráide Móire. Tá €100 milliún leithdháilte i bPort Láirge ar thionscadal athnuachana na Cé Thuaidh agus i Luimneach, leithdháileadh €125 milliún ar athfhorbairt Chearnóg an Árais Ceoldrámaíochta agus ar fhorbairt World Class Waterfront. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhfuil i gceist leis an URDF ach 4% den chaiteachas iomlán a sainaithníodh laistigh den PFN.

Ráiteas Straitéise 7

Éagsúlacht, Teanga, Cultúr agus Oidhreacht a Fheabhsú

Éagsúlacht, teanga agus cultúr ár Réigiúin, ár sócmhainní fóillíochta, agus ár n-oidhreacht nádúrtha agus thógtha a neartú agus a chosaint.

3.7. Cultúr, Oidhreacht agus Ealaíona-Ceantair Ghaeltachta

Tá an t-eolas seo a leanas curtha ar fáil ag Comhairlí (Cathair agus) Contae Chorcaí, Chiarraí agus Phort Láirge (Cathair agus) ar Ghaeltachtaí ina gceantair:

Comhairle Contae Chorcaí	• Soláthraíodh Léarscáil Baile Stairiúil do Bhaile Seirbhíse Gaeltachta Mhaigh Chromtha (tá sí á chur ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge); • Thacaigh Scéim Deontais Oidhreachta Chontae Chorcaí chomh maith le Scéim Deontais um Chuimhneacháin Chontae Chorcaí le go leor grúpaí agus tionscnaimh Éireannacha agus tá snáithe Gaeilge saincheaptha ag baint leis na Deontais Ealaíon, a fheidhmítear trí Oifig Ealaíon na Comhairle; • Soláthraíodh Plean um Chaomhnú, Bainistíocht agus Léirmhíniú do Ghaeltacht Mhúscraí, a bhuaigh Gradam Contae Fhoras Pleanála na hÉireann.
Comhairle Contae Chiarraí	• Tionscnaimh sna ceantair Ghaeltachta atá dírithe ar úsáid na Gaeilge a chur chun cinn e.g. tacú le Tobar Dhuibhne maidir le hoiliúint ar chur orthu siúd atá bainteach le cúrsaí spóirt mar mheantóirí Gaeilge; • Beartas maidir le triail inniúlachta scileanna Gaeilge do thithíocht shóisialta • iarratasóirí ar chéatadán sonraithe tithe i gceantair Ghaeltachta; • Cuireadh cuspóir Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2022-2028 maidir le híosmhéid 66% de na haonaid chónaithe a chur in áirithe ar thalamh Chónaithe chriosaithe i ngach ceantar Gaeltachta do chainteoirí Gaeilge; • D'fhaomh Aire na Gaeltachta Plean teanga Chathair Saidhbhín in 2023 agus táthar le tús a chur chun feidhme an phlean i ndiaidh comhordaitheoir Pleanála Teanga a cheapadh don togra in 2024.
Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge	Cuimsítear cuspóirí beartais sa Phlean Forbartha chun tacú le ról Dhún Garbhán mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta agus tacaíocht do sholáthar Phlean Teanga na nDéise 2018-2024 i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, Comhlucht Forbartha na nDéise, agus an pobal i gcoitinne.

Tábla 3.11 | Ceantair Ghaeltachta Chorcaí, Chiarraí agus Phort Láirge

4.0. Réigiún Cruthaitheach agus Nuálach



Sa chuid seo, dírítear ar ghníomhaíochtaí cur chun feidhme a dhéanann comhlachtaí poiblí agus údaráis áitiúla faoin téama *Réigiún Cruthaitheach agus Nuálach* i Straitéis an SRSE. Tá gníomhaíochtaí TRD féin sa réimse sin tugtha i gCaibidil 2 Comhoibriú Náisiúnta agus Réigiúnach. Tacaíonn an SRSE le Réigiún Cruthaitheach agus Nuálach: áit a bhfásann ár ngeilleagar agus ár bpobail le chéile trí nuálaíocht agus scileanna ár ndaoine agus nascacht ardchaighdeán. Le heisiúint sonraí ó Dhaonáireamh 2022 agus foinsí eile atá ar fáil, cuimsítear faisnéis agus anailís ar fheidhmíocht an Réigiúin, a Limistéar Pleanála Straitéisí (LPSanna), a Cheantar Cathrach agus a Phríomhbhailte sa chaibidil seo freisin. Cuideoidh sé sin le TRD agus le lucht déanta beartas eile amach anseo, chun léiriú níos éifeachtaí a thabhairt ar an dóigh a bhfuil an SRSE agus a chuspóirí á gcur chun feidhme agus chun réimsí a mholadh ar gá aghaidh a thabhairt orthu, a chuireann le Caibidil 6 *Conclúidí agus Moltaí* freisin.

Ráitis Straitéise Ábhartha:

- **Ráiteas Straitéise 3** *Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe*
  Neartú a dhéanamh ar ról chaighdeán na beatha i gceantair tuaithe agus i bpobail éagsúla an Réigiúin agus é a fheabhsú agus meas a bheith ar ár Réigiún tuaithe mar réigiún dinimiciúil, athléimneach agus réamhbhreathnaitheach.
- **Ráiteas Straitéise 5** *Geilleagar Láidir*
  Geilleagar iomaíoch, nuálach agus táirgiúil a fhorbairt.
- **Ráiteas Straitéise 6** *Nascacht Idirnáisiúnta Ardchaighdeáin*
  Ár nascacht idirnáisiúnta a bharrfheabhsú trí infheistíocht agus cumas méadaithe inár gcalafoirt agus aerfoirt agus trí nascacht dhigiteach ardchaighdeáin a sholáthar ar fud an Réigiúin.



Ráiteas Straitéise 5

Geilleagar Láidir - Geilleagar iomaíoch, nuálach agus táirgiúil a fhorbairt.

4.1. Straitéis Eacnamaíoch SRSE

Is í an phríomhbhéim i Straitéis Eacnamaíochta SRSE na dálaí a chruthú a thacóidh le forbairt fiontar agus cruthú fostaíochta a spreagfaidh iad, tacaithe ag prionsabail eacnamaíocha: Speisialtóireacht Chliste, Braisliú, Comhfhorbairt Áite le haghaidh forbairt fiontair, Idirleathadh Eolais; agus Fothú Acmhainne.



Fíor 4.1 | Straitéis Eacnamaíoch SRSE

Is innill eacnamaíocha éifeachtacha iad na Spreagthaí Eacnamaíochta Réigiúnacha don Réigiún chun forbairt a dhéanamh ar shócmhainní uile an Réigiúin – na Cathracha, na Bailte agus na Sráidbhailte agus iad a nascadh leis na Líonraí agus na Conairí Eacnamaíocha. Rinne gach Údarás Áitiúil prionsabail eacnamaíocha Straitéis Eacnamaíochta SRSE a chomhtháthú ina bPleananna Forbartha glactha.



Fíor 4.2 | Spreagthaí Eacnamaíocha an Réigiúin

4.1.1. Anailís ar threochtaí fostaíochta rinne TRD le déanaí

Réigiún	Líon Iomlán Fostaithe	Athrú 2016 - 2022	% den Sciar Fostaithe	% de Sciar Fostaithe
Stát	2,320,297	16%	-	-
An Deisceart	749,745	16%	32%	33%
An tOirthear agus an Lár Tíre	1,180,014	16%	51%	49%
An Tuaisceart agus an tIarthar	390,538	15%	17%	18%

Tábla 4.1 | Fostaíocht in Éirinn (2022) de réir an Réigiúin

Lonnaíocht	Líon Iomlán na bPost	Athrú 2016 - 2022	% den Sciar Fostaithe	% de Sciar Fostaithe
Corcaigh	113,067	11%	5%	4%
Luimneach	49,871	12%	2%	2%
Port Láirge	27,704	14%	1%	1%
Príomhbhailte in TRD	99,688	7%	4%	5%
Baile Átha Cliath	577,835	13%	25%	25%

Tábla 4.2 | Líon na bPost laistigh de Chathracha agus de Phríomhbhailte

Mar atá leagtha amach i dTábla 4.1, bhí os cionn 2,320,000 duine fostaithe in Éirinn de réir Dhaonáireamh 2022, méadú 16% ó 2016. Leagtar amach i dTábla 4.2 líon na bpost laistigh de na príomhlonnaíochtaí sa réigiún. Is é Corcaigh an t-ionad fostaíochta is mó sa Réigiún le 113,067 post, méadú 11% ó 2016, agus sciar 5% de phoist (áit a bhfuil áit oibre taifeadta) go náisiúnta. Chonacthas rátaí ní b'airde fáis i líon na bpost i Luimneach agus i bPort Láirge ag 12% agus 14%

faoi seach. Tá an ráta fáis post sna Cathracha réigiúnacha ailínithe le ráta Bhaile Átha Cliath (13%). Tá sé sin i gcodarsnacht leis an bhfás ar daonra agus an soláthar tithíochta a leagtar amach i gcodanna roimhe seo lena léirítear ráta fáis i bhfad níos ísle sna cathracha réigiúnacha i gcomparáid le Baile Átha Cliath. Fostaíonn Príomhbhailte an Réigiúin díreach faoi bhun 100,000 duine le chéile, 4% den sciar náisiúnta. Mar sin féin, bhí ráta méadaithe ní b'ísle ar líon iomlán na bpost ó 2016 go 2022 sna Príomhbhailte ag 7%.

4.1.2. Suirbhé ar an Lucht Oibre



Fíor 4.3 | Ráta Dífhostaíochta R1 2022 go R4 2023 (Foinse: Suirbhé POS ar an Lucht Oibre)



Fíor 4.4 | Ráta Rannpháirtíochta an Lucht Oibre R1 2022 go R4 2023 (Foinse: Suirbhé POS ar an Lucht Oibre)

Le tuarascálacha ráithiúla Shuirbhé POS ar an Lucht Oibre, soláthraítear meastacháin ar rátaí dífhostaíochta agus rannpháirtíochta saothair ar fud Réigiúin NUTS 2 agus NUTS 3 (LPSanna). Amhail

ó R4 2023, bhí ráta dífhostaíochta 4% i Réigiún an Deiscirt, laghdú 0.3% ó thús na tréimhse. Laistigh den Réigiún, tá an leibhéal dífhostaíochta is ísle ag LPS an Iardheiscirt, le rátaí giota measartha níos airde san Iarthar Láir agus san Oirdheisceart. Is é 64% an ráta rannpháirtíochta saothair do Réigiún an Deiscirt, tá an ráta is airde san Iardheisceart ag 65.6%, agus an ráta is ísle san Iarthar Láir ag 62.2%. Tá an ráta rannpháirtíochta is airde i Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre ag 66.9%. Mar sin féin, tháinig laghdú suntasach ar an mbearna idir Réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir agus an Láir Tíre le linn na tréimhse monatóireachta. Léirítear i sonraí an tSuirbhé ar an Lucht Saothair feidhmíocht láidir eacnamaíoch i Réigiún an Deiscirt laistigh den tréimhse mhonatóireachta. Go suntasach, tá ráta fáis na bpost agus na leibhéil fostaíochta i Réigiún an Deiscirt ar aon dul le Baile Átha Cliath agus an Iarthair Láir agus d'fhéadfadh sé go bhfuil siad ag feidhmiú níos láidre ná iad. Tá sé sin i gcodarsnacht le rátaí soláthair tithíochta, lena léirítear leibhéil i bhfad níos airde gníomhaíochta i Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre i gcomparáid le Réigiún an Deiscirt.

4.1.3. Sciar na fostaíochta de réir na hearnála i Réigiún an Deiscirt



Fíor 4.5 | Sciar na fostaíochta de réir na hearnála i Réigiún an Deiscirt, Réigiúin agus NUTS agus an Stát ina iomláine (Foinse: Daonáireamh 2022)



Fíor 4.6 | Athrú Céatadáin ar Fhostaíocht de réir na hEarnála, 2016 go 2022 (Foinse: Daonáireamh 2022)

Go ginearálta, níl aon difríocht shuntasach idir na hearnálacha ar fud an Stáit nó an Réigiúin. Laistigh de Réigiún an Deiscirt, tá céatadán beagán níos airde d'oibrithe fostaithe sa Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Feirmeoireacht, Tionscal agus Tógáil ná an meán náisiúnta, cé go bhfuil beagán níos lú fostaithe i Seirbhísí TF agus Airgeadais. Ó 2016 go 2022, bhí an méadú is mó ar an bhfostaíocht in TF, i bhfostaíocht Ghairmiúil agus Riaracháin, agus Tógála.

4.1.4. Tionchar Eacnamaíoch na gCathracha



Fíor 4.7 | Méid tionchar atá ag Cathracha sa Réigiún (Foinse: Daonáireamh 2022)



Fíor 4.8 | Méid Foriomlán na Comaitéireachta go Cathracha laistigh den Réigiún (Foinse: Daonáireamh 2022)

Tá tionchar eacnamaíoch suntasach ag Corcaigh agus Luimneach (crios comaitéireachta) laistigh de LPSanna an Iarthair Láir agus an Iardheiscirt faoi seach (i gcás ina a dtaistealaíonn 15% de níos mó den daonra oibre ann chun na hoibre). I gcomparáid leis sin, tá tionchar eacnamaíoch níos teoranta ag Port Láirge ar LPS an Oirdheiscirt, i gcás nach bhfuil Contae Loch Garman laistigh de limistéar thionchar eacnamaíoch Chathair Phort Láirge in ainneoin a chóngaraí atá sé. Tá méid spáis thionchar Phort Láirge inchomparáide le Cill Chainnigh. Díol suntais freisin is ea a mhéid tionchair atá ag Baile Átha Cliath laistigh de Réigiún an Deiscirt, rud atá thar a bheith feiceálach laistigh de LPS an Oirdheiscirt, áit a bhfuil codanna de Thuaisceart Chontae Loch Garman laistigh de limistéir faoi thionchar eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath. Lena chois sin, tá formhór an chontae faoi leibhéal níos airde de thionchar eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath ná mar atá Port Láirge. Léirítear leis sin scála tionchair Bhaile Átha Cliath mar mhol eacnamaíoch i gcomparáid le Port Láirge. Is dócha go bhfuil ról suntasach ag tionchar Bhaile Átha Cliath laistigh de LPS an Oirdheiscirt sna rátaí níos airde fáis daonra agus gníomhaíochtaí pleanála agus forbartha, go háirithe i gContaetha Loch Garman agus Cheatharlach.

4.2. An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFFF)

Tá príomhról ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) i gcur chun feidhme Straitéis Eacnamaíoch RSES agus i gcur chun cinn na fostaíochta sa Réigiún. Ina haighneacht, leagan sí amach conas a éilítear fócas mór ar chumas an fháis réigiúnaigh a threisiú le fás fostaíochta agus inbhuanaitheacht amach anseo, rud óna n-éilítear fás atá inbhuanaithe a chur chun cinn, arna spreagadh ag onnmhairí, agus a bhfuil nuálaíocht agus iomaíochas mar bhonn faoi ar fud na réigiún go léir. Ina *Páipéar Bán ar Fhiontraíocht* 2022-2030, sainaithnítear forbairt réigiúnach chothromaithe eacnamaíoch agus fiontraíochta mar chomhpháirt lárnach den bheartas fiontair. Tá cláir forbartha fiontar GFT Éireann, an phríomhghníomhaireacht atá freagrach as infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh, agus as obair Fhiontraíocht Éireann chun fiontair Éireannacha a fhorbairt sa mhargadh domhanda, thar a bheith tábhachtach do gheilleagar an Réigiúin. Tá ról na bPleananna Fiontar Réigiúnacha (PFRanna) ríthábhachtach freisin.

4.2.1. GFT Éireann

Leanann GFT Éireann le baint amach a spriocanna agus a chuspóirí straitéiseacha a chur chun cinn mar atá leagtha amach ina straitéis, *Téarnamh a Spreagadh gus Fás Inbhuanaithe 2021-2024*. Tá a cholún "Réigiún" ag teacht le cuspóirí an Chláir don Rialtas maidir le forbairt réigiúnach. Is é uaillmhian uileghabhálach an bheartais náisiúnta maidir le "Réigiúin" fás cothromaithe inbhuanaithe agus dlúthfhás a chur chun cinn lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Chuirfeadh cur i gcrích thorthaí straitéiseacha an CNF, trí fhás agus fhorbairt na gcathracha agus na mbailte réigiúnacha, go mór le tairiscint luacha na hÉireann do IDC agus thacódh sé le suíomhanna uirbeacha scála atá ag teacht chun cinn le bheith ina spreagthaí fáis IDC amach anseo. Tá Foirne Forbartha Réigiúnaí ag GFT Éireann a thacaíonn le cur chun feidhme Straitéis GFT ar an leibhéal réigiúnach atá bunaithe i dtrí oifig réigiúnacha ar fud Réigiún an Deiscirt, is iad sin Luimneach, Port Láirge agus Corcaigh. D'fhoilsigh sé spriocanna infheistíochta freisin do gach réigiún thar na ceithre bliana dá straitéis reatha. Is é 234 infheistíocht an chomhsprioc do Réigiún an Deiscirt thar an tréimhse 2021-2024.

Maidir leis an mBonn ICD i Réigiún an Deiscirt, tá 478 oibríocht cliant ICD a fhostaíonn 93,854 go díreach in 2023. Is é sin 31% d'fhostaíocht iomlán cliaint an GFT ar fud na tíre. Agus fostaíocht indíreach measta ag 75,084 a fhaigheann tacaíocht ó IDC, meastar gurb é 168,938 líon iomlán na bpost a fhaigheann tacaíocht dhíreach agus indíreach ó ICD i Réigiún an Deiscirt. Déantar miondealú air sin sa tábla seo de réir LPS.

Bonn/Fostaíocht iomlán ICD 2023	An Mheán-Iarthair	An Oirdheiscirt	An Iardheiscirt	Réigiún an Deiscirt
Líon na Oibríochtaí gCliant	159	86	233	**478**
Fostaíocht ICD – Díreach	27,257	15,301	51,296	**93,854**
Fostaíocht ICD – Indíreach	21,806	12,241	41,037	**75,084**
Fostaíocht ICD – Líon Iomlán	49,063	27,542	92,333	**168,938**
% Fás	3%	1%	1%	

Tábla 4.3 | Bonn/ Fostaíocht iomlán ICD do Réigiún an Deiscirt lena n-áirítear LPSanna in 2023 (Foinse: AES 2023)

I dtéarmaí tionchar eacnamaíoch ICD ar fud Réigiún an Deiscirt, tá sé sin suntasach agus an caiteachas measta de €9.97bn in 2022, méadú 9% ar fhigiúirí 2021.

	An Mheán-Iarthair	An Oirdheiscirt	An Iardheiscirt	Réigiún an Deiscirt
Torhaí ABSEI 2022 €m				
Párolla	1,991	1,100	3,389	6,480
Ábhair and Serbhisí Éireannach	753	557	2,181	3,491
Tionchar Eacnamaíoch ICD	2,744	1,657	5,570	9,971
TF go hInmheánach	616	100	538	1,254
Torhaí ABSEI 2021 €m				
Párolla	1,754	909	3,228	5,891
Ábhair and Serbhisí Éireannach	535	500	2,181	3,216
Tionchar Eacnamaíoch ICD	2,289	1,409	5,409	9,107
TF go hInmheánach	415	119	538	1,072

Tábla 4.4 | Tionchar Eacnamaíoch ICD i Réigiún an Deiscirt in 2022 (Foinse: ABSEI 2022)

4.2.2. Fiontraíocht Éireann

Tháinig méadú ar an bhfostaíocht i gcliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann go 74,428 ar an iomlán in 2023 i Réigiún an Deiscirt, an líon is airde a taifeadadh riamh. Cruthaíodh 5,022 post ar an iomlán. Nuair a chuirtear caillteanas post san áireamh, bhí glantoradh post dearfach de 1,551 ann i mbliain a bhí an-dúshlánach do ghnólachtaí. Bhí díreach os cionn 32%, nó beagnach aon trian, de na poist nua a cruthaíodh in 2023 i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann lonnaithe i Réigiún an Deiscirt. Chomh maith le tacaíocht dhíreach airgeadais, oibríonn Fiontraíocht Éireann freisin chun fócas méadaithe ar nuálaíocht, digitiú agus inbhuanaitheacht a chinntiú. Tá cuideachtaí atá dírithe ar onnmhairiú ag leanúint le fostaíocht ardchaighdeáin a chruthú ar fud Réigiún an Deiscirt, in ainneoin timpeallacht ghnó dhúshlánach.

4.2.3. Torthaí Bliantúla Fostaíochta 2023 na nOifigí Fiontair Áitiúla

Déanann Oifigí Fiontair Áitiúla (OFÁ) Suirbhé Fostaíochta Bliantúil ina dtaispeántar líon na gcliantchuideachtaí agus líon na bpost a cruthaíodh, agus tá na torthaí is déanaí ar fáil le haghaidh 2023. Léirítear sna figiúirí an deichiú bliain as a chéile ina raibh fás ar phoist. Léirítear sna figiúirí go bhfuil punann de 7,167 gnólacht beag ag líonra na OFÁnna anois agus is ionann sin agus 38,726 post ar fud na tíre. Mar atá leagtha amach thíos tá 2,590 de na gnólachtaí sin lonnaithe i Réigiún an Deiscirt. Ní áirítear leis an líon post dá dtagraítear ach na poist a thaifead na gnólachtaí sin a fuair cúnamh deontais OFÁ.

OFÁ	Líon na gCliantchuideachtaí	bPosta Ghlann
Ceatharlach	208	1
An Clár	229	62
Cathair Chorcaí	183	77
Corcaigh Theas	163	120
Corcaigh Thiar Thuaidh	284	47
Ciarraí	242	65
Cill Chainnigh	188	53
Luimneach	313	238
Tiobraid Árainn	266	96
Port Láirge	280	47
Loch Garman	234	177
Iomlán Réigiún an Deiscirt	**2590**	**983**

Tábla 4.5 | Torthaí Bliantúla Fostaíochta 2023 na nOifigí Fiontair Áitiúla

4.2.4. Pleananna Fiontar Réigiúnacha

CBR ábhartha 51: Braislí Eacnamaíochta agus Éiceachórais

Seoladh na trí Phlean Fiontair Réigiúnacha (PFRanna) do Réigiún an Deiscirt: PFR an Iarthair Láir; PFR an Iardheiscirt; agus PFR an Oirdheiscirt, ag tús 2022 agus tá siad anois sa bhliain dheireanach dá gcur chun feidhme. Tá soláthar gach PFR á stiúradh ag Coiste Stiúrtha de pháirtithe leasmhara réigiúnacha agus faoi chathaoirleacht duine gnó sinsearach ón earnáil phríobháideach, le tacaíocht ó Bhainisteoir Clár PFR (PM) lánaimseartha. Tá na Bainisteoirí Clár freagrach go príomha as cur chun feidhme agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a chur chun cinn ar an talamh. Tá RFTF freagrach

as monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na PRFanna ar an leibhéal náisiúnta tríd an nGrúpa Maoirseachta Náisiúnta (GMN), a bhfuil Airí na Roinne ina gcathaoirleach air. Bhí an cruinniú deireanach den GMN ar siúl an 26 Deireadh Fómhair 2023 agus measadh go raibh dul chun cinn maith á dhéanamh ar an gcur chun feidhme ar an iomlán ar fud Réigiún an Deiscirt.

4.2.5. Scéim Nuálaíochta Fiontar na Réigiún Cliste (SREIS)

Tá Scéim Nuálaíochta Fiontar na Réigiún Cliste (SREIS) cómhaoinithe faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus tacaíonn sí le tionscadail atá ailínithe leis na PRFanna. Fógraíodh an chéad ghlao de €35 milliún i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus fógrófar glaonna ina dhiaidh sin sna blianta amach romhainn. Tá tuarascálacha meántéarma ar dhul chun cinn á n-ullmhú agus cuimseofar iontu nuashonrú cuimsitheach, de réir gnímh ar chur chun feidhme gach ceann de na PRFanna go dtí R3 2023.

4.2.6. Moil Nuálaíochta Digití Eorpaí

Is ionaid ilfhreastail iad na Moil Nuálaíochta Digití Eorpaí (EDIHanna) do chuideachtaí agus d'eagraíochtaí san earnáil phoiblí chun rochtain a fháil, ar bheagán costais nó ar chostas íseal, ar shaineolas, ar chomhairle agus ar dheiseanna chun teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid nó chun teicneolaíochtaí a thástáil sula ndéanfar infheistíocht. Tá ceann acu sin, ENTIRE, lonnaithe i Réigiún an Deiscirt, faoi cheannas Institiúid Náisiúnta Tyndall, Corcaigh. Arna mhaoiniú faoi Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann (NRRP), díríonn sé go príomha ar chuidiú a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta chun bheith níos iomaíche ina bpróisis ghnó/táirgeachta ag baint úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha mar Idirlíon na nEarraí (IoT) agus braiteoirí.

4.2.7. An Ciste Nuálaíochta Teicneolaíochtaí Suaiteacha agus Nuálaíocht

Bunaíodh an Ciste Nuálaíochta Teicneolaíochtaí Suaiteacha (DTIF) in 2018 mar chuid den PFN agus tá maoiniú €500 milliún geallta aige thar an tréimhse go dtí 2027 i gcomhair tionscadail chómhaoinithe a bhfuil baint acu leis na hearnálacha fiontraíochta agus taighde. Ó bhí 2018 ann, tá €371 milliún infheistithe ag an DTIF in 104 tionscadal nuálaíochta suaití comhoibríoch, a bhfuil comhpháirtí amháin nó níos mó acu lonnaithe i Réigiún an Deiscirt ar 49 acu, agus bronnadh breis is €184 milliún ina leith. Clúdaítear sna tionscadail sin réimsí amhail eolaíochtaí na beatha, feistí leighis, TFC, intleacht shaorga, déantúsaíocht agus inbhuanaitheacht comhshaoil.

4.2.8. Cistí agus Tionscnaimh Eile

- Maoiníodh 44 eintiteas ar fud Réigiún an Deiscirt faoin gCiste Forbartha Fiontar Réigiúnach (REDF) le maoiniú ceadaithe iomlán de €41.1 milliún i gcomhair tionscadal. Maoiníodh 23 eintiteas faoin Scéim um Aistriú Fiontar Réigiúnach (RETS) le maoiniú ceadaithe iomlán de €2.6 milliún i gcomhair tionscadal.
- Tá an Ciste Tosaithe Síl Réamhbhunasaigh (PSSF) oscailte do ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha i ngach earnáil, agus díríonn sé ar dhéantúsaíocht, eolaíochtaí na beatha, bia agus fuinneamh in-athnuaite. Ó seoladh é in 2022 tá tacaíocht tugtha do 34 cuideachta nuathionscanta i Réigiún an Deiscirt agus €2.9 milliún geallta do na cuideachtaí sin.
- D'fhreastail 200 ceannaire sinsearach ón earnáil bia agus príomhpháirtithe leasmhara an tionscail ar Chruinniú Mullaigh ceannródaíochta Fhiontraíocht Éireann um Nuálaíocht Bia i mí na Bealtaine 2023 ag Páirc Uí Chaoimh, Corcaigh. Ba é an t-imeacht sin an chéad Chruinniú Mullaigh tiomnaithe um Nuálaíocht Bia a reáchtáladh in Éirinn agus tugadh chun solais leis an cumas nuálaíochta laistigh de thionscal bia na hÉireann agus neart éiceachóras taighde bia na hÉireann.

4.3 Nascacht Dhigiteach

CBRanna: 133-138

San aighneacht ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) sonraítear:

- Foilsíodh an *Straitéis um Nascacht Dhigiteach* i mí na Nollag 2022 agus tá sé mar aidhm léi bonneagar digiteach na hÉireann a fheabhsú lena n-áirítear spriocanna uaillmhianacha amhail clúdach líonra Gigighiotán a bhaint amach do gach teaghlach agus gnólacht in Éirinn faoi 2028, clúdach cuimsitheach 5G faoi 2030, agus nascacht dhigiteach do gach scoil agus Pointí Nasc Leathanbhanda (BCPanna) faoi 2023. Is cuid ríthábhachtach é an *Plean Náisiúnta Leathanbhanda* (PNL) chun na spriocanna sin a bhaint amach, ag díriú ar nascacht dhigiteach iontaofa ardluais. Tá na Pointí Naisc Straitéisigh (PNSanna) ina bpríomhghné den PNL, ag soláthar leathanbhanda ardluais i ngach contae roimh rolladh amach an líonra snáithín chuig líonra an áitribh. I réigiún an Deiscirt, bhí 103 BCP i bhfeidhm faoi dheireadh mhí na Samhna 2023, agus iad go léir oscailte do ghnó, ag soláthar seirbhísí leathanbhanda ardluais do phobail. Bhí 265 Pointe Naisc Straitéisigh scoile freisin (PNSanna scoile) i réigiún an Deiscirt suiteáilte faoi dheireadh mhí na Samhna 2023, agus tá 210 de na scoileanna sin ag baint úsáid as an tseirbhís nua-sholáthair le nascacht ardluais. Tá na 55 scoil eile, a bhfuil nascacht níos moille acu, á nascadh leis an nasc ardluais nua. Is ionann é sin agus 368 PNS ar an iomlán a bhí suite i réigiún an Deiscirt faoin 30 Samhain 2023. Is é seo a leanas an miondealú de réir contae do BCPanna atá suiteáilte i réigiún an Deiscirt:

PNSanna a Shuiteáil an Contae – Réigiún an Deiscirt			
Contae	**PNSanna Scoile**	**BCPanna Phoiblí**	**PNSanna Iomlán**
Ceatharlach	9	7	16
An Clár	29	7	36
Corcaigh	91	24	115
Ciarraí	24	10	34
Cill Chainnigh	21	7	28
Luimneach	21	15	36
Tiobraid Árainn	37	20	57
Port Láirge	16	4	20
Loch Garman	17	9	26
Iomlán	**265**	**103**	**368**

Tábla 4.6 | PNSanna a Shuiteáil an Contae – Réigiún an Deiscirt

Ón 12 Eanáir 2024, tá gníomhaíochtaí imscartha snáithíní curtha i gcrích ag Leathanbhanda Náisiúnta Éireann (NBI) ar 10 n-oileán ar fud na tíre, lena n-áirítear dhá ceann, Inis Uí Drisceoil agus Inis Fada; atá in aice le Corcaigh, agus a bhfuil leathanbhanda ardluais acu anois. Tá sé beartaithe go soláthrófar é sin do shé oileán laistigh de réigiún an Deiscirt faoi R4 2026: Tá sé i gceist go soláthrófar é sin d'Inis Arcáin, Ceann Cléire, an Oileán Mór, Oileán Baoi, Oileán an Chapaill agus Dairbhre faoi R4 2026.

4.4. Speisialtóireacht Chliste

I mí Iúil 2022, d'fhoilsigh RFTF an *Straitéis Náisiúnta um Speisialtóireacht Chliste don Nuálaíocht 2022-2027 (S3)*. Le hullmhú S3, rinneadh measúnú ar bhuntáistí iomaíocha réigiúnacha na hÉireann, ar dheiseanna margaidh amach anseo, ar réitigh ar dhúshláin shochaíocha, chomh maith le héifeachtúlacht na sraithe reatha de thacaíochtaí nuálaíochta fiontar. Dá réir sin, tógann S3 ar láidreachtaí réigiúnacha agus náisiúnta arna sainaithint lena chinntiú go gcruthófar timpeallacht thacúil le go mbeidh rath ar an nuálaíocht, le go dtiocfaidh gnólachtaí nuathionscanta chun cinn agus go méadófaí gnólachtaí. Leagtar béim ann ar an dá aistriú, an t-aistriú glas agus t-aistriú digiteach a theastaíonn ar fud na hearnála fiontraíochta, agus ár gcóras nuálaíochta náisiúnta á ailíniú chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin. Cuimsítear ann cur chuige réigiúnach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán taighde, forbartha agus nuálaíochta (TD&N) na hÉireann, ag soláthar 'droichead' tábhachtach idir forbairt straitéise nuálaíochta réigiúnach agus náisiúnta agus cinnteoireacht.

4.5. Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh

CBR 41: *Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh (CEA)*

Mar a shonraítear san aighneacht ón *Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail* (RFRP), tacaíonn *Coimisiún Forbartha an Iarthair* (CFI) le soláthar bheartas an Rialtais i dtreo forbairt réigiúnach chothromaithe thar réimse leathan earnálacha lena n-áirítear a chuid oibre ar thionscnamh CEA. Is comhlacht reachtúil é Coimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) a bunaíodh chun forbairt shóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn in iarthar na hÉireann (Contaetha: Dún na nGall, Liatroim, Sligeach, Maigh Eo, Ros Comáin, Gaillimh agus An Clár). Líonra líneach is ea *Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh* (CEA) feadh chósta an iarthair, a shíneann ó Chiarraí go



Dún na nGall. Is é an cuspóir uileghabhálach le tionscnamh CEA sócmhainní feadh chósta an iarthair a uasmhéadú chun infheistíocht a mhealladh, chun tacú le cruthú post agus chun cur le feabhas ar chaighdeán na beatha dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu ansin. Tá CFI ag obair faoi láthair ar dhoiciméad straitéise don tionscnamh CEA. Leis an tionscnamh CEA go dtí seo, bhíothas ábalta roinnt tionscadal a fhorbairt, go háirithe tionscadal Líonra Mol CEA, atá curtha ar aghaidh ó shin go tionscnamh náisiúnta i bhfoirm *Moil Nasctha*. Is tionscnamh náisiúnta é *Moil Nasctha* lena gcruthaítear líonra aonair de shaoráidí cianoibre lena soláthraítear faisnéis d'úsáideoirí faoi na saoráidí atá ar fáil ag moil chianoibre ar fud na hÉireann agus faoin áit ina bhfuil siad. Tá fás suntasach tagtha air ó seoladh é agus anois tá thart ar 340 mol beo ar a ardán áirithinte ar líne (www.connectedhubs.ie).

Contae	Moil atá tugtha isteach	Moil atá ar feitheamh a dtabhairt isteach
Ceatharlach	5	9
An Clár	13	10
Corcaigh	33	20
Ciarraí	20	8
Cill Chainnigh	4	13
Luimneach	15	13
Tiobraid Árainn	14	24
Loch Garman	12	11
Port Láirge	9	9

Tábla 4.7 | Moil Nasctha i Réigiún an Deiscirt ag deireadh 2023



Ráiteas Straitéise 3

Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe

CBRanna: 43-50

4.6. Forbairt Tuaithe

San aighneacht ón an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) sonraítear:

- Leantar le tacaíocht a bheith á fáil ón gclár infheistíochta forbartha tuaithe i gcomhair infheistíocht ar fud na tuaithe in Éirinn trí scéimeanna a sholáthar, lena n-áirítear an Ciste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe, an Clár LEADER, an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, an Scéim um Bonneagar Fóillíochta Lasmuigh agus an Clár CLÁR. Lena chois sin, beartais agus straitéisí atá mar chuid de *Ár dTodhchaí Tuaithe: Cuimsítear i mBeartas Forbartha Tuaithe 2021-2025*, an Straitéis um Tús Áite do Lár an Bhaile agus an Straitéis Náisiúnta um Chaitheamh Aimsire Lasmuigh;
- *Foilsíodh Ár nOileáin Bheo – Beartas na nOileáin Náisiúnta 2023-2033*, i mí an Mheithimh 2023, arb é an chéad bheartas uile-Rialtais maidir leis na hoileáin a foilsíodh le 27 bliain, ag tacú le pobail oileáin inbhuanaithe agus tá Plean Gníomhaíochta don tréimhse 2023-2026 ag gabháil leis. Tá na hoileáin seo a leanas de chuid Oileáin Iarthar Chorcaí san áireamh: Oileán Baoi, an tOileán Mór, Faoide, Inis Fada, Inis Uí Driscaoil, Inis Arcáin agus Ceann Cléire.

Chuir na húdaráis áitiúla na sonraí seo a leanas ar fáil maidir le maoiniú Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe (RRDF) sa réigiún:

Údarás Áitiúil	Bailte
Ceatharlach	Iarratais do Ráth Bhile agus Muine Bheag
An Clár	Iarradh maoiniú i gcomhair Phlean Feabhsúcháin Cora Finne
Contae Chorcaí	Droichead na Bandan, Athbheochan Bhaile Mhainistir Fhear Maí, Leabharlann Chionn tSáile, Feabhsúcháin ar Réimse Poiblí Charleville, Ceathrú Sheoirseach Bhaile Mhistéala
Ciarraí	Athnuachan Eacnamaíoch agus Lár an Bhaile i Lios Tuathail, Athnuachan Tuaithe Cliste Chill Orglan, athnuachan Lár Baile Chathair Saidhbhín
Cill Chainnigh	Athnuachan Lár Baile Bhaile an Phoill, athnuachan baile stairiúil Challainn
Luimneach	Moil Glasbhealaí Great Southern agus Luimnigh, Geata Turasóireachta Iarthar Luimnigh, An Caisleán Nua Thiar, Tionscnamh Forbartha Tithíochta Tuaithe Luimnigh, Músaem Bád Aeir agus Muirí Fhainge
Tiobraid Árainn	Ceathrú Stairiúil agus Cultúrtha an Aonaigh, máistirphlean Shráid Mhig Sheanlaoich, Ros Cré, Ionad Fiontraíochta agus Cultúir Halla an Bhaile sa Teampaill Mór, Ceathrú Mhargaidh Dhurlais, Ceathrú Cónaí/Oibre Lár Bhaile na Cathrach, Plean Athghiniúna Charraig na Siúire
Port Láirge	Tionscadail i gCeapach Choinn, Port Lách, Dún Mór Thoir agus Dún Garbhán
Loch Garman	Tionscadal Turasóireachta Ros Mhic Thriúin, Páirc na nEisimirceach, Tionscadal Athghiniúna Foirgneamh an Chnoic Ard agus Shráid Eoin

Tábla 4.8 | Maoiniú Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe in aghaidh an údaráis áitiúil

4.7. Talmhaíocht agus Éagsúlacht sa Gheilleagar Tuaithe

San aighneacht ón an Roinn Talmhaíochta (RT) tugtar an méid seo a leanas chun suntais:

- Straitéis deich mbliana d'earnáil agraibhia na hÉireann is ea an *Straitéis um Fhís Bia 2030* agus ullmhaíodh a céad Tuarascáil Bhliantúil i mí na Bealtaine 2023;
- Tá bearta i bPlean Straitéiseach CAP 2023-2027 lena dtugtar aghaidh ar 9 Sainchuspóir CAP, agus ar an gcuspóir forleathan maidir le hearnáil na talmhaíochta a nuachóiriú trí eolas, nuálaíocht agus digitiú a chothú agus a roinnt, agus a nglacadh a spreagadh;
- Scéim nua agra-chomhshaoil na hÉireann faoi Phlean Straitéiseach CAP na hÉireann is ea *Scéim na Timpeallachta Tuaithe Agra-Aeráide* (ACRES). Oibreoidh feirmeoirí in ACRES chun tairbhí suntasacha a sholáthar ar leibhéal an tírdhreacha don bhithéagsúlacht, don aeráid agus do cháilíocht an uisce. I measc na gcriosanna ACRES i Réigiún an Deiscirt tá: Boirinn-Árainn, Cúige Mumhan-Cúige Chonnachta Theas, Ciarraí-Iarthar Chorcaí agus Cúige Laighean;
- Forbraíodh mol nuálaíochta bia/seomra bith-chlaochlaithe nua ag Ionad Taighde Bia Teagasc, Páirc Uí Mhórdha i gContae Chorcaí chun seachtháirgí bia a choipeadh;
- Ó thaobh thionscal na rásaíochta capall de, baineadh leas as deontais chaipitil i gcomhair ráschúrsaí i Luimneach agus sna Príomhbhailte, Cluain Meala, Durlas, Mala, Loch Garman agus Cill Áirne i réimsí amhail córais gabhála uisce le haghaidh uisciúcháin, cúram agus sábháilteacht eachaí. D'fhoilsigh Rásaíocht Capall Éireann a Straitéis Inbhuanaitheachta le déanaí agus beidh sé rannpháirteach go gníomhach leis na ráschúrsaí sna Príomhbhailte chun bithéagsúlacht a fheabhsú, dramhaíl a laghdú, an geilleagar ciorclach a chur chun cinn, rannpháirtíocht an phobail agus cláir oideachais a mhéadú do rannpháirtithe tionscail agus scoileanna áitiúla. Tá sé beartaithe aige freisin rian uile-aimsire a fhorbairt ag

ráschúrsa Thiobraid Árann, a chruthóidh mol Thiobraid Árann don 'Thoroughbred Country Experience', táirge turasóireachta eachaí, atá á fhorbairt ag Comhairlí Contae Thiobraid Árann agus Chill Dara.

4.8. Bithgheilleagar

CBRanna: 57-59

San aighneacht ón an Roinn Talmhaíochta (RT) tugtar an méid seo a leanas chun suntais:

- Foilsíodh an *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta don Bhithgheilleagar 2023-2025* (https://www.gov.ie/ga/publication/a1bb6-bioeconomy-policy/) i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus tacaíonn sé le forbairt inbhuanaithe bhithgheilleagar na hÉireann. Áirítear leis colún sonrach maidir le pobail, réigiúin agus cathracha agus féachtar leis an rialachas réigiúnach a fheabhsú, deiseanna comhchruthaithe agus comhdheartha a fhorbairt d'fhorbairt bithgheilleagair réigiúnach agus scrúdú a dhéanamh ar bhealaí maoiniúcháin chun na deiseanna comhchruthaithe agus comhdheartha sin a iniúchadh. Lena chois sin tá sé mar aidhm le *Gníomhaíocht 5.1: rialachas bithgheilleagair a chur chun cinn i gcathracha, i dtionóil réigiúnacha, in Údaráis Áitiúla, agus tá sé mar aidhm le Gníomhaíocht 5.2: forbairt bithgheilleagair réigiúnach agus áitiúil a bheidh bunaithe ar riachtanais atá nasctha le fiontair réigiúnacha agus scileanna réigiúnacha a chomhchruthú*

Chuir Comhairle Contae Thiobraid Árann an nuashonrú seo a leanas ar fáil maidir leis an Mol Náisiúnta Bithgheilleagair i Lisín (nóta CBR 59: *Mol Náisiúnta Bithgheilleagair i Lisín*):

"Tá an Chomhairle ag obair le comhlachtaí maoiniúcháin, úinéirí talún, agus forbróirí ionchasacha chun Máistirphlean a fhorbairt do Champas Bithgheilleagair Náisiúnta an Lisín. Tá forbairt ar siúl ar an láithreán cheana féin. Tugadh cead le déanaí do Revive Environmental oibriú ón láithreán agus tá an suíomh á fhorbairt go gníomhach acu. Tá maoiniú á lorg ag an gComhairle trí roinnt sruthanna maoiniúcháin éagsúla lena n-áirítear Ciste um Aistriú Cóir an Aontais chun an suíomh a threisiú agus a ghníomhachtú."

Tá tuilleadh sonraí ar an mBithgheilleagar ar fáil i gCaibidil 5 *Réigiún Glas*.

4.9. Sócmhainní Muirí agus Cósta

CBRanna: 76-86

San aighneacht ón an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) tugtar an méid seo a leanas chun suntais:

- Leis an *gClár um Fhorbairt Ionad Iascaigh Cuain agus Bonneagair Cósta*, soláthraítear gníomhaíocht na coda Forbairt *Réigiúnach Chothromaithe i gClár an Rialtais* chun: "infheistíocht straitéiseach a dhéanamh i mbonneagar cuanta chun líon méadaithe iasc a thugtar i dtír go hinbhuanaithe inár n-uiscí a mhealladh go hÉirinn, *rud a spreagfaí forbairt na hearnála próiseála bia mara agus an gheilleagair ghoirm i bpobail chósta*. Tá trí cinn de na sé Ionad Iascaigh Cuain faoi úinéireacht stáit na hÉireann laistigh de Réigiún an Deiscirt: An Daingean, Baile Chaisleáin Bhéarra, agus Dún Mór. In 2023, leithdháileadh €7.8m ar an iomlán ar na cuanta sin tríd an gclár;
- Le *Scéim Bonneagair Mhuirí na nÚdarás Áitiúil um Choigeartú Brexit* (BALAMI) 2022-2023, soláthraítear maoiniú d'údaráis áitiúla chun bonneagar muirí poiblí a uasghrádú, a nuachóiriú agus a fhorbairt chun críocha thionchar *Chomhaontú Trádála agus Comhair AE-RA* ar earnáil bia mara na hÉireann a mhaolú. I Réigiún an Deiscirt, faomhadh 5 údarás áitiúla chósta le haghaidh 68 tionscadal bonneagair mhuirí le comh-ranníocaíocht íosta scéime de €16.8m: an Clár, Contae Chorcaí, Ciarraí, Port Láirge agus Loch Garman;
- Bhí sé mar aidhm le *Scéim Forbartha Fiontraíochta um Gheilleagar Gorm Brexit* a dúnadh i mí Lúnasa 2023 fás a spreagadh i bpobail chósta tuaithe trí dheis a thabhairt do ghnólachtaí iarratas a

dhéanamh ar mhaoiniú dá ngníomhaíochtaí geilleagair ghoirm i réimsí lena n-áirítear bia mara, turasóireacht chósta, tógáil agus deisiú bád, fóillíocht agus spórt muirí, agus tionscnaimh fuinnimh in-athnuaite. Thar thréimhse na scéime, maoiníodh 153 tionscadal le luach deontais de €5.72 milliún i Réigiún an Deiscirt.

4.10. Turasóireacht

CBR 53: Turasóireacht

Mar atá leagtha amach san aighneacht ó Fáilte Éireann:

- I mí na Bealtaine 2023, seoladh ceithre Straitéis Forbartha Turasóireachta Réigiúnaí 2023-2027 le haghaidh: Oirthear Ársa na hÉireann, Slí an Atlantaigh Fhiáin, Críothailte Ceilte na hÉireann agus Baile Átha Cliath. Soláthraítear leo sin creat d'fhorbairt inbhuanaithe turasóireachta ar fud na hÉireann, agus baineann trí cinn de na straitéisí le Réigiún an Deiscirt;
- Sheol Fáilte Éireann a *Scéim Bailte Cinn Scríbe* chun tarraingteacht agus mealltacht turasóireachta na mbailte ar fud na tíre a threisiú, agus tá tionscadail le cur i gcrích idir 2022 agus 2024. Tá sé maoinithe faoi Thionscadal Éireann 2040 agus tá sé mar aidhm leis fás inbhuanaithe a spreagadh in earnáil turasóireachta na hÉireann, rud a mhéadóidh ioncam agus cruthú post. Tá €15.5 milliún leithdháilte, agus tá suas le €500,000 ar fáil do gach Údarás Áitiúil. Is iad seo a leanas na bailte agus na cathracha atá san áireamh i Réigiún an Deiscirt: Ceatharlach, Inis Díomáin, Cathair Chorcaí, Beanntraí, Trá Lí, Cill Chainnigh, Cathair Luimnigh, Caiseal, Cathair Phort Láirge agus Ros Mhic Thriúin;
- Cuimsítear i gclár maoiniúcháin caipitil Fáilte Éireann: scéim deontas mór (clár infheistíochta Ardáin le haghaidh Fáis); scéimeanna aonair deontas beag; comhpháirtíochtaí straitéiseacha le comhlachtaí poiblí eile; agus infheistíocht dhíreach i mbonneagar branda taithí.Is é an cuspóir atá leis príomhshócmhainní a bharrfheabhsú ar mhaithe le turasóireacht agus forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus méadú á dhéanamh ar leathadh geografach na gcuairteoirí, leathnú séasúir a chur chun cinn agus tacú le bainistíocht fáis inbhuanaithe. Seoladh an dara hardán (Ardáin le haghaidh Fáis 2) i mí Eanáir 2020, agus bhí glao spriocdhírithe ar iarratais ó údaráis áitiúla i gceist leis, inar bhféachadh le hionaid saoráidí gníomhaíochta a fhorbairt ag suíomhanna cois uisce ar fud na hÉireann.I measc na samplaí i Réigiún an Deiscirt tá:



Údarás Áitiúil	Tionscadal
An Clár	• Saoráid Gníomhaíochta Spóirt Bhaile Uí Chogaráin – Cill Dá Lua; • Saoráidí Gníomhaíochta Waterworld Chill Chaoi – Cill Chaoi.
Corcaigh	• Saoráid Gníomhaíochta Spóirt an Chaisleáin Cria - Eochaill.
Ciarraí	• Ionad Saoráidí Comhroinnte Thrá Bhaile an Bhuinneánaigh - Baile an Bhuinneánaigh; • Ionad Saoráidí Comhroinnte na Fianaite - An Fhianait; • Ionad Saoráidí Comhroinnte an Mhachaire Bhig – An Machaire Beaga Íochtarach agus Caisleán Ghriaire.
Tiobraid Árainn	• Saoráid Gníomhaíochta Spóirt Dhrom Inbhir - An tAonach.
Port Láirge	• Ionad Saoráidí Gníomhaíochta Spóirt Uisce Airde Móire - Aird Mhór; • Ionad Saoráidí Gníomhaíochta Spóirt Uisce Thrá Mhór - Trá Mór;

Tábla 4.9 | Ionaid Saoráidí Réigiún an Deiscirt ag Suíomhanna Cois Uisce

Rinneadh infheistíocht chaipitiúil eile ón Roinn thar an dá bhliain 2022 agus 2023 i gcomhair na dtionscadal seo a leanas:

Údarás Áitiúil	Tionscadal
Ceatharlach	Scéim Spáis Phoiblí Lasmuigh - Malartán Cheatharlach.
An Clár	Amharclann Glór, Scéim Spáis Phoiblí Lasmuigh - Cora Chaitlín agus ar fud an chontae, Irish Aerial Creation Centre (leithdháileadh*).
Cathair Chorcaí	Dánlann Crawford, Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí, Cyclone Rep, Firkin Crane, Scéim Spáis Phoiblí Lasmuigh - Dún Eilíse, Músaem Ime Chorcaí, Amharclann Ealaíon Chorcaí, Plás Nano Nagle.
Contae Chorcaí	Amharclann Briery Gap Mhala, Comóradh Bhéal na Bláth, Ionad Ealaíon Sirius, Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí (leithdháileadh*), Scéim Spáis Phoiblí Lasmuigh – tionscadal in Eochaill (leithdháileadh*).
Ciarraí	Anam – Ionad Cultúrtha Chill Áirne, Músaem Scríbhneoirí Chiarraí, Scéim Spáis Phoiblí Lasmuigh – Oileán na nGéanna.
Cill Chainnigh	Dánlann Butler (leithdháileadh*), Scéim Spáis Phoiblí Lasmuigh – tionscadal ag Amharclann Watergate (leithdháileadh*).
Cathair & Contae Luimnigh	Músaem Hunt, Dance Limerick, Músaem Luimnigh, Músaem Bád agus Muirí Fhainge.
Tiobraid Árainn	Músaem Thomas McDonagh (Cloch Shiurdáin), Músaem Staire Ceilte Thiobraid Árann, Scéim Spáis Phoiblí Lasmuigh - tionscadal i gCluain Meala (leithdháileadh*).
Cathair & Contae Phort Láirge	Garter Lane, Músaeim Seod Phort Láirge, Scéim Spáis Phoiblí Lasmuigh - ar fud an chontae (leithdháileadh*).
Loch Garman	An tÁras Náisiúnta Ceoldrámaíochta, Ionad Ealaíon Loch Garman, Scéim Spáis Phoiblí Lasmuigh - tionscadal ar na Céanna i mBaile Loch Garman (leithdháileadh*).

Tábla 4.10 | Infheistíocht Chaipitiúil 2022 agus 2023 ón Roinn

** Tagraíonn sé sin do chásanna ar leithdháileadh maoiniúcháin ar eagraíocht ach nár tharraing siad anuas an maoiniú go fóill ar chúiseanna éagsúla i.e. d'fhéadfadh an tionscadal a bheith á chur chun cinn nó d'fhéadfadh sé nach bhfuil sé tosaithe fós.*

5.0. Réigiún Glas



5.1. Réamhrá

Dírítear sa chuid/caibidil seo ar ghníomhaíochtaí cur chun feidhme a dhéanann comhlachtaí poiblí agus údaráis áitiúla faoin téama *Réigiún Glas* i Straitéis an SRSE. Is é is aidhm leis go gcothóidh an Réigiún sochaí ísealcharbóin, inbhuanaithe a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de bunaithe ar fhorbairt phleanáilte, bunaithe ar bhonneagar agus ar shoghluaisteacht inbhuanaithe. Le heisiúint sonraí tábhachtacha ó Dhaonáireamh 2022 agus foinsí eile atá ar fáil, cuimsítear faisnéis agus anailís ar fheidhmíocht an Réigiúin, a Limistéar Pleanála Straitéisí (LPSanna), a Cheantar Cathrach agus a Phríomhbhailte sa chaibidil seo freisin. Cuideoidh sé sin le TRD agus le lucht déanta beartas eile amach anseo chun léiriú níos éifeachtaí a thabhairt ar an dóigh a bhfuil an SRSE agus a chuspóirí á gcur chun feidhme agus chun réimsí a mholadh ar gá aghaidh a thabhairt orthu, a chuireann le Caibidil 6 *Conclúidí agus Moltaí* freisin.

Ráitis Straitéise Ábhartha:

- **Féachtar le Ráiteas Straitéise 4** *Soghluaisteacht Inbhuanaithe* lenár gcórais iompair a athrú i dtreo iompar poiblí dea-fheidhmiúil, inbhuanaithe, comhtháite, siúil agus rothaíochta agus feithiclí leictreacha;
- **Féachtar le Ráiteas Straitéise 8** *Ísealcharbóin, Aeráid-Díonach agus Inbhuanaithe* lenár gcomhshaol a chosaint agus a fheabhsú trí fhorbairt inbhuanaithe, tús áite a thabhairt do ghníomhú ar son na haeráide ar fud an Réigiúin, lena spreagfar an t-aistriú go sochaí ísealcharbóin agus aeráid-díonach;
- **Féachtar le Ráiteas Straitéise 9** *Forbairt Inbhuanaithe phleanáilte agus bunaithe ar bhonneagar* le bonneagar agus seirbhísí a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe, pleanáilte agus bunaithe ar bhonneagar chun bainistiú inbhuanaithe dramhaíola uisce agus acmhainní comhshaoil eile a chinntiú.



Féachtar le Ráiteas Straitéise 4

Soghluaisteacht Inbhuanaithe lenár gcórais iompair a athrú i dtreo iompar poiblí dea-fheidhmiúil, inbhuanaithe, comhtháite, siúil agus rothaíochta agus feithiclí leictreacha.

5.2. Anailís ar threochtaí le déanaí a rinne TRD



Fíor 5.1 | Cion Módach Taistil chun na hOibre, an Choláiste nó na Scoile 2022 (Foinse: Daonáireamh 2022)



I gcion módach taistil chun na hoibre, an choláiste nó na scoile, níor léiríodh aon athrú suntasach ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach idir 2016 agus 2022, gan ach laghduithe beaga (< 1%) i gceist leis an gcion le haghaidh taisteal gníomhach agus iompar poiblí araon, agus méadú beag ar an gcion le haghaidh feithiclí príobháideacha. I gcomparáid leis an bpróifíl náisiúnta, bhí leibhéil ní b'airde de spleáchas ar charranna agus leibhéil ní b'ísle de thaisteal gníomhach agus iompar poiblí i Réigiún an Deiscirt. Nuair a dhéantar é a mheas i gcoinne spriocanna um chion módach le haghaidh 2030 mar atá leagtha amach i bPlean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024, leagtar béim ar an mórdhúshlán atá roimh an Réigiún maidir le patrúin iompair níos inbhuanaithe a bhaint amach.



Fíor 5.2 | Lonnaíocht (Daonra 1,500+) in TRD ag a bhfuil na leibhéil is airde agus is ísle de shoghluaisteacht inbhuanaithe. (Foinse: Daonáireamh 2022)

In ainneoin gurb é ceann de na bailte is imeallaí sa réigiún, tá na patrúin taistil is inbhuanaithe sa Daingean (Daingean Uí Chúis), agus is é an t-aon bhaile sa Réigiún ina mbíonn níos mó daoine ag siúl nó ag rothaíocht ná mar a thaistealaíonn sa charr. Léirítear leibhéil an-ard soghluaisteachta inbhuanaithe i Muine Bheag agus Cill Rois freisin. Go ginearálta, is cosúil go bhfuil na bailte leis an taisteal is inbhuanaithe réasúnta dlúth, le lár baile láidir agus/nó geilleagar áitiúil láidir. I gcás na Sionainne, is fiú a lua go bhfuil an baile ina mhórionad fostaíochta freisin. I gcodarsnacht leis sin, tá na cúig lonnaíocht ina bhfuil na leibhéil is airde spleáchais ar charranna suite laistigh de Cheantar Cathrach Chorcaí, agus tá ceithre cinn de na deich lonnaíocht is mó eile suite laistigh de

Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne nó taobh amuigh de. Tá ceithre cinn de na deich lonnaíochtaí ina bhfuil na leibhéil is ísle taistil ghníomhaigh i lonnaíochtaí an Cheantair Cathrach. I gcomhthéacs náisiúnta, tá sé cinn de na deich lonnaíocht is mó a bhraitheann ar charranna suite i Réigiún an Deiscirt, agus níl ach baile amháin i Réigiún an Deiscirt (An Daingean) sna fiche lonnaíocht is lú a bhraitheann ar charr ar fud na tíre. Léirítear leis sin go bhfuil leibhéil i bhfad níos ísle soghluaisteachta inbhuanaithe i lonnaíochtaí i Réigiún an Deiscirt ná mar atá in áiteanna eile sa Stát. Tá comhghaol soiléir idir leibhéil spleáchais ar charranna agus taisteal gníomhach, agus an Cóimheas idir Poist agus Cónaitheoirí i lonnaíocht. I gcás ina bhfuil níos mó deiseanna eacnamaíocha agus fostaíochta ar fáil go háitiúil, is mó an seans go roghnóidh cónaitheoirí modh taistil inbhuanaithe. I gcás lonnaíochtaí nó ceantair bhruachbhailteacha atá suite i gceantar cathrach níos leithne, beidh céatadán ard de na cónaitheoirí ag taisteal chun oibre nó chun an choláiste sa chroí cathrach nó i gcodanna eile den cheantar cathrach. Déantar lonnaíochtaí sin a chatagóiriú go minic freisin de réir sraoilleáil uirbeach ísealdlúis, rud a fhágann go méadaítear na hachair chuig seirbhísí agus taitneamhachtaí áitiúla. Léirítear leis na sonraí sin an gá atá le tús áite a thabhairt do sholáthar seirbhísí agus bonneagair iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh ar ardchaighdeán, mar atá leagtha amach i Straitéisí Iompair Straitéisigh na gCeantar Cathrach. Go ríthábhachtach, neartaítear leo freisin an tábhacht a bhaineann le dlúthfhás i gceantair chathrach níos leithne, comhtháthú úsáide talún agus pleanáil iompair, agus prionsabal na gcomharsanachtaí 10/15 nóiméad a chur chun feidhme. Léirítear leis na sonraí freisin na leibhéil arda soghluaisteachta inbhuanaithe is féidir a bhaint amach laistigh de bhailte agus de shráidbhailte i suíomhanna tuaithe, agus na buntáistí a bhaineann le geilleagair áitiúla láidre a fhorbairt agus i lár baile bríomhar. Léirítear go soiléir leo freisin an luach a bhaineann le díriú ar thithíocht nua laistigh dár mbailte agus dár sráidbhailte.

5.3. Tionscnaimh Náisiúnta

CBR 160: *Soghluaisteacht Cliste agus Inbhuanaithe*

Leagan an Roinn Iompair an méid seo a leanas amach ina haighneacht:

- Leis an *gCreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn* (NIFTI) tá taisteal gníomhach ag barr an ordlathais infheistíochta iompair, rud a thagann leis an méadú suntasach ar mhaoiniú do shiúl agus rothaíocht le blianta beaga anuas;
- Dírítear ar sholáthar 1,000km de bhonneagar siúil agus rothaíochta faoi 2025 sa *Bheartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe*, agus bhí thart ar leath de sin curtha ar fáil cheana féin faoi 2022;
- Sa *Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023*, cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le Forbairt atá Dírithe ar Iompar (TOD) a leabú ag gach céim den phleanáil agus den fhorbairt, go háirithe suí seirbhísí agus forbairt ilúsáide ag nóid iompair. Tá TOD ina phríomhchuspóir beartais freisin i bplean *Tithíocht do Chách an Rialtais*, agus bunaíodh grúpa oibre i mí na Nollag 2021 faoi Ghníomhaíocht 26.1 chun deiseanna TOD i mórionaid uirbeacha a bhreithniú. Tá sé i gceist go gcuirfear tuarascáil maidir le deiseanna TOD i gCorcaigh, i Luimneach agus i bPort Láirge i Réigiún an Deiscirt i gcrích sna míonna amach romhainn;
- Bunaíodh *Feithiclí Astaíochta Nialasacha Éireann* (ZEVI) chun cuidiú leis an aistriú go feithiclí astaíochtaí nialasacha, agus fógraíodh treoirthionscadal ZEVI do Chathair Luimnigh lena bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a mhéadú i mí Eanáir 2024.

5.4. Straitéisí Iompar na gCeantar Cathrach

CBR 164: *Straitéisí Iompar na gCeantar Cathrach*

Déanann an Roinn Iompair agus na húdaráis áitiúla ábhartha cur síos ar an méid seo a leanas ina gcuid aighneachtaí:

- D'fhorbair an NTA **Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Chorcaí** (CMATS) i gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí agus Bonneagar

Iompair Éireann (TII) in 2020. Tá dul chun cinn maith déanta maidir le príomhghnéithe CMATS a sholáthar, lena n-áirítear:

- » Tionscnaimh maidir le Taisteal Gníomhach amhail, Glasbhealach an Phasáiste Céim 1, Sráid Mhic Curtáin, Uasghrádú ar Glasbhealach Chaol Churraichín go Carraig Ruacháin, Bonneagar Iompair Inbhuanaithe an Oileáin Bhig, agus Clár Iarnróid Comaitéireachta Cheantar Chorcaí;
- » BusConnects Corcaigh lena n-áirítear Dearadh Líonra Seirbhíse agus Conairí Iompair Inbhuanaithe;
- » Measúnú ailínithe mionsonraithe arna dhéanamh ag Bonneagar Iompair Éireann (TII) ar Chóras Iompair Iarnróid Éadroim Chorcaí atá beartaithe.

- D'fhoilsigh an NTA Straitéis Iompair **Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne (LSMATS)** i mí na Nollag 2022. D'ullmhaigh an NTA an straitéis i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae an Chláir agus TII, i gcomhar le Iarnród Éireann. Áirítear ar an dul chun cinn:
  - » BusConnects Luimnigh: rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair athbhreithniú cuimsitheach ar an ngréasán bus i Luimneach in 2022 i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae an Chláir agus Bus Éireann, agus i ndiaidh próiseas comhairliúcháin phoiblí fhairsing d'fhoilsigh sé gréasán bus deiridh nua do Luimneach i mí na Nollag 2023;
  - » Foilseofar Straitéis deiridh Réimse Phoiblí Luimnigh go luath;
  - » In 2023, rinneadh athrú bunathraitheach ar Shráid Uí Chonaill agus ar Shráid Thomáis i gCathair Luimnigh faoi
  - » Tionscadal Athbheochana Shráid Uí Chonaill;
  - » Líne Iarnróid Fhainge go Luimneach: rinneadh dul chun cinn sa chéad chéim den tionscadal chun an líne iarnróid ó Fhaing go Luimneach a athoscailt le haghaidh iompar lasta;
  - » I measc na dTionscadal maidir le Taisteal Gníomhach a tugadh chun críche tá: Glasbhealach Uirbeach Chaladh an Treoigh, Scéim Lánaí Rothar R926 Bhóthar Thuar an Daill Céim 1, agus lánaí rothar deighilte Droichead 2 bhealach na Sionainne a sholáthraíonn rochtain shábháilte rothaíochta ón gcathair go lár na cathrach; tá an Measúnú Inrochtaineachta Iompair do Bhaile na Sionainne faoi bhealach agus is príomh-ionchur é i nDréachtphlean Ceantair Áitiúil Bhaile na Sionainne agus an Cheantair Máguaird 2024-2030. In 2022, bunaíodh Scéim Rothar Comhroinnte na Sionainne ar fud Limistéar Neamhchustaim na Sionainne agus Bhaile na Sionainne.

- D'fhoilsigh an NTA **Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Phort Láirge (WMATS)** i mí na Nollag 2022. Forbraíodh é i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Comhairle Contae Chill Chainnigh,



Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus TII. Áirítear ar an dul chun cinn:

» Cuireadh tús le tógáil agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh ar athlonnú stáisiún traenach Phluincéid i bPort Láirge agus droichead iompair inbhuanaithe ar an gCé Thuaidh i gCathair Phort Láirge;

» Tá Glasbhealach Phort Láirge trí lár na cathrach á leathnú lena nascadh le Glasbhealach Ros Mhic Thriúin;

» Cuimseofar Plean Iompair i bPlean Ceantair Áitiúil Phort an Chalaidh-Belview;

» BusConnects: foilseofar líonra nua le haghaidh comhairliúcháin go luath, agus tá sé beartaithe an líonra deiridh a fhoilsiú i R4 2024.



Féachtar le Ráiteas Straitéise 8

Sochaí Ísealcharbóin, Aeráid-Díonach agus Inbhuanaithe

lenár gcomhshaol a chosaint agus a fheabhsú trí fhorbairt inbhuanaithe, tús áite a thabhairt do ghníomhú ar son na haeráide ar fud an Réigiúin, lena spreagfar an t-aistriú go sochaí ísealcharbóin agus aeráid-díonach.

RCBR 87: Todhchaí Fuinnimh Ísealcharbóin;

CBR 88: Plean Náisiúnta um Maolú agus Creat Náisiúnta um Oiriúnú;

CBRanna 95 go 104 maidir le Fuinneamh In-athnuaite

5.5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Dícharbónú

Sholáthair an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) na nuashonruithe seo a leanas:

- An nuashonrú is déanaí ar an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide: Foilsíodh *Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024* i mí na Nollag 2023;
- Tá RCAC sa dara bliain de chomhaontú conartha 5 bliana le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh faoi láthair chun taighde agus samhaltú a sholáthar don Roinn i réimsí a bhaineann le héileamh, ídiú agus soláthar fuinnimh, mar chuid de ghrúpa samhaltaithe um ghníomhú ar son na haeráide níos leithne. Is é €4,014,763 an méid a dámhadh (gan CBL a áireamh);
- I mí Aibreáin 2022, roghnaíodh Comhairle Cathrach Chorcaí as breis agus 300 iarratasóir le bheith mar chuid de *Mhisin an Aontais maidir le Cathracha*. Bhunaigh an Coimisiún Eorpach Misin an Aontais maidir le Cathracha in 2021, chun tacú le 100 cathair san Aontas bheith aeráid-neodrach faoi 2030 agus chun bealach a réiteach do gach cathair san Eoraip bheith aeráid-neodrach faoi 2050;
- Fothaíonn Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAROnna) acmhainn laistigh den earnáil rialtais áitiúil chun freagairt agus oiriúnú don athrú aeráide. Glacann TRD páirt sa Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnach do Bhord Farraige Atlantaigh CARO Theas atá lonnaithe i gComhairle Contae Chorcaí;
- Le hAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) (2021) na hÉireann, ceanglaítear ar údaráis áitiúla *Plean Údaráis Áitiúil um*

Ghníomhú ar son na hAeráide (LACAP) a ullmhú chun spriocanna náisiúnta maidir le laghduithe astaíochtaí a bhaint amach agus athléimneacht i leith thionchair an athraithe aeráide a fhorbairt. Ghlac na húdaráis áitiúla ar fad sa Réigiún a bPleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide ag tús 2024. Cuimsítear Criosanna Dícharbónaithe sna Pleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Tharraing roinnt de na húdaráis áitiúla sa Réigiún aird ar na gníomhaíochtaí seo a leanas atá déanta acu sa réimse sin maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Dícharbónú:

- Tá Ceatharlach ag gabháil do chlár treo-aimsithe an SEAI i gcomhpháirtíocht le Comhairlí Contae Chill Chainnigh, Loch Garman, Phort Láirge agus Thiobraid Árann chun oibreacha iarfheistithe spárála fuinnimh agus laghdaithe CO2 a dhéanamh ar shaoráid na Comhairle; agus Straitéis Feithiclí Leictreacha a fhorbairt agus a ghlacadh chun tacú leis an aistriú chuig úsáid feithiclí leictreacha sa phobal i gcoitinne do Chontae Cheatharlach agus do Réigiún an Oirdheiscirt;
- In 2022, thacaigh Comhairle Contae an Chláir le Tionscnamh Iontaobhas Burrenbeo 'Hare's Corner', a bhaineann le hoibriú le húinéirí talún chun níos mó spáis a dhéanamh don dúlra trí mhionchoillearnach, mion-úllord, lochán nó 'plean don dúlra' a chruthú. In 2023, rinne siad tionscnamh bithéagsúlachta 'Filleadh ar an Dúlra' a fhorbairt freisin;
- Bhunaigh Comhairle Cathrach Chorcaí Oifig Uasghrádaithe Fuinnimh Tí (HEUGO) a chuireann faisnéis ar fáil don phobal maidir le huasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh is féidir a bhaint amach d'fhonn a n-astaíochtaí carbóin a laghdú;
- Tá Comhairle Contae Chorcaí ina páirtí leasmhar i dTionscnamh Oileáin Fuinnimh an Aontais, a sholáthróidh cúnamh teicniúil agus aistriú eolais chun cuidiú le pobail na n-oileán lena n-aistriú fuinnimh ó bhreoslaí iontaise go foinsí in-athnuaite fuinnimh;
- Seoladh ciste Chlár an Phobail um Gníomhú ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Chiarraí óna leithdháilfear €663,000 ar thionscadail um ghníomhú ar son haeráide faoi stiúir an phobail ar fud an chontae;
- Stiúir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh iarratas rathúil chuig an dara sraith den Chiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide, ag fáil deontas €249,936 lena sholáthar thar 2023, 2024 agus 2025. Seoladh *Tuarascáil Thascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne* in 2023 agus leagtar amach inti an fhís d'Inbhear na Sionainne bheith ina Chonair Dhigiteach an Atlantaigh in Éirinn;
- Tá Crios Dícharbónaithe (CD) Chomhairle Contae Thiobraid Árann dírithe ar an gCampas Bithgheilleagair Náisiúnta sa Lisín, arb é an t-aon CD tuaithe intíre in Éirinn é;
- Tugann Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge sainaithint na spriocanna fuinnimh in-athnuaite chun suntais ina Plean Forbartha agus sainaithnítear Gníomh i dTreo Ahtléimneacht in aghaidh an Athraithe Aeráide mar phríomhthoradh straitéiseach den Phlean;
- Leagann Comhairle Contae Loch Garman béim ar obair leanúnach Ghrúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid na Comhairle i gcomhar le Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt.

5.6. Fuinneamh In-athnuaite

Sonraíonn an RCAC an méid seo a leanas:

- Maidir le forbairt Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta (ORE), foilsíodh an togra an *Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe ar an gCósta Theas* (DMAP) i mí Iúil 2023, lena n-áirítear limistéar geografach tosaigh 'beartaithe' ina bhféadfadh forbairt fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a dhéanamh amach anseo ag leanúint ar aghaidh tríd an bpróiseas in 2024. Beidh Dréacht-DMAP an Chósta Theas ar an gcéad ORE DMAP in Éirinn agus bunófar tuilleadh DMAPanna ina dhiaidh sin;
- Maidir le gaoth ar talamh:
  - » Cuimsítear méid suntasach d'acmhainn

gaoithe ar talamh na hÉireann atá ann cheana i limistéar Réigiún an Deiscirt. Tá píblíne láidir amach anseo de thionscadail fuinnimh gaoithe agus gréine ar talamh ó Réigiún an Deiscirt ríthábhachtach chun páirt a ghlacadh i gceantanna na Scéime Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite (RESS) amach anseo sna blianta amach romhainn chun go mbainfidh Éire a sprioc leictreachais in-athnuaite 80% amach;

» Beidh ról tábhachtach ag tionscadail fuinnimh in-athnuaite pobail freisin inár n-aistriú chuig eangach leictreachais a bheidh á spreagadh suas le 80% ag foinsí in-athnuaite faoi 2030. Tá an chéad fheirm ghaoithe faoi úinéireacht an phobail in Éirinn, Feirm Ghaoithe Theampall Doire i gContae Thiobraid Árainn, agus táthar ag súil go bhforbrófar tuilleadh tionscadail fuinnimh pobail ar fud an Réigiúin.

- Tá tús curtha ag an Roinn le hobair ar *Pháipéar Bán maidir le Creat Beartais Spáis Leictreachais In-athnuaite* (RESPF) chun go gcinnteofar creat pleanála spáis níos éascaí agus níos tacúla chun giniúint mhéadaithe leictreachais in-athnuaite ar talamh a sholáthar. Le forbairt *Straitéisí Leictreachais In-athnuaite Réigiúnacha* (RRES), breithneoidh gach tionól réigiúnach conas a bhainfear a spriocanna réigiúnacha giniúna leictreachais in-athnuaite, a bhunófar san athbhreithniú ar an gCreat Náisiúnta Pleanála, laistigh dá réigiún amach ar bhealach cothrom agus straitéiseach. Tá ról ríthábhachtach ag na Tionóil Réigiúnacha maidir le feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas idir beartas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil um ghníomhú ar son na haeráide. Tá Treochlár á fhorbairt faoi láthair i gcomhar idir an Roinn, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an SEAI agus na trí Thionól Réigiúnacha chun cuidiú le forbairt an RRES agus é a threorú. Leis sin, déanfar dréachtú na straitéisí sin a chuíchóiriú agus ag an am céanna éascófar cur chuige éifeachtach comhsheasmhach.

Tharraing roinnt de na húdaráis áitiúla sa Réigiún aird ar na gníomhaíochtaí seo a leanas atá déanta acu sa réimse sin:

- Leagann Comhairle Contae Cheatharlach béim ar ullmhú Straitéise Fuinnimh In-athnuaite (SFI) mar chuid d'ullmhú Phlean Forbartha Contae Cheatharlach 2022-2028;
- Shainaithin Comhairle Contae an Chláir a haidhmeanna straitéiseacha maidir le fuinneamh in-athnuaite i bPlean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029, agus i Straitéis Fuinnimh In-athnuaite an Chláir atá mar chuid den Phlean freisin;
- Deir Comhairle Cathrach Chorcaí go dtacóidh sí le bearta sa Réigiún, lena n-áirítear an grúpa oibre um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta atá á bhunú faoi choimirce Phlean Fiontair Réigiúnach an Iardheiscirt;
- Deir Comhairle Contae Chorcaí go gcuimsítear sa Phlean Forbartha Contae 2022 tacaíocht láidir ó thaobh beartais d'fhorbairt fuinnimh in-athnuaite agus do chórais chumhachta hibrideacha;
- Deir Comhairle Contae Chiarraí go soláthraítear ina Plean Forbartha Contae creat do thart ar 389MW d'fhuinneamh in-athnuaite breise a d'fhéadfaí a ghiniúint thar shaolré an phlean trí fhoinsí éagsúla in-athnuaite;
- Leagann Comhairle Contae Chill Chainnigh béim ar na spriocanna fuinnimh in-athnuaite atá sonraithe ina Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide ina leagtar amach sprioc maidir le laghdú 50% a dhéanamh ar úsáid fuinnimh, agus laghdú 51% ar astaíochtaí carbóin faoi 2030, ina cuid foirgneamh, flít agus soilsithe phoiblí go léir;
- Luann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an tionscadal *+CityxChange EU H2020* a thacaigh le forbairt tuirbín taoide nuálaigh;
- Leagann Comhairle Contae Thiobraid Árann béim ar a spriocanna maidir le 600MW d'fhuinneamh gaoithe oibríochtúil agus 150MW d'fhuinneamh gréine oibríochtúil a sholáthar faoi 2028 agus ar an moladh Ionad Bairr Feabhaisd'Fhuinneamh In-athnuaithe a fhorbairt san Aonach;

- Leagann Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge béim ar na spriocanna fuinnimh in-athnuaite atá leagtha amach ina Plean Forbartha freisin;
- Leagann Comhairle Contae Loch Garman béim ar a Straitéis Fuinnimh, lena leagtar amach sprioc go 100% den ídiú leictreachais sa chontae ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2027. Tá Mol Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta i Ros Láir molta freisin

5.7. Dícharbónú san Earnáil Talmhaíochta

CBR 44: *Comhbheartas Talmhaíochta*

CBR 94: *Dícharbónú san Earnáil Talmhaíochta*

Sonraíonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) an méid seo a leanas:

- Seoladh Ciste um Aistriú Cóir an Aontais, atá á bhainistiú ag Tionól Réigiúnach an Oirthir agus an Láir Tíre, i mí Aibreáin 2023 agus tacaíonn sé le taighde, aistriú eolais agus gníomhaíochtaí monatóireachta ar bhearta laghdaithe bainistíochta agus feabhsuithe foriomlána inbhuanaithe bainistíochta talún d'ithreacha móna saothraithe sa Lár Tíre go príomha, ach cuimsítear leis freisin na ceantair bhardasacha de chuid Charraig na Siúire agus Dhurlais, Co. Thiobraid Árann i Réigiún an Deiscirt;
- Tá sé mar aidhm le *Scéim na Timpeallachta Tuaithe Agra-Aeráide* (ACRES), faoi Phlean Straitéiseach CAP na hÉireann, cuidiú le haghaidh a thabhairt ar mheath na bithéagsúlachta agus tacaíocht ioncaim á soláthar do theaghlaigh feirme agus tionscadail Chomhoibrithe ACRES, mar Chomhpháirtíocht Forbartha Chiarraí Theas agus ACRES Chúige Mumhan/Chúige Chonnachta Theas;
- Tá sé beartaithe Grúpaí Oibriúcháin EIP-AGRI gníomhaithe iomadúla amhail feirmeoirí, taighdeoirí, comhairleoirí, gnólachtaí, grúpaí comhshaoil, grúpaí leasa tomhaltóirí nó eagraíochtaí neamhrialtasacha eile a thabhairt le chéile chun nuálaíocht a chur chun cinn sna hearnálacha talmhaíochta agus foraoiseachta lena n-áirítear *Blackstairs Farming Futures* in LPS an Oirdheiscirt/ Réigiún NUTS3;
- Tá Lárionad Náisiúnta Taighde agus Nuálaíochta Inbhuanaithe Talmhaíochta nua á bhunú ag Caisleán Bhaile Sheáin ag Teagasc i gContae Loch Garman, agus tá €9 milliún de mhaoiniú curtha ar fáil dó.

5.8. Geilleagar Ciorclach

CBR 107: Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt 2015-2021

CBR 108: Plean Gníomhaíochta an Aontais don Gheilleagar Ciorclach

Sonraítear an méid seo a leanas san aighneacht ó RCAC:

Tugadh beartas agus reachtaíocht réamhchiorclach suntasach isteach in Éirinn le blianta beaga anuas lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta Dramhaíola don Gheilleagar Ciorclach 2020-2025; an tAcht um Gheilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha 2022; agus Straitéis Geilleagair Chiorclaigh Uile-Rialtais 2022-2023. Ag tógáil ar an dul chun cinn seo, in 2023 ghlac an Rialtas sraith de bhearta straitéiseacha chun conaire le haghaidh ídiú laghdaithe acmhainní, cosc dramhaíola, agus leibhéil mhéadaithe athúsáide agus athchúrsála a sholáthar.

I measc roinnt tionscadal maoiniúcháin sa Réigiún tá:

- Treoir maidir le himeachtaí saor ó phlaisteach i Luimneach;
- Tionscadal Ithreach Croí Cathrach Chorcaí;
- clár oideachais GIY Wasted i bPort Láirge;
- Tionscadal chun lanna feirme gaoithe a athchóiriú sa Chlár;
- Cartáin bhainne in-athlíonta Saltrock Dairy i Loch Garman.

5.9. Bithéagsúlacht

CBR 126: *Bithéagsúlacht*

Sonraítear an méid seo a leanas san aighneacht ó RCAC:

Tá Bord na Móna ag tabhairt faoi athshlánú ar na tailte móna faoi láthair tríd an *Scéim um Dhíchoimisiú Feabhsaithe, Athshlánú agus Athchóiriú* (EDRRS) agus tá maoiniú á fháil ina leith ón bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta tríd an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide. Baineann an tionscadal sin le hathshlánú feabhsaithe thart ar 33,000 heicteár de thailte móna Bhord na Móna thar 82 portach lena n-áirítear líon beag i Réigiún an Deiscirt ar nós grúpa Portach an Bhaile Big (Tiobraid Árann) - lenar bhain athchóiriú cuimsitheach ar phortaigh ardaithe ag Portaigh Chnoc an Chatha agus Ballysorrel.

5.10. Caighdeán an Aeir

CBR 130: *Caighdeán an Aeir*

Sonraítear an méid seo a leanas san aighneacht ó RCAC:

- Foilsíodh an *Straitéis le haghaidh Aer Glan* i mí Aibreáin 2023. Déantar achoimre inti ar conas a dhéanfaimid caighdeán an aeir a análaimid a fheabhsú agus a chosaint agus na tairbhí iomlána comhshaoil agus sláinte a bhaineann le haer níos glaine a bhaint amach;
- Ar mhaithe lenár dtiomantas d'fheabhsuithe leanúnacha ar chaighdeán an aeir a bhaint amach agus na tairbhí sláinte gaolmhara a thabhairt dár ndaonra, tugadh isteach *Rialacháin nua maidir le Breoslaí Soladacha* i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus tá feidhm acu ar fud an stáit ar fad.

5.11. Torann

CBR 131: Torann

Sonraítear an méid seo a leanas san aighneacht ó RCAC:

Leis an Treoir maidir le Torann Timpeallachta (END) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Torann Timpeallachta) 2018 go 2021 (Na Rialacháin), ceanglaítear go n-ullmhófar Léarscáileanna Straitéiseacha Torainn do gach mórbhóthar, iarnród, aerfort agus ceirtleán. Tá na Léarscáileanna Straitéiseacha Torainn Babhta 4, lena n-áirítear Ceirtleáin Luimnigh agus Chorcaí ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/noise/noise-mapping-and-action-plans/, agus tá dréachtphleananna gníomhaíochta torainn le foilsiú le haghaidh comhairliúcháin in 2024.





6.0. Conclúidí agus Moltaí

6.1. Conclúidí

I gcomhthéacs chur chun feidhme iomlán an SRSE sa tréimhse mhonatóireachta, is léir go raibh ailíniú suntasach beartais ann idir na leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla bunaithe ar an CNP agus an SRSE, go háirithe nuair a glacadh na Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach le linn na tréimhse sin agus nuair a tosaíodh agus a glacadh na Pleananna Ceantair Áitiúil do chuid de na Príomhbhailte agus ullmhú na bPleananna Iompair Áitiúil mar chuid den phróiseas sin. Rinne comhlachtaí poiblí infheistíocht shuntasach sa Réigiún chomh maith faoi *Thionscadal Éireann 2040*, lena n-áirítear trí shásraí maoiniúcháin amhail an URDF agus an RRDF. Is léir, áfach, nach leor an méid a leanann maoiniú beartas agus ceannach isteach don CNP agus a chuspóirí ó roinnt ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí chun cuspóirí an CNP maidir le forbairt réigiúnach chothromaithe a bhaint amach. Is léir freisin nach bhfuil monatóireacht leordhóthanach á déanamh ar an leibhéal náisiúnta ar chur chun feidhme chuspóirí foriomlána an CNP agus ar an dóigh a bhfuil maoiniú á dháileadh. Dá bhrí sin, breathnaíodh sa Tuarascáil Monatóireachta seo ar chuid de na saincheisteanna sin, agus meastar go mbeadh sé níos oiriúnaí aghaidh a thabhairt orthu mar chuid de phróiseas an CNP. Táthar ag súil go mbeidh an t-athbhreithniú ar an CNP ina dheis chun tionchar a imirt ar an bplé ar roinnt de na réimsí sin lena mbaineann ábhar imní.

Áirítear iad seo a leanas le cuid de na Príomhchonclúidí ón tuarascáil seo:

- Is léir go bhfuil a lán de na conclúidí ó Thuarascáil Monatóireachta 2 Bhliain an SRSE (2020-2022) a rinneadh roimhe seo ábhartha go fóill, amhail **conair fáis Bhaile Átha Cliath agus an baol go mbainfear an bonn de chuspóirí Thionscadal Éireann 2040 mar fhreagra ar na cúinsí reatha**, agus nár cuireadh na moltaí aisti san áireamh go hiomlán ar an leibhéal náisiúnta;
- Leis an athbhreithniú reatha ar an CNP, tá **imní ann go bhfuil treochtaí le déanaí maidir le fás daonra leanúnach i Réigiún Bhaile Átha Cliath agus i Réigiún an Oirthir á n-úsáid mar bhonn chun an bonn a bhaint de bhaint amach chuspóirí Thionscadal Éireann 2040/SRSE**. Is cosúil go bhfuil tráchtaireacht áirithe, lena n-áirítear Tuarascáil an Choimisiúin Tithíochta le déanaí, ag tacú leis an tuairim nach féidir na cuspóirí maidir le fás réigiúnach cothromaithe a bhaint amach agus nach féidir le beartas poiblí tionchar a imirt ar bheartas agus ar fhorbairt eacnamaíoch ar fud an Stáit. Mar is léir ón Tuarascáil seo, áfach, tá tearc-sholáthar suntasach tithíochta i Réigiún an Deiscirt i gcomparáid le Réigiún/LPSnna Bhaile Átha Cliath agus an Oirthir. Tá difríocht thar a bheith soiléir sna rátaí soláthair i mBaile Átha Cliath agus sa cheantar máguaird i gcomparáid le Cathracha Réigiúnacha Chorcaí, Luimnigh agus Phort Láirge. Ní léirítear an difríocht réigiúnach i leibhéil an fháis daonra agus an tsoláthair tithíochta i bhfás post, i gcás ina bhfuil Cathracha Réigiúnacha ar aon dul le Baile Átha Cliath nó ag fás níos tapúla ná Baile Átha Cliath;
- I **dtráchtaireacht le déanaí maidir le soláthar tithíochta, díríodh ar an easpa talamh chriosaithe, ach léirítear leis na sonraí nach toisc shuntasach é sin, agus ina ionad sin gurb é an dúshlán mór tithíocht a sholáthar ar thalamh atá criosaithe cheana féin**. Chomh maith leis sin, níor cheart an ról a bhaineann le háitribh fholmha maidir le déileáil leis an dúshlán tithíochta a mheas faoina luach. Mar shampla, dá laghdófaí an ráta folúntais tithíochta ar fud an Réigiúin ó 7.9% go 5%, d'fhéadfaí 21,300 teach breise a áitiú arís, ar líon é sin atá níos mó ná líon iomlán na dtithe a soláthraíodh laistigh den tréimhse mhonatóireachta, agus léirítear leis an ról a d'fhéadfadh a bheith ag tithíocht fholamh sa ghearrthéarma do riachtanas tithíochta an Réigiúin. Baineann cion suntasach den soláthar tithíochta le tithíocht tuaithe (25% de na haonaid tithíochta ar fad a soláthraíodh le linn na tréimhse monatóireachta), rud a chuireann béim ar an ngá le roghanna dearfacha lena n-áirítear infheistíocht in inmharthanacht ár mbailte agus ár sráidbhailte;
- Léirítear le fianaise sa tuarascáil seo go bhfuil **formhór na hinfheistíochta bonneagair pleanáilte á díriú ar Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus go bhfuil tearcinfheistíocht phleanáilte i Réigiún an Deiscirt ina iomláine agus inár dtrí Limistéar Cathrach**. Le hinfheistíocht phleanáilte, socrófar na mórthionscadail a sholáthrófar go dtí lárphointe na ndeich mbliana atá romhainn. Mar thoradh air

sin, tá an bonn á bhaint go bunúsach de na cuspóirí reatha maidir le fás réigiúnach cothromaithe go dtí 2040 nó ina dhiaidh sin agus níl sé réadúil glacadh leis gur féidir réamh-mheastacháin fáis an CNP a sholáthar i gcomhthéacs na mórdhifríochta in infheistíocht i mbonneagar idir Baile Átha Cliath agus limistéir eile;

- **Chun príomhthionscadail a chur chun cinn sa Réigiún faoi Thionscadal Éireann 2040, ba cheart an próiseas chun na tionscadail sin a cheadú a chuíchóiriú chun** cosc a chur ar mhoilleanna agus chun cuidiú leis na húdaráis áitiúla; mar shampla, maidir le srianta acmhainní a shárú, na costais shuntasacha lena mbaineann agus deacrachtaí eile a thagann chun cinn mar chuid den phróiseas iarratais. Ba cheart go mbeadh ról na dtionscadal maidir leis an gcuspóir fás réigiúnach cothromaithe ina phríomhthoisc i bpróiseas na hAnailíse Costais is Tairbhe agus nuair a dhéantar iad a bhreith agus a mheasúnú ag céimeanna féidearthachta agus cásanna gnó;
- I gcomhthéacs spriocanna a bhaint amach maidir leis an aistriú go sochaí ísealcharbóin, inbhuanaithe a bheidh athléimneach ó thaobh aeráide de, cuireadh a lán tionscnaimh dhearfacha i gcrích le linn na tréimhse monatóireachta amhail dul chun cinn DMAP an Deiscirt ag RCAC agus Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhunú agus Pleananna na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide a ullmhú. **Mar gheall ar scála na ngéarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta agus na saincheisteanna soláthair fuinnimh, áfach, tá go leor ábhair imní ann lena n-áirítear an méid spleáchais ar charranna sa Réigiún, ar tháinig méadú beag air le linn na tréimhse idirdhaonáirimh;**
- Tá an tsaincheist maidir le cineál láraithe stát na hÉireann agus saincheisteanna rialachais tugtha chun suntais i dtuarascálacha a rinneadh le linn na tréimhse monatóireachta a bhaineann leis an athrú struchtúrach atá riachtanach chun soláthar éifeachtach an SRSE agus MASPanna a chinntiú. **Tá gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir lena chinntiú go mbainfear spriocanna náisiúnta ar bhealach níos fearr.**

6.2. Dul chun cinn ar Phríomhchumasóirí

Soláthraítear sa tábla seo a leanas athbhreithniú ardleibhéil ar na dúshláin atá le sárú agus ar an dul chun cinn maidir le príomhchumasóirí an SRSE a bhaint amach:

Príomhchumasóir	Ionchas/Dúshláin	Dul chun cinn
Aistriú go sochaí ísealcharbóin, inbhuanaithe atá athléimneach ó thaobh na haeráide de.	**Céimeanna suntasacha** a glacadh lena n-áirítear ullmhú **DMAP an Chósta Theas agus Pleananna na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú Aeráide**. Tá imní mhór ann fós, áfach, lena n-áirítear **baint amach spriocanna maidir le haistriú córa iompair chuig iompar poiblí**, i bhfianaise thorthaí Dhaonáireamh 2022 agus scála na ngéarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta.	
Baint amach spriocanna fáis dár gCathracha agus do Cheantair Chathrach Chorcaí, Luimnigh-na Sionainne agus Phort Láirge.	**Glacadh Pleananna Forbartha** do gach údarás áitiúil ábhartha, ag cur spriocanna fáis an CNP agus an SRSE san áireamh. Mar sin féin, tá ábhair imní shuntasacha ann fós maidir le soláthar ar an scála a theastaíonn, go háirithe agus an chonair fáis á cur san áireamh maidir le Réigiúin/LPSanna Bhaile Átha Cliath agus an Oirthir a bhainfidh an bonn go suntasach de bheartas an CNP & an SRSE. **Gá le tiomantas iomlán do chur chun feidhme an CNP dár Réigiún lena n-áirítear soláthar luathaithe MASP.**	

Na Ceantair Chathrach is glaise agus is inmharthana a chruthú do phobail, cultúir agus fiontair éagsúla. 	Céimeanna suntasacha a rinneadh ach tá **ábhar imní mór** ann i bhfianaise scála an dúshláin a gcaithfear aghaidh a thabhairt air agus na **conaire fáis i Réigiúin Bhaile Átha Cliath agus an Oirthir** a bhfuil an bonn á bhaint de bheartas an CNP & an SRSE léi.	
Ár bPríomhbhailte a fhorbairt agus a chomhdhlúthú. 	Glacadh pleananna forbartha na n-údarás áitiúil agus tá roinnt **Pleananna Ceantair Áitiúil** glactha nó á n-ullmhú do **Phríomhbhailte**. Teastaíonn tiomantas agus infheistíocht láidir fós, áfach.	
Ceantar Dugaí Chorcaí a fhorbairt. 	Áirítear leis an dul chun cinn **maoiniú URDF** a fháil, **Oifig Soláthair an Cheantair Dugaí arna bunú ag Comhairle Cathrach Chorcaí agus an LDA chomh maith le tús a chur le Máistirphlean a ullmhú.** Tá gá le hinfheistíocht leanúnach agus tiomantas do sholáthar.	
Athghiniúint Luimnigh-na Sionainne. 	Glacadh **Pleananna Forbartha do Luimneach agus don Chlár** agus roinnt **tionscadail athghiniúna agus réimse phoiblí** á gcur chun cinn amhail Cearnóg an Árais Cheoldrámaíochta agus Ceathrú Cholbaird. Tá **Plean Ceantair Áitiúil** á ullmhú ag Comhairle Contae an Chláir do **Bhaile na Sionainne**. Tá gá le hinfheistíocht leanúnach agus tiomantas do sholáthar.	
Port Láirge a fhorbairt mar chathair chomhlárnach chothromaithe ó thuaidh agus ó dheas den abhainn. 	Glacadh **Pleananna Forbartha do Phort Láirge agus do Chill Chainnigh**. Tá obair á cur chun cinn ag an **gCé Thuaidh** agus tá **PCÁ** á ullmhú ag Comhairle Contae Chill Chainnigh do **Phort an Chalaidh** faoi láthair. Tá gá le hinfheistíocht leanúnach agus tiomantas do sholáthar agus tiomantas ón Rialtas do Struchtúir Cur Chun Feidhme MASP.	
Réigiún Foghlama cuimsitheach a chruthú. 	Dul chun cinn láidir sa Réigiún agus **Port Láirge** ainmnithe mar **Chathair Foghlama Unesco**.	

Réigiún an Deiscirt a shuí mar Thairseach Idirnáisiúnta na hÉireann. 	Acmhainneacht shuntasach agus dul chun cinn suntasach déanta i réimsí amhail **Staidéar Socheacnamaíoch a choimisiúnú ar chalafoirt an Réigiúin agus ullmhú DMAP an Chósta Theas.** Gá le hinfheistíocht a spreagadh chun leas a bhaint as acmhainneacht na gcalafort sa Réigiún agus chun an **acmhainneacht d'fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta** a sholáthar.	
Lántairbhe a bhaint as Cuanta Chorcaí agus Phort Láirge agus Inbhear na Sionainne. 	Gá le hinfheistíocht a spreagadh chun caipitliú a dhéanamh ar acmhainneacht na gcalafort sa Réigiún agus chun an acmhainneacht d'fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a sholáthar. **Gá leis an infheistíocht a chur i gcrích.**	
Ár dtimpeallacht agus ár n-oidhreacht a fheabhsú agus a chosaint. 	Céimeanna suntasacha a rinneadh; ábhar imní mór, áfach, i bhfianaise scála an dúshláin a gcaithfear aghaidh a thabhairt air agus na dtáscairí diúltacha maidir le cáilíocht an chomhshaoil. **Teastaíonn beart suntasach chun aghaidh a thabhairt ar tháscairí comhshaoil atá ag dul in olcas maidir leis an mbitheagsúlacht, cáilíocht an uisce agus caighdeán an aeir.**	
Ár n-acmhainneacht turasóireachta agus fóillíochta a fhorbairt. 	**Dul chun cinn agus acmhainneacht láidir,** gá le leanúint leis an infheistíocht.	
Ceantair Thuaithe a Athbheochan. 	Dul chun cinn ar bhailte agus ar shráidbhailte tuaithe a chur chun cinn trí **shásraí maoiniúcháin amhail RRDF, Tús Áite do Lár an Bhaile** etc. agus bonneagar digiteach níos fearr agus infheistíocht in iompar tuaithe amhail an Nasc Áitiúil. Tá gá fós ann, áfach, le haghaidh a thabhairt ar **shaincheisteanna struchtúrtha** lena n-áirítear **infheistíocht** spriocdhírithe **i mbonneagar uisce, idirghabháil dhíreach chun aghaidh a thabhairt ar fholúntas/tréigean agus cur chun** feidhme beartais tithíochta tuaithe inbhuanaithe chun inmharthanacht na mbailte agus na sráidbhailte a chosaint.	

Nascacht fheabhsaithe - ón Tuaisceart go dtí an Deisceart agus ón gCósta Thoir go dtí an Cósta Thiar. 	Tionscnaimh shuntasacha agus infheistíocht shuntasach ach tá scála an dúshláin suntasach. **Chuir TRD tús le hobair ar Chonair Eacnamaíoch an Oirthir.** Teastaíonn comhordú feabhsaithe idir an leibhéal réigiúnach/náisiúnta fós, áfach.	
Seirbhísí poiblí agus bonneagar chun tacú le fás réigiúnach a phleanáil. 	**Ábhair imní shuntasacha maidir le soláthar** ar an scála a theastaíonn, go háirithe agus an **chonair fáis maidir le Réigiún Bhaile Átha Cliath** á cur san áireamh a bhfuil an bonn á bhaint de bheartas an CNP & an SRSE léi.	

Tábla 6.1 | Dul chun cinn ar Phríomhchumasóirí

6.3. Moltaí

Tá sé ina phríomhchúram leis an Tuarascáil seo moltaí a dhéanamh de thoradh ar thorthaí an phróisis monatóireachta agus bealaí a mholadh lena bhféadfaí cur chun feidhme iomlán an SRSE a fheabhsú. Tá 10 moladh leagtha amach thíos:

1. **Dílárú na cumhachta chuig an leibhéal réigiúnach rialtais**
   Tá gá le hathchóiriú struchtúrach lena chinntiú go soláthrófar an infheistíocht réigiúnach ar bhealach níos fearr. Sa téarma níos láithrí, teastaíonn struchtúir fheabhsaithe cur chun feidhme don CNP, don SRSE agus go háirithe do na MASPanna, rud a éilíonn ailíniú níos fearr le comhlachtaí poiblí amhail Uisce Éireann, TII, an NTA agus BSL maidir le soláthar an SRSE agus rannpháirtíocht níos mó na dTionól Réigiúnach mar chomhaltaí de Bhord Soláthair Thionscadal Éireann 2040;

2. **Comhordú níos fearr ar rialachas réigiúnach**
   Ní mór aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le hiliomad comhlachtaí réigiúnacha a bheith ann ag a mbíonn sainorduithe forluiteacha agus teorainneacha éagsúla corruair;

3. **Ailíniú níos fearr idir an SRSE agus na Pleananna Fiontar Réigiúnacha**
   Ba chóir go mbeadh ailíniú agus comhtháthú níos fearr idir an SRSE agus na Pleananna Fiontair Réigiúnacha, lena n-áirítear breithniú ar an bhfeidhm sin a lonnú laistigh de na Tionóil Réigiúnacha seachas idir an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus na húdaráis áitiúla. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfreastalaíonn údaráis áitiúla ar a gcuid feidhmeanna forbartha eacnamaíochta agus PÁEP féin cheana féin;

4. **Struchtúir airgeadais a athchóiriú**
   Tá gá le hioncam ó fhoinsí dílse agus le hinfheistíocht ilbhliantúil a sholáthar ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, go háirithe do na Ceantair Chathrach i gcomhréir le moltaí na Tuarascála ón ECFE ar a dtarraingítear aird i gCaibidil 1;

5. **An uaillmhian fhadtéarmach atá le Tionscadal Éireann 2040 d'fhás réigiúnach cothromaithe a choinneáil**
   Ba chóir breathnú ar Thionscadal Éireann 2040 mar straitéis fhadtéarmach agus níor cheart go mbainfí an bonn dá fhís maidir le fás réigiúnach cothromaithe trí bheith ag brath ar fhás leanúnach Réigiúin Bhaile Átha Cliath agus an Oirthir mar chúis leis an treo beartais a athrú;

6. **Gá le ailíniú níos fearr idir maoiniú faoin PFN agus soláthar an CNP/an SRSE**
   Ba chóir béim a chur ar thionscadail a mheastar go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo maidir le fás réigiúnach cothromaithe a sholáthar laistigh den PFN. Bheadh na tionscadail sin ina gcatalaíoch d'infheistíocht agus d'fhás níos leithne, seachas freastal ar éileamh daonra atá ann cheana nó éileamh daonra atá ag teacht chun cinn. Teastaíonn creat soiléir ar an leibhéal náisiúnta freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar conas a thagann scála agus dáileadh na hinfheistíochta pleanáilte leis an CNP. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar na sásraí maoiniúcháin chun cuspóirí an PFN agus an SRSE a bhaint amach; go sonrach, an próiseas tairisceana iomaíoch chun an t-athrú straitéiseach a lorgaítear tríd an PFN/SRSE a mhaoiniú;

7. **Gá le tús áite a thabhairt do sholáthar tithíochta sna cathracha réigiúnacha**
   Ní mór an tearcsholáthar tithíochta inár gcathracha réigiúnacha a aithint agus aghaidh a thabhairt air mar thosaíocht phráinneach agus ar bhealach fócasaithe. Tá sé ina chuid lárnach de sin a aithint go bhfuil easpa mharthanach de sholáthar príobháideach de chineálacha tithíochta ard-dlúis ann go háirithe i gcomparáid le Ceantar Cathrach Bhaile Átha Cliath. Sa ghearrthéarma, ba chóir tús áite a thabhairt do sholáthar i gcathracha réigiúnacha trí shásraí seanbhunaithe amhail Croí Cónaithe, an Tionscadal Tosaigh agus soláthar díreach tionscadal ag an LDA féin chun ceadanna pleanála atá ar marthain a ghníomhachtú agus chun ceadanna pleanála ar thalamh chriosaithe a chur chun cinn. Leis na sásraí sin, agus leis na hidirghabhálacha níos leithne atá dírithe ar sholáthar tithíochta a luathú, ba chóir an tairbhe shoiléir a bhaineann le dlúthfhás ár gCathracha agus ár bPríomhbhailte a aithint;

8. **Cur chun feidhme níos láidre Rialachas MASPanna**
   Tá gá le cur chun feidhme níos láidre (le struchtúir rialachais riachtanacha) do cheantair chathrach Chorcaí, Luimnigh-na Sionainne agus Phort Láirge. Ba chóir ról níos gníomhaí a thabhairt do na Tionóil Réigiúnacha freisin i gcás ina bhfuil bacainní ar chomhoibriú nó i gcás ina bhfeidhmíonn údaráis áitiúla ar bhealach lena gcuirfí bac suntasach ar chur chun feidhme an SRSE;

9. **Ról feabhsaithe do na Tionóil Réigiúnacha i bPleananna Forbartha agus Ceantair Áitiúil na nÚdarás Áitiúil**
   Ba chóir go mbeadh feidhm reachtúil ag na Tionóil Réigiúnacha i gcónaí maidir le hathruithe ábhartha ar dhréachtphleananna forbartha agus pleananna ceantair áitiúil do Phríomhbhailte;

10. **10. Ról feabhsaithe do na Tionóil Réigiúnacha sa Ghníomhú ar son na hAeráide**
    Tá Tionóil Réigiúnacha le bheith ina gcomhlachtaí forordaithe maidir le haighneachtaí ar phleananna um ghníomhú ar son na haeráide na n-údarás áitiúil chun comhleanúnachas le pleanáil spáis a a chinntiú.

6.4. Na Chéad Chéimeanna Eile

D'fhaomh Comhaltaí Thionól Réigiúnach an Deiscirt an Tuarascáil seo ag cruinniú an Tionóil i Meán Fómhair 2024 agus cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) í lena breithniú.

Breithneoidh an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) Tuarascáil Monatóireachta an Tionóil Réigiúnaigh agus d'fhéadfadh sé moltaí a dhéanamh don Aire maidir le bearta ábhartha chun tacú tuilleadh le cur chun feidhme an SRSE.

Aguisíní



Aguisín 1: Aighneachtaí a Fuarthas ó Chomhlachtaí Poiblí agus Údaráis Áitiúla

Aighneachtaí a Fuarthas ó Chomhlachtaí Poiblí 2024	
Comhlacht Poiblí	**Nasc**
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Department_of_Agriculture%2C_Food_and_the_Marine.pdf
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Department_of_Children%2C_Equality%2C_Disability%2C_Integration_and_Youth.pdf
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Department_of_Enterprise%2C_Trade_and_Employment.pdf
An Roinn Airgeadais	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Department_of_Finance.pdf
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Department_of_Further_and_Higher_Education_Research_Innovation_and_Science.pdf
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Department_of_Housing%2C_Local_Government_and_Heritage_Section_25A_-_Monitoring_Report_2024_for_the_SRA.pdf
An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an PFN agus Athchóirithe	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Department_of_Public_Expenditure%2C_NDP_Delivery_and_Reform.pdf
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Department_of_Rural_and_Community_Development.pdf
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Department_of_the_Environment%2C_Climate_and_Communications.pdf
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Department_of_Tourism%2C_Culture%2C_Arts%2C_Gaeltacht%2C_Sport_and_Media.pdf
An Roinn Iompair	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Department_of_Transport.pdf

Aighneachtaí a Fuarthas ó Údaráis Áitiúla 2024	
Údarás Áitiúil	**Nasc**
Ceatharlach	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Carlow.pdf
An Clár	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Clare.pdf
Cathair Chorcaí	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Cork_City.pdf
Contae Chorcaí	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Cork_County.pdf
Ciarraí	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Kerry_.pdf
Cill Chainnigh	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Kilkenny_.pdf
Luimneach	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Limerick_City__County.pdf
Tiobraid Árainn	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Tipperary_County.pdf
Port Láirge	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Waterford_City__County.pdf
Loch Garman	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Wexford_County.pdf

Aguisín 2: Liosta na gCuspóirí Beartais Réigiúnacha (CBRanna)

CBR	Téacs mar a Fheictear é i nDoiciméad an SRSE
CBR 1	Measúnú Timpeallachta
CBR 2	Pleanáil do Cheantair Éagsúla
CBR 3	Príomhstraitéisí na nÚdarás Áitiúil
CBR 4	Infheistíocht sa Bhonneagar
CBR 5	Fás Daonra agus Critéir Chomhshaoil
CBR 6	Comhoibriú idir na Ceantair Chathrach
CBR 7	Soláthar agus Maoiniú
CBR 8	Infheistíocht chun an Fhís do Cheantair Chathrach a Bhaint Amach
CBR 9	Cur Chuige Iomlánaíoch maidir le Bonneagar a Sheachadadh
CBR 10	Dlúthfhás i gCeantair Chathrach
CBR 11	Príomhbhailte
CBR 12	Cathair Chill Chainnigh
CBR 13	Inis
CBR 14	Ceatharlach
CBR 15	Trá Lí
CBR 16	Loch Garman
CBR 17	Cluain Meala
CBR 18	Cill Áirne
CBR 19	Mala
CBR 20	An tAonach
CBR 21	Durlas
CBR 22	An Caisleán Nua Thiar
CBR 23	Cloich na Coillte
CBR 24	Dún Garbhán
CBR 25	Guaire
CBR 26	Bailte agus Sráidbhailte
CBR 27	Tuaithe
CBR 28	Comhoibriú/Comhpháirtíocht

CBR 29	Líonraí Lonnaíochtaí Tuaithe
CBR 30	Líonraí Idir-Uirbeacha mar Spreagthaí Réigiúnacha Comhoibrithe agus Fáis
CBR 31	Creat Áiteanna Inbhuanaithe
CBR 32	Atógáil Éireann
CBR 33	Measúnú ar an Éileamh ar Thithe (HNDA)
CBR 34	Forbairt Athghiniúna, Athfhorbraíochta agus Inlíonta
CBR 35	Tacaíocht i gcomhair Dlúthfháis
CBR 36	An Ghníomhaireacht Forbartha Talún
CBR 37	Bainistíocht Ghníomhach Talún
CBR 38	Tosaíochtaí Tionscnamh Iarfheistithe
CBR 39	Deiseanna Eacnamaíochta agus Rogha dár Saoránaigh go léir
CBR 40	Athléimneacht Eacnamaíoch Réigiúnach
CBR 41	Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh (CEA)
CBR 42	An Chonair Thoir
CBR 43	Geilleagar Tuaithe agus Dea-Chleachtais AE
CBR 44	Comhbheartas Talmhaíochta
CBR 45	Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus Clár Forbartha Tuaithe 2014-2020
CBR 46	Bonneagar Digiteach agus Fisiciúil i gCeantair Thuaithe
CBR 47	Samhlacha Comhpháirtíochta Tuaithe
CBR 48	Moil Nuálaíochta agus Ionaid Bairr Feabhais
CBR 49	Nuálaíocht i gCeantair Thuaithe
CBR 50	Éagsúlú
CBR 51	Braislí Eacnamaíochta agus Éiceachórais
CBR 52	Corparáidí Ilnáisiúnta (MNC) agus Naisc Tionscal Dúchasach
CBR 53	Turasóireacht
CBR 54	Turasóireacht agus an Timpeallacht
CBR 55	Miondíol
CBR 56	Geilleagar Ísealcharbóin
CBR 57	Ráiteas Beartais Náisiúnta um Bithgheilleagar
CBR 58	Bithgheilleagar agus Ceantair Thuaithe
CBR 59	Mol Náisiúnta Bithgheilleagair i Lisín
CBR 60	Fiontraíocht Shóisialta

CBR 61	Iniúchadh Áite Sláinte (HPA) le haghaidh Comhfhorbairt Áite
CBR 62	Suíomhanna le haghaidh Forbairt Fostaíochta
CBR 63	Scileanna agus Tallann
CBR 64	Bunú gnólachtaí nua, fás agus atheagrú tionsclaíochta a éascú
CBR 65	Fiontraithe ón gcoigrích a mhealladh agus Fiontraithe Éireannacha a choinneáil
CBR 66	Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht eacnamaíoch éiceachóras
CBR 67	Tacaíocht Fiontraíochta agus Nuálaíochta
CBR 68	Infheistíocht Réigiúnach
CBR 69	Dea-chleachtas Idirnáisiúnta
CBR 70	Acmhainn Tairisceana
CBR 71	Bonn Fianaise Comhroinnte
CBR 72	Brexit
CBR 73	Brandáil Idirnáisiúnta an Réigiúin agus clú
CBR 74	Córas Bainistíochta Riosca Eacnamaíoch
CBR 75	Athruithe Struchtúrtha Eacnamaíocha a Réamh-mheas
CBR 76	Geilleagar Muirí
CBR 77	Pleanáil Spásúlachta Mhuirí – Comhsheasmhacht agus Ailíniú
CBR 78	Ceannródaí faoin gCreat Náisiúnta Pleanála Muirí
CBR 79	Pleananna Inbhear na Sionainne agus Cuanta Eile
CBR 80	Acmhainní Muirí agus Geilleagar Gorm
CBR 81	Ionaid Iascaigh Cuain agus Cuanta Údaráis Áitiúil
CBR 82	An Earnáil Bia Mara
CBR 83	Pobail Oileáin agus Chósta
CBR 84	Straitéisí Forbartha an Ghrúpa Limistéir Áitiúil Iascaireachta (FLAG).
CBR 85	Fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta
CBR 86	Braisle Mhuirí
CBR 87	Todhchaí Fuinnimh Ísealcharbóin
CBR 88	Plean Náisiúnta um Maolú agus Creat Náisiúnta um Oiriúnú
CBR 89	Athléimneacht i leith an Athraithe Aeráide a Fhorbairt
CBR 90	Dícharbónú Réigiúnach
CBR 91	Dícharbónú san Earnáil Iompair
CBR 92	Bonneagar Feithiclí Leictreacha

CBR 93	Bonneagar CNG & EV
CBR 94	Dícharbónú san Earnáil Talmhaíochta
CBR 95	Giniúint Fuinnimh In-athnuaite Inbhuanaithe
CBR 96	Foinsí Fuinnimh In-athnuaite Inbhuanaithe a Chomhtháthú
CBR 97	Ionaid Chumhachta agus Fuinneamh In-athnuaite
CBR 98	Straitéis Réigiúnach Fuinnimh In-athnuaite
CBR 99	Fuinneamh Gaoithe In-athnuaite
CBR 100	Táirgeadh Dúchasach Fuinnimh In-athnuaite agus Instealladh Eangaí
CBR 101	Mol Idirnáisiúnta do Nuálaíocht Fuinnimh
CBR 102	Maoiniú do Thaighde Fuinnimh
CBR 103	Bonneagar Idirnasctha
CBR 104	Stóráil Fuinnimh agus Ceapadh Carbóin
CBR 105	Teicneolaíochtaí Glana Teasa Leictrigh & Téamh Ceantair
CBR 106	Díonadh agus Iarfheistiú Amach Anseo
CBR 107	Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt 2015-2021
CBR 108:	Plean Gníomhaíochta an Aontais don Gheilleagar Ciorclach
CBR 109	Plean Cur Chun Feidhme Bithfhuinnimh
CBR 110	Seirbhísí Éiceachórais
CBR 111	Foinsí Uisce
CBR 112	Cáilíocht an Uisce
CBR 113	Treoir maidir le Tuilte
CBR 114	Córas Bainistíochta Riosca Tuilte
CBR 115	Pleananna Bainistíochta Riosca Tuilte
CBR 116	Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte
CBR 117	Bainistíocht Riosca Tuilte agus Bithéagsúlacht
CBR 118	Bainistíocht Riosca Tuilte agus Oibreacha Caipitil
CBR 119	Scéimeanna Faoisimh Tuilte
CBR 120	Tuilte agus Creimeadh Cósta
CBR 121	Comhoibriú Éifeachtach chun Abhantraí a Chur chun Feidhme Pleananna Bainistíochta agus an Chreat-treoir Uisce
CBR 122	Córais Draenála Inbhuanaithe
CBR 123	Plean Bainistíochta Abhantraí agus Pleanáil Spáis
CBR 124	Bonneagar Glas

CBR 125	Conairí Bonneagair Ghlais
CBR 126	Bithéagsúlacht
CBR 127	Speicis Ionracha
CBR 128	Plean Uile-Éireann um Pailneoirí 2015 – 2020
CBR 129	Tírdhreach
CBR 130	Caighdeán an Aeir
CBR 131	Torann
CBR 132	Páirceanna agus Anaclanna 'Spéartha Dorcha'
CBR 133	Cathracha Cliste
CBR 134	Cathracha Cliste agus Réigiún Cliste
CBR 135	Tarchur Digiteach Idirnáisiúnta Ardcháilíochta Ardchaighdeáin
CBR 136	Plean Náisiúnta Leathanbhanda (PNL)
CBR 137	Bonneagar Móibíleach
CBR 138	Straitéisí Digiteacha
CBR 139	Nascacht Idirnáisiúnta Ísealcharbóin
CBR 140	Nascacht Idirnáisiúnta
CBR 141	Straitéis Lastais Réigiúnach.
CBR 142	Calafoirt
CBR 143	Calafoirt agus Aerfoirt
CBR 144	Bonneagar Calafoirt
CBR 145	Straitéis Calafoirt agus Cuanta do Réigiún an Deiscirt
CBR 146	Nascacht Idirnáisiúnta Ardchaighdeáin – Calafoirt
CBR 147	Deiseanna Eacnamaíochta na gCalafort
CBR 148	Beartas Náisiúnta Eitlíochta
CBR 149	Straitéis Aerfoirt do Réigiún an Deiscirt
CBR 150	Nascacht Idirnáisiúnta Ardchaighdeáin – Aerfoirt
CBR 151	Úsáid Talún agus Iompar a Chomhtháthú
CBR 152	Cuspóirí Pleanála Áitiúla
CBR 153	Acmhainn na Nasc Bóthair Idir-Uirbeach
CBR 154	Pleananna Úsáide Talún
CBR 155	Sócmhainní Iompair an Réigiúin a Bhainistiú
CBR 156	Infheistíocht Stáit Sheasta

CBR 157	Pleananna Iompair Áitiúil
CBR 158	Nascacht Tuaithe Idir-réigiúnach
CBR 159	Ról an Iompair maidir le Rochtain a Éascú do Chách
CBR 160	Soghluaisteacht Cliste agus Inbhuanaithe
CBR 161	Soghluaisteacht Chliste
CBR 162	Comhtháthú Taistil Ilmhódaigh
CBR 163	Spriocanna um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe
CBR 164	Straitéisí Iompar na gCeantar Cathrach
CBR 165	Ard-dlús
CBR 166	Infheistíocht in Iompar Ilmhódach Straitéiseach Idir-Réigiúnach Nascacht le Ceantair Chathrach agus Conairí Eacnamaíocha
CBR 167	Tionscadail Bóithre Náisiúnta
CBR 168	Infheistíocht i mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla
CBR 169	Tosaíochtaí Sraitéiseacha Feabhsaithe an Líonra Bóithre
CBR 170	Iarnród
CBR 171	Bus
CBR 172	Iompar Tuaithe
CBR 173	Conairí Turasóireachta
CBR 174	Siúl agus Rothaíocht
CBR 175	Feabhas a chur ar Chaighdeán na Beatha sa Réigiún trí Phleanáil bunaithe ar Bhonneagar
CBR 176	Coincheapa na gcathracha agus na mbailte 10 nóiméad
CBR 177	Cúram Leanaí, Oideachas, agus Seirbhísí Sláinte
CBR 178	Seirbhísí Sláinte Uilíocha
CBR 179	Sochaí Éagsúil atá Cuimsitheach go Sóisialta
CBR 180	Obair Dheonach agus Saoránacht Ghníomhach
CBR 181	Rochtain Chothrom
CBR 182	Daonra atá ag Dul in Aois
CBR 183	Straitéisí Digiteacha
CBR 184	TUSE agus MTU
CBR 185	Saoráidí Nua do Scoileanna
CBR 186	Foghlaim ar Feadh an tSaoil
CBR 187	Oideachas agus Oiliúint

CBR 188	Fóraim Pleanála Réigiúnaí
CBR 189	Breisoideachas agus Breisoiliúint
CBR 190	Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Tionscnaimh Cathracha Sláintiúla.
CBR 191	Earnálacha Cultúir agus Cruthaitheachta
CBR 192	Beartais agus Cuspóirí Cultúrtha
CBR 193	Comhpháirtíochtaí Réigiúnacha Comhoibríocha
CBR 194	Na hEalaíona, Oidhreacht agus Cultúr
CBR 195	Pleananna Teanga
CBR 196	Gaeltacht
CBR 197	Líonra Gaeilge
CBR 198	Eagraíochtaí Spóirt agus Pobail
CBR 199	Tionscadail Spóirt Níos Mó
CBR 200	Bonneagar Glas agus Caitheamh Aimsire
CBR 201	Conairí Náisiúnta, Bealaí Siúlóide, Conairí Glasbhealaigh agus Gormbhealaigh
CBR 202	Sócmhainní Oidhreachta Nádúrtha, Bithéagsúlachta agus Oidhreachta Tógtha
CBR 203	Athbheochan Croíláir Stairiúil
CBR 204	Rochtain Phoiblí Níos Fearr
CBR 205	Oidhreacht Thógtha
CBR 206	Oidhreacht Ailtireachta
CBR 207	Imscrúdú Seandálaíochta
CBR 208	Uisce Éireann agus Soláthar Uisce
CBR 209	Tionscadail Straitéiseacha Soláthair Uisce
CBR 210	Pleananna Cosanta d'Uisce Óil
CBR 211	Uisce Éireann agus Fuíolluisce
CBR 212	Saoráidí Straitéiseacha Cóireála Fuíolluisce
CBR 213	Cláir Chóireála Fuíolluisce Tuaithe
CBR 214	Deireadh a chur le Scaoileadh Neamhchóireáilte agus Pleanáil Fhadtéarmach
CBR 215	Deighilt Líonraí Uisce Bhréin agus Uisce Dromchla
CBR 216	Seirbhísiú Sráidbhailte Tuaithe
CBR 217	Bonneagar Uisce Stoirme
CBR 218	Draenáil Uirbeach Inbhuanaithe agus Buaint Uisce Báistí
CBR 219	Bonneagar Fuinnimh Nua

CBR 220	Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite (I-SEM)
CBR 221	Líonra Giniúna agus Tarchuir Fuinnimh In-athnuaite
CBR 222	Bonneagar Leictreachais
CBR 223	Bonneagar Idirnáisiúnta Idirnaisc Fuinnimh
CBR 224	Seachadadh Líonraí Fuinnimh
CBR 225	Líonra Gáis
CBR 226	Sásra Cur chun Feidhme don Straitéis agus do MASPanna
CBR 227	Infheistíocht agus Maoiniú
CBR 228	Tionscnaimh an Fháis Chliste
CBR 229	Monatóireacht a Dhéanamh ar an Straitéis

Aguisín 3: Aighneachtaí a rinne TRD in 2022 agus in 2023

Aighneachtaí TRD 2022		
Ainm an Doiciméid	**Dáta**	**Nasc**
Leasuithe Molta ar Dhréachtphlean Forbartha Contae Chorcaí 2022-2028	15 Feabhra 2022	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/SRA_Obs_to_Draft_Cork_County_CDP_Proposed_Amendments_15-2-22.pdf
Aighneacht chuig Dréachtphlean Forbartha Contae Chiarraí 2022-2028	15 Meitheamh 2022	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/SRA_Obs_to_Kerry_County_Council_CDP_Material_Amendments_15-6-22.pdf
Aighneacht chuig an Dréachtphlean Acmhainní Uisce Réigiúnach - Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre Plean Leantach Teicniúil leis an Aighneacht Tosaigh ar Chomhairliúchán an Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce	21 Márta 2022	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/For_website_-_subs_section.pdf
Athruithe Ábhartha Beartaithe ar Dhréachtphlean Forbartha Chontae Cheatharlach 2022-2028	22 Márta 2022	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Carlow_Mat_Alts_22nd_March.pdf
Dréachtphlean Forbartha an Chláir 2023-2029.	28 Márta 2022	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Clare_Draft.pdf

Athruithe Ábhartha Molta ar Dhréachtphlean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge 2022-2028	1 Aibreán 2022	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Waterford_Mat_Alts.pdf
Athruithe Ábhartha Beartaithe ar Dhréachtphlean Forbartha Luimnigh 2022-2028	11 Aibreán 2022	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Limerick_Mat_Alts.pdf
Aighneacht chuig Dréachtstraitéis Iompair Cheantar Cathrach Phort Láirge	12 Iúil 2022	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/SRA_Submission_to_Draft_WMATS_12-7-2022_FINAL_ISSUE.pdf
Aighneacht chuig an Dréachtphlean Acmhainní Uisce Réigiúnach - Réigiún an Iardheiscirt Plean Leantach Teicniúil leis an Aighneacht Tosaigh ar Chomhairliúchán an Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce	24 Lúnasa 2022	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/24_August_SRA_Submission_to_IW_RWRP-_SW_24-8-22-Final.pdf
Comhairliúchán Réamhdhréachta ar ullmhú Comhphlean Uirbigh Áitiúil do Cheantar Cheatharlach-na Gráige 2023-2029	14/10/2022	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/17th_Oct_SRA_Sub_to_LAOIS_on_Pre_Draft_CGJUP_DRAFT_14-10-22_F.pdf
Aighneacht chuig Ullmhú Mháistirphlean Chalafort Chorcaí 2050	28 Deireadh Fómhair 2022	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/01_November_SRA_Submission_to_Port_of_Cork_Masterplan_2050.pdf
Aighneacht chuig Straitéis Tarlaithe Bóthair na hÉireann 2022-2031	30 Samhain 2022	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/SRA_Submission_to_Irelands_Road_Haulage_Strategy_2022-2031_.pdf

Aigneachtaí TRD 2023-31 Eanáir 2024		
Ainm an Doiciméid	**Dáta**	**Nasc**
Aighneacht chuig Dréacht-Treoir ar Phlean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029	11/5/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/DP_23001_FINAL_SRA_Response_to_Section_31_Ministers_Direction_Clare_County_Development_Plan_11052023.pdf
Páipéar Saincheisteanna Réamhdhréachta Baile na Sionainne	03/08/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/LP_23004_Final_Obs_Shannon_Predraft_LAP_03.08.2023.pdf
Páipéar Saincheisteanna Réamhdhréachta Baile Loch Garman	03/08/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/LP_23005_OBs_Wexford_Town_LAP_IP_Aug_2023.FINAL_3_.8.pdf
Athruithe Ábhartha Molta ar Dhréachtphlean Ceantair Áitiúil Chluain Meala	18/12/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/LP_23006_rlap-13-david-kelly.pdf
Leasuithe Molta ar Phlean Ceantair Áitiúil an Aonaigh 2024-2030	18/12/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/G_23007_SRA-Response_to_National_Port_Policy_-15-01-24.pdf
Leasuithe Ábhartha Molta ar Phlean Ceantair Áitiúil Dhurlais 2024-2030	18/12/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/LP_23008_Thurles_Mat_Amendments.pdf
Aighneacht TRD chuig Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin - Dréacht-Tuarascáil do Chomhairliúchán ar Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta	29/09/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/22_GD001_SRA_Response_to_All_Island_Strategic_Rail_Review_-_Consultation_for_SEA_-_29-9-23.pdf
Aighneacht TRD chuig an Dréachtphlean Réigiúnach Acmhainní Uisce - Réigiún an Oirdheiscirt	03/10/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/A_23002_SRA_Submission_to_IW_RWRP-_SE_-_FINAL_3.10.2023.pdf
Aighneacht TRD chuig na hAthruithe Ábhartha Beartaithe ar Dhréachtphlean Ceantair Áitiúil an Chaisleáin Nua 2023-2029	23/10/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/FINAL_Obs_Mat_Amendments_Newcastle_West_LAP.pdf

Aighneacht TRD chuig Athbhreithniú Meántéarma ar Chlár na nAerfort Réigiúnach 2021-2025 Comhairliúchán	16/06/02023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/G_23003_SRA_Submission_to_Regional_Airport_Strategy_Review-Final_16th_June_2023.pdf
Aighneacht TRD chuig Comhairliúchán Molta DMAP um Fhuinneamh In-athnuaite an Chósta Theas	06/10/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/G_23004_SRA_Submission_to_South_Coast_DMAP_Proposal_-_6-10-2023.pdf
Aighneacht TRD chuig na Treoirlínte um Lonnaíochtaí Inbhuanaithe agus Dlúth d'Údaráis Phleanála - Dréacht le haghaidh Comhairliúcháin Lúnasa 2023	05/10/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/G_23005_FINAL_SRA_Submission_on_Draft_Sustainable_and_Compact_Settlement_Guidelines.pdf
Aighneacht TRD chuig an Straitéis Náisiúnta Tionscail do Chomhairliúchán Gaoithe Amach ón gCósta	07/11/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/G_23006SRA-Response_to_National_Industrail_Strategy_for_Offshore_Wind-7-11-23.pdf
Aighneacht chuig an gComhairliúchán Poiblí le haghaidh Athbhreithniú ar Bheartas Náisiúnta na gCalafort	15/01/2024	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/G_23007_SRA-Response_to_National_Port_Policy_-15-01-24.pdf
Aighneacht TRD chuig Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Chluain Meala agus an Cheantair Máguaird 2024-2030	11/09/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/LP_23006_Draft_Clonmel_Local_Area_Plan_2024-2030.pdf
Aighneacht TRD chuig Dréachtphlean Ceantair Áitiúil an Aonaigh agus an Cheantair Máguaird 2024-2030	11/09/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/LP_23007_Draft_Nenagh_Local_Area_Plan_2024-2030.pdf
Aighneacht TRD chuig na hAthruithe Ábhartha Beartaithe ar Dhréachtphlean Ceantair Áitiúil an Aonaigh agus an Cheantair Máguaird 2024-2030	18/12/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/LP_23007_rlap-8-david-kelly.pdf

Aighneacht TRD chuig Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Dhurlais agus an Cheantair Máguaird 2024-2030	11/09/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/LP_23008_Draft_Thurles_Local_Area_Plan_2024-2030.pdf
Aighneacht TRD chuig Dréachtphlean Ceantair Áitiúil an Chaisleáin Nua 2023-2029	19/06/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Obs_Newcastle_West_LAP_FINAL_19.06.2023.pdf
PEÁP Chill Chainnigh	26/04/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Letter_to_Kilkenny_County_Council_re._LECP_Statement_26_.4.23.pdf
PEÁP Loch Garman	11/7/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Letter_to_Wexford_County_Council_LECP_Statement.pdf
PEÁP Cheatharlach	16/8/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Letter_to_Carlow_County_Council_LECP_Statement.pdf
PEÁP Phort Láirge	27/09/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/E_23004_Letter_Waterford_LECP_Statement_of_Consistency.pdf
PEÁP Thiobraid Árainn	13/11/2023	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/E_23005_Letter_Tipperary_LECP_Statement_of_Consistency.pdf
PEÁP Chontae Chorcaí	16/01/2024	https://www.southernassembly.ie/uploads/general-files/Letter_Cork_County_LECP_Statement_of_Consistency.pdf

Tionól Réigiúnach an Deiscirt

Southern Regional Assembly

Tionól Réigiúnach an Deiscirt
Teach an Tionóil,
Sráid Uí Chonaill,
Port Láirge,
Éire
X91 F8PC

+353 (01) 51 860700

info@southernassembly.ie

www.southernassembly.ie